**Scéim na gConairí Bus Lárnacha Thamhlachta/ Chluain Dolcáin go Lár na Cathrach**

Aibreán 2023

# Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT)

**Imleabhar 1**

Achoimre Neamhtheicniúil

BUS CONNECTS

SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY.

# Clár an Ábhair

**1. Réamhrá ... 1**
1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí ... 4
1.2 Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) ... 5
**2. Próiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta ... 6**
2.1 Próiseas MTT ... 6
**3. Gá leis an Scéim Bheartaithe ... 7**
3.1 Comhthéacs ... 7
3.2 Tionscadal Éireann 2040 - An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ... 7
3.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 ... 7
3.4 Straitéis Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath ... 8
**4. Comhairliúchán ... 10**
4.1 Comhairliúchán maidir le Rogha BTTCC ... 10
4.2 Comhairliúcháin maidir le RBT ... 10
4.3 Comhairliúchán le Comhlachtaí Forordaithe agus Comhairlí Eile ... 11
4.4 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún ... 11
4.5 Comhairliúchán le Muintir na hÁite agus le Lucht Gnó. ... 11
**5. Roghanna a Measadh ... 12**
5.1 Roghanna Straitéiseacha ... 12
5.2 Roghanna Bealaigh ... 13
5.3 Roghanna Eile Dearaidh ... 15
**6. Cur Síos ar an Scéim Bheartaithe ... 17**
6.1 Cuid 1: Tamhlacht go Baile an Mhóta ... 18
6.2 Cuid 2: Baile an Mhóta go Cromghlinn ... 20
6.3 Cuid 3: Cromghlinn go dtí an Chanáil Mhór ... 20
6.4 Cuid 4: An Chanáil Mhór go Teampall Chríost ... 22
6.5 Cuid 5: Siúlán Áth na Coille (R113) / Bóthar Nangair Nua (R134) chuig an acomhal Bóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bóthar an Náis (810) / Bóthar Nangair Nua (R134) ... 23
6.6 Cuid 6: Acomhal Bhóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bhóthar an Náis (R810) / Bhóthar Nangair Nua (R134) le Droimeanach. ... 24
**7. Tógáil ... 26**
7.1 Plean Bainistíochta Timpeallachta Tógála ... 39
7.2 Plean Bainistíochta Tráchta Tógála ... 40
**8. Tionchair Timpeallachta agus Bearta Maolaithe ... 41**
8.1 Trácht agus Iompar ... 42
8.2 Caighdeán Aeir ... 44
8.3 Aeráid ... 45
8.4 Torann & Creathadh ... 47
8.5 Daonra ... 48
8.6 Sláinte Daoine ... 49
8.7 Bithéagsúlacht ... 51
8.8 Uisce ... 53

8.9 Talamh, Ithreacha, Geolaíocht & Hidrigeolaíocht ........ 55
8.10 Oidhreacht Seandálaíochta & Chultúrtha ........ 56
8.11 Oidhreacht Ailtireachta ........ 58
8.12 Tírdhreach (Bailedhreach) & Amhairc ........ 61
8.13 Dramhaíl & Acmhainní ........ 64
8.14 Sócmhainní Ábhair ........ 66
8.15 Riosca Timpistí agus / nó Tubaistí Móra ........ 68
8.16 Tionchair Charnacha & Idirghníomhaíochtaí Timpeallachta ........ 69
**9. Cad a tharlóidh anois? ........ 72**

# 1. Réamhrá

Is é atá sa doiciméad seo ná an Achoimre Neamh-Theicniúil (ANT) ar an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) do Scéim na gConairí Bus Lárnacha Thamhlachta/Chluain Dolcáin go Lár na Cathrach (dá ngairtear an Scéim Bheartaithe san Achoimre Neamh-Theicniúil seo). Tacóidh an Scéim Bheartaithe le húsáid iompair chomhtháite inbhuanaithe trí fheabhas a chur ar an mbonneagar do thaisteal gníomhach (idir choisíocht agus rothaíocht), agus trí bhearta feabhsaithe a sholáthar chun tosaíocht a thabhairt do bhusanna - bearta do sheirbhísí reatha (idir phoiblí agus phríobháideach) agus bearta do gach seirbhís a bhainfidh úsáid as an gconair sa todhchaí.


Tá bealach tuairim is 15.5km ar fad molta sa Scéim Bheartaithe agus tá sé roinnte ina dhá chuid; is iad sin an chuid ó Thamhlacht go lár na Cathrach agus an chuid ó Chluain Dolcáin go Droimeanach.

Tosaíonn an chuid den bhealach ó Thamhlacht go Lár na Cathrach ag acomhal Bhóthar Bhaile Coimín le Bealach Bhaile an Chócaigh agus ritheann sé feadh Chearnóg Belgard Thiar, feadh Chearnóg Belgard Thuaidh, feadh Chearnóg Belgard Thoir agus feadh Bhóthar Bhaile Choimín go dtí acomhal an R819 (Bóthar na nGlaschnoc) le Páirc Bancroft. Ritheann an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe as seo feadh an R819 (Bóthar na nGlaschnoc) go dtí Timpeallán Bhaile Bhailcín trí bhóithre nua ceangail; sa limistéar glas lastoir d’Ascaill Radharc na Beithe/Bóthar Ghort na gCrann, sa limistéar glas laisteas d’Ascaill Bhaile an Mhóta agus sa limistéar glas lastoir de Bhóthar Calmount. Ritheann an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe ó Thimpeallán Bhaile Bhailcín feadh an R819 (Bóthar Bhaile Bhailcín) go dtí acomhal an R110 (Bóthar an Mhíle Fhada) le Bóthar Dhroimeanaigh. Is ag an acomhal seo a thosaíonn an croíbhealach atá comhroinnte leis an gcuid den bhealach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach agus ritheann an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe feadh an R110 go dtí acomhal Shráid an Déin le Sráid Phádraig, trí Bhóthar Dhroimeanaigh, trí Bhóthar Chromghlinne, tríd an gCarnán, trí Shráid Chorcaí, trí Ascaill Lúcáis agus trí Shráid an Déin. Ritheann an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe as seo feadh an R137 trí Shráid Phádraig go dtí acomhal Shráid an Fhíona le Plás Theampall Chríost, áit a gcríochnaíonn an bealach beartaithe i lár na Cathrach.

Tosaíonn an chuid den bhealach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach ag acomhal Bhóthar Nangair Nua le Siúlán Áth na Coille agus ritheann sé feadh an R134 (Bóthar Nangair Nua), feadh an R810 (Bóthar an Náis), feadh an R112 (Ascaill Bhaile Bhailcín) agus feadh an R110 (Bóthar an Mhíle Fhada) go dtí acomhal Bhóthar Bhaile Bhailcín le Bóthar Dhroimeanaigh, agus ritheann sé as sin feadh an chuid sin den chroíbhealach atá comhroinnte i dtreo lár na cathrach, faoi mar atá leagtha amach thuas.

Chomh maith leis an bpríomhchonair, tá rogha eile rotharbhealaigh 3.9km ar fad beartaithe feadh Bhóthar Bunting, feadh Bhóthar Mhuire, feadh Bhóthar Chill Dara agus feadh Bhóthar an Chlochair agus nascfaidh sé le rotharbhealach na Canálach Móire ag Bóthar Parnell.

Tá an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe leagtha amach in Íomhá 1.1 agus tá Líníochtaí Socraithe Ginearálta den Scéim Bheartaithe i gceangail leis an ANT (Achoimre Neamh-Theicniúil) seo.




**Íomhá 1.1: Bealach na Scéime Beartaithe**

Cuirfear feabhas mór ar an eispéireas taistil ar sheirbhísí iompair phoiblí de thoradh na Scéime Beartaithe trí sholáthar tosaíochta bus, chomh maith le soláthar bonneagair fheabhsaithe do choisithe agus don rothaíocht feadh an chuid den bhealach ó Thamhlacht go Lár na Cathrach agus feadh an chuid den bhealach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach. Bíonn brú tráchta ar stráicí áirithe de na conairí rochtana seo faoi láthair, agus níl lánaí bus ná bonneagar rothaíochta ar fáil ach i gcorr áit. Mar sin, caitheann busanna agus rothaithe dul in iomaíocht leis an trácht ginearálta chun spás a fháil, rud a chuireann drogall ar dhaoine na modhanna iompair inbhuanaithe seo a úsáid.

Cuirfear feabhas ar na hagaí iomlána turais do bhusanna feadh an bhealaigh chomh maith le hiontaofacht na n-agaí turais sin a fheabhsú trí bhonneagar méadaithe tosaíochta bus a sholáthar faoin Scéim Bheartaithe.

Chomh maith leis na feabhsuithe ar agaí turais bus agus ar iontaofacht agaí turais, soláthróidh an Scéim Bheartaithe buntáistí suntasacha do rothaithe agus do choisithe. Forbraíodh dearadh na scéime le haird ar an

treoir inrochtaineachta ábhartha agus ar phrionsabail dearaidh uilíoch chun rochtain a sholáthar do gach úsáideoir.

Nuair a bheidh bonneagar ar leith curtha ar fáil le haghaidh rothaíochta feadh bhealach na Scéime Beartaithe, agus feadh bealaí comhthreomhara i gcásanna áirithe chomh maith, beidh turais ar rothair níos sábháilte agus níos tarraingtí. Maidir leis sin, soláthraíonn an Scéim Bheartaithe gnéithe suntasacha den Phlean Líonra Raonta Rothar do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI) nach bhfuil soláthar a dhóthain ann faoi láthair i gcuid mhór de - chomh maith le naisc a dhéanamh le scéimeanna rothaíochta eile atá ann cheana agus le cinn atá beartaithe agus le modhanna iompair inbhuanaithe, rud a bheidh ina chabhair chun líonra cuimsitheach raonta rothar a fhorbairt do Bhaile Átha Cliath.

Dhéanfaí roinnt oibreacha uasghrádaithe sa ríocht uirbeach, lena n-áirítear cosáin leathnaithe, tírdhreachtú crua agus bog ar ardchaighdeán, agus troscán sráide a chur ar fáil i limistéir ardghníomhaíochta, d’fhonn timpeallacht níos sábháilte agus níos tarraingtí a chruthú do choisithe.

Is é príomhchuspóir na Scéime Beartaithe, mar sin, athrú córa iompair ó spleáchas ar charranna a éascú trí fheabhsúcháin ar bhonneagar siúil, rothaíochta agus bus a sholáthar, rud a chuirfidh le córas iompair éifeachtach comhtháite agus le cathair ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

Tá an Scéim Bheartaithe ar cheann de 12 scéim atá le cur ar fáil faoi BusConnects Bhaile Átha Cliath - Oibreacha Bonneagair Conairí Bus Lárnacha (dá ngairtear Oibreacha Bonneagair CBL anseo feasta). Tá Oibreacha Bonneagair CBL ar cheann de na tionscnaimh laistigh de Chlár foriomlán BusConnects de chuid an ÚNI. Féachann an clár BusConnects le feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann, Baile Átha Cliath san áireamh, ionas go mbeidh turais ar bhusanna tapa, iontaofa, poncúil, áisiúil agus ar phraghas réasúnta. Tá na hOibreacha Bonneagair CBL atá beartaithe léirithe in Íomhá 1.2.




**Íomhá 1.2: Oibreacha Bonneagair CBL**

Táthar ag súil go gcuirfidh Oibreacha Bonneagair CBL, a luaithe agus atá siad tugtha chun críche, na Conairí Croí-Líonra Bus gathacha a sainaithníodh i Straitéis Iompair ÚNI do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 (dá ngairtear Straitéis Iompair MLBÁC) (ÚTI 2022).

## 1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí

Is é aidhm na Scéime Beartaithe bonneagar méadaithe siúil, rothaíochta agus bus a sholáthar ar an bpríomhchonair rochtana seo i réigiún Bhaile Átha Cliath, lena n-éascófar agus lena soláthrófar gluaiseacht iompair inbhuanaithe a bheidh éifeachtach, sábháilte, agus comhtháite feadh na conaire. Is iad cuspóirí na Scéime Beartaithe ná:

- Cumas agus acmhainneacht an chórais iompair phoiblí a mhéadú trí luasanna, iontaofacht agus poncúlacht busanna a fheabhsú trí lánaí bus agus bearta eile a sholáthar chun tús áite a chur ar fáil do ghluaiseacht busanna thar ghluaiseachtaí tráchta ghinearálta;
- An acmhainn le haghaidh rothaíochta a mhéadú trí bhonneagar sábháilte a sholáthar don rothaíocht, scartha ó thrácht ginearálta áit ar bith a bhfuil sé indéanta;
- Tacú le soláthar seirbhíse iompair phoiblí éifeachtúil, ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh aeráide de, a chuidíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhain amach;
- Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus talamhúsáid níos éifeachtaí i mBaile Átha Cliath a éascú, do ghlúnta reatha agus do ghlúnta amach anseo, trí líonraí iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil;
- Rochtain ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile a fheabhsú trí nascacht agus comhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe le seirbhísí iompair phoiblí eile a sholáthar; agus
- A chinntiú go mbreithneofar go cúramach ar an ríocht phoiblí i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair iompair agus féachaint le príomhphointí fócais uirbeacha a fheabhsú nuair is cuí agus nuair is féidir.

Bhí na haidhmeanna agus cuspóirí seo ina dtreoir do phleanáil agus do dhearadh na Scéime Beartaithe.

Is iad seo a leanas na torthaí a thiocfaidh as an Scéim Bheartaithe a sheachadadh:

- Líonra iompair phoiblí tarraingteach, athléimneach, cothrom a nascann pobail ar bhealach níos fearr agus a fheabhsaíonn rochtain ar obair, oideachas agus gníomhaíochtaí sóisialta;
- Líonra bonneagair iompair a éascú a thugann tosaíocht do shiúl agus do rothaíocht agus d'aistriú modha chuig iompar poiblí; agus
- Tacú le hacmhainn mhéadaithe eacnamaíoch agus sóisialta trí úsáid talún comhtháite agus pleanáil iompair chun an t-ualach ama taistil a laghdú.

## 1.2 Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair (ÚNI)

Is comhlacht reachtúil neamhthráchtála é an ÚNI, a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair. Bunaíodh an ÚNI de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, (arna leasú) (“Acht 2008”).

I gcás na Scéime Beartaithe, áirítear le feidhmeanna ÚNI tabhairt faoin bpróiseas deartha agus pleanála, gach toiliú forbartha a lorg (agus a fháil) lena n-áirítear faomhadh éigeantach gaolmhar ón mBord Pleanála, agus tógáil na Scéime Beartaithe (más rud é go gceadaítear é).

# 2. Próiseas Measúnachta Tionchair Timpeallachta

## 2.1 Próiseas MTT

Próiseas córasach agus atriallach is ea Measúnacht Tionchair Timpeallachta a scrúdaíonn na tionchair fhéideartha timpeallachta a bheadh ag scéim bheartaithe agus a bhunaíonn bearta deartha agus maolaithe iomchuí chun tionchair a sheachaint, a laghdú nó a chúiteamh.

Tá torthaí measúnachta tionchair timpeallachta na Scéime Beartaithe leagtha amach sa TMTT. Is é cuspóir an TMTT:

- Cur síos a dhéanamh ar na dálaí bonnlíne sula gcuirtear tús le hobair ar bith ar an Scéim Bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar an Scéim Bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar na modheolaíochtaí measúnaithe a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha timpeallachta na Scéime Beartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar shaincheisteanna timpeallachta agus ar aon tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh teacht chun solais le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibríochtúla den Scéim Bheartaithe;
- Breithniú a dhéanamh ar thionchair charnacha a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar thionchair fhéideartha ó scéimeanna eile in éineacht le tionchair thuartha na Scéime Beartaithe;
- Bearta maolaithe a mholadh chun na tionchair seo a laghdú nó a sheachaint; agus
- Na tionchair iarmharacha shuntasacha a tharlaíonn tar éis chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe molta a aithint.

Rinneadh na measúnuithe uile i gcomhréir le dea-chleachtas agus le treoirlínte infheidhme. Tá treoirlínte sainiúla in úsáid i roinnt caibidlí den TMTT nach mbaineann ach leis an disciplín áirithe sin amháin.

Is é atá san ANT seo ná Imleabhar 1 den TMTT agus tá achoimre ann ar an TMTT, lena n-áirítear príomhghnéithe na Scéime Beartaithe agus na tionchair thairbheacha agus dhíobhálacha a bhaineann leis an scéim agus atá tábhachtach.

Tá doiciméid na TMTT roinnte sna hImleabhair seo a leanas ar mhaithe le héascaíocht úsáide:

- Imleabhar 1 – ANT (an doiciméad seo);
- Imleabhar 2 – An Phríomhthuarascáil;
- Imleabhar 3 – Fíoracha; agus
- Imleabhar 4 – Aguisíní.

# 3. Gá leis an Scéim Bheartaithe

## 3.1 Comhthéacs

Bíonn go leor brú tráchta ar na bóithre mar gheall ar spleáchas ar an gcarr príobháideach agus cuireann an brú tráchta seo isteach ar ár gcaighdeán saoil, ar ár dtimpeallacht uirbeach agus ar shábháilteacht ar bhóithre mar gheall air seo. Tá sé tuartha go méadóidh daonra Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath go 1.5 milliún duine faoin mbliain 2040, agus mar sin beidh éileamh níos mó ar thaisteal ar bhóithre nach bhfuil in ann déileáil le haon trácht breise faoi láthair. Dá bhrí sin, tá gá le roghanna feabhsaithe iompair inbhuanaithe. Gan idirghabháil, beidh turais ar bhusanna, turais ar rothair agus turais de shiúl na gcos níos faide agus níos neamhiontaofa ar fud an réigiúin mar gheall ar bhrú tráchta agus cuirfidh sé sin isteach ar chaighdeán shaol na ndaoine. Ar an taobh eile den scéal, cabhraíonn bonneagar iompair inbhuanaithe le pobail níos inbhuanaithe agus le háiteanna níos sláintiúla a chruthú, agus cuireann sé borradh faoinár bhforbairt gheilleagrach ag an am céanna. Bíonn dea-thionchar aige ar shláinte agus ar fholláine nuair a chuirtear ar fáil i gceart é.

## 3.2 Tionscadal Éireann 2040 - An Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Leagtar amach sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030, faoin teideal 'Mórthionscadail Bonneagair Náisiúnta', rogha tionscadal a bhaineann le 'Soghluaisteacht Inbhuanaithe' agus atá áirithe sa Phlean mar 'Thosaíochtaí Infheistíochta Straitéisí'. Aithnítear mar sin an Scéim Bheartaithe, atá mar chuid d'Oibreacha Bonneagair Conairí Bus Lárnacha laistigh den chlár iomlán BusConnects, mar chuid de Thosaíocht Infheistíochta Straitéisí, le tiomantas infheistíochta bainteach a cinneadh mar chuid lárnach den fhís chun an Creat Náisiúnta Pleanála a fhíorú. Nuair a chuirtear an Scéim Bheartaithe i gcrích, beidh an bonneagar a theastaíonn uainn ar fáil chun cabhrú linn athrú ó spleáchas iomarcach ar charranna príobháideacha go coisíocht, go rothaíocht agus go córais iompair phoiblí.

## 3.3 Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023

Is é Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 an dara uasdátú bliantúil atá déanta ar Phlean Gníomhaithe ar son hAeráide 2019. Maidir leis an bplean seo, is é an chéad cheann ar ullmhaíodh é faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus i ndiaidh buiséid charbóin ar fud an gheilleagar agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála a thabhairt isteach in 2022. Cuireann an plean buiséid charbóin agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála i bhfeidhm agus leagann sé amach bealach chun cinn maidir le bearta cinntitheacha a dhéanamh chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht carbóin a bhaint amach nach déanaí ná 2050.

Éilíonn Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 gearradh siar nach beag a dhéanamh ar astaíochtaí iompair faoi 2030 d'fhonn uasteorainn astaíochtaí na hearnála sin a bhaint amach, agus í mar sprioc ag an earnáil iompair astaíochtaí a laghdú 50% faoi 2030. Maidir leis an gcur chuige a glacadh chun na spriocanna seo a bhaint amach, tá trí tsnáithe ag baint leis: 'Seachain' (úsáid talún a phleanáil chun an gá le taisteal a laghdú nó a sheachaint), 'Athrú' (athrú go modhanna éiceabhácha - iompar poiblí, taisteal aclaíochta), 'Feabhsú' (éifeachtúlacht fuinnimh theicneolaíochta feithiclí- éifeachtúlacht feithicle, a fheabhsú, breoslaí glana). Maidir leis na spriocanna ón bPlean roimhe seo (Plean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2021) rinneadh iad a nuashonrú chun *'líon na gciliméadar a thaistealaíonn feithiclí a laghdú 20%, úsáid breosla a laghdú, agus líon na dturas iompair inbhuanaithe agus an cion módach a mhéadú ar bhealach nach beag.*

Gníomh tábhachtach amháin atá sa Phlean chun maolú a dhéanamh ar iompar is ea an clár BusConnects a leathnú amach chuig cúig chathair (Baile Átha Cliath san áireamh).

Is ionann an Scéim Bheartaithe a chur i gcrích agus an t-infreastruchtúr iompair a sholáthar a bheidh de dhíth chun roghanna iompair inbhuanaithe a chur ar fáil a bheidh mar thaca leis na príomhghníomhaíochtaí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023. Maidir leis an Scéim Bheartaithe, leathnóidh, feabhsóidh agus nascfaidh sí na líonraí coisíochta agus rothaíochta le chéile chomh maith le bheith ina chabhair chun aistriú córa iompair a éascú. Is léir go bhfuil dlúthbhaint idir na spriocanna a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 agus eochairthionscadail bonneagair iompair a chur i gcrích, amhail an Clár BusConnects agus an Scéim Bheartaithe dá réir.

## 3.4 Straitéis Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath

Tagann an Straitéis Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 in áit na straitéise iompair a bhí ann cheana (don tréimhse ó 2016 go 2035). Is é móraidhm na straitéise "Córas iompair inbhuanaithe, inrochtana agus éifeachtach a sholáthar do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a bhainfidh amach riachtanais an réigiúin maidir le gníomhú ar son na haeráide, chomh maith le freastal ar phobail uirbeacha agus tuaithe agus tacú leis an ngeilleagar réigiúnach." Ceann de phríomhfhócais na straitéise úsáid móid iompair eile a mhéadu le go mbainfear amach cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta i ndáil le hastaíochtaí, brú tráchta agus spléachas ar charranna. Leagann seo treoir shoiléir síos i dtreo astaíochtaí CO2 a laghdú 50% sa Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath faoi 2030.

Dála an chur chuige a glacadh faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023, tá an Straitéis Iompair treoraithe ag an gcoincheap/ag na prionsabail de 'Seachain', 'Aistriú' agus 'Feabhsú' i dtaca le pleanáil comhtháite talún agus pleanáil iompair de agus rinneadh na bearta laistigh den Straitéis Iompair a rangú faoi na trí cheannteideal / théama seo.

Agus í ag iarraidh iompar inbhuanaithe a spreagadh, cuireann an Straitéis Iompair ordlathas na n-úsáideoirí bóithre san áireamh trí thús áite a thabhairt do choisithe agus do rothaithe curtha. Ó tharla níos mó úsáideoirí a bheith ann ná mar atá sé d'acmhainn ag iompar poiblí freastal orthu, caithfear tús áite a thabhairt dó ar an gcarr príobháideach agus líonraí iompair á ndearadh. Cuireann Straitéis Iompair MLBÁC 2022 - 2042 seachadadh BusConnects Bhaile Átha Cliath, ar cuid den Scéim Bheartaithe í, i gcroílár a cuid cuspóirí. Tá béim bhreise ar sheachadadh iompair phoiblí, taisteal gníomhach agus inrochtaineacht fheabhsaithe ar mhóid iompair inbhuanaithe, agus cabhróidh an Scéim Mholta iad sin ar fad a sheachadadh.

Tacaíonn an Scéim Bheartaithe leis an Straitéis Iompair a chur i bhfeidhm chomh fada agus a bhaineann sé le timpeallacht taistil aclaíochta a fheabhsú feadh na Scéime Beartaithe, fad is tá sí ag cur san áireamh agus ag tacú le cuspóirí pleanála i leith coisithe agus i leith na ríochta poiblí ar bhonn áitiúil. Chomh maith leis sin, cuirfear feabhas ar an sráid-dreach /ríocht uirbeach atá ann faoi láthair feadh na conaire, de thoradh na Scéime Beartaithe. Áireofar leis seo, feabhas mór a chur ar áiseanna trasnaithe do choisithe, tírdhreachú nua feabhsaithe a dhéanamh feadh na conaire le scéim plandaithe a bheidh ag teacht leis, agus feabhas a chur ar shráid-dreacha ag suíomhanna tábhachtacha, rudaí a chuirfidh le carachtar na timpeallachta tógtha feadh na conaire.

Chun bonn eolais a chur faoin Straitéis Iompair MLBÁC (2016 – 2035) roimhe seo a ullmhú, d'ullmhaigh an ÚNI an Tuarascáil faoin gCroí-Líonra Bus 2015 do Limistéar Cathrach Bhaile Átha Cliath, a sainaithin na bealaí inar ghá díriú ar acmhainn ard, ardmhinicíocht agus ar sheirbhísí bus iontaofa, agus inar cheart tús áite a thabhairt d'infheistiú a dhéanamh i mbonneagar agus díriú go hiomlán air seo. Tá trí phríomhchonair bus i gceantar Bhaile Átha Cliath theas-láir agus céimeanna éagsúla tosaíochta bus ag nascadh bruachbhailte seachtracha le lár na cathrach. I measc seo tá an chonair Ráth Fearnáin-Thír an Iúir-Ráth Garbh-Ráth Maonais ar an taobh thiar, agus an chonair Chamaí i lár báire chomh maith leis an chonair Thamhlachta-na nGlaschnoc-Bhaile Bhailcín-Chromghlinne ar an taobh thiar.

Cuimsíonn an staidéar ar Chroí-Líonra Bus bealaí molta ó Chluain Dolcáin go Lár na Cathrach agus ó na Glaschnoic go Lár na Cathrach ar bhonn an ghá atá le freastal ar éileamh suntasach ar feadh na conaire Thamhlachta-na nGlaschnoc-Bhaile Bhailcín-Chromghlinne, agus an gá atá le dul i ngleic le heasnaimh seirbhíse (easpa tosaíochta bus agus conas mar a chuireann sé seo iontaofacht agaí turais as a riocht) maidir le líon ard de sheirbhísí bus sceidealta atá ag feidhmiú feadh na conaire seo cheana féin.

Ag brath ar cheaduithe pleanála reachtúla a fháil, áitítear sa Straitéis Iompair Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022 -2042 go dtabharfaidh an ÚNI faoi na 12 Chroí-Chonair Bhus a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach iad sa Chlár Bus Connects (an Scéim Bheartaithe san áireamh). Éascóidh siad turais bus níos tapúla agus níos iontaofa ar na conairí bus is gnóthaí i réigiún Bhaile Átha Cliath, rud a fhágfaidh go mbeidh an córas bus trí chéile níos caoithiúla agus níos usáidí do níos mó daoine. Tacóidh sé seo ina sheal leis an bhféidearthacht chun acmhainn líonra bus na seirbhísí a oibríonn feadh na conaire a mhéadú agus, dá réir sin, tarraingteacht an iompair phoiblí a mhéadú tuilleadh.

Ina theannta sin, luaitear sa Straitéis Iompair go gcuirfear príomhghnéithe den Phlean um Líonra Raonta Rothar do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath i gcrích mar chuid de scéimeanna Chonairí Chroí-Líonra Bus. Tacóidh an

Scéim Bheartaithe leis an bPlean Líonra Raonta Rothar a chur i bhfeidhm sa mhéid is go gcuirfear bonneagar ar fáil faoin scéim a thacóidh le rothaíocht mar mhodh iompair agus chun an t-eispéireas rothaíochta a dhéanamh níos fearr, lena n-áirítear bonneagar a sholáthar do bhealaí ar leith a shainaithnítear mar chuid den phlean líonra raonta rothar. A bhuí leis na bhfeabhsuithe scartha agus sábháilteachta nach beag ar an mbonneagar siúil agus rothaíochta atá mar dhlúthchuid den Scéim Bheartaithe, beifear in ann an líon is mó daoine agus is féidir a chur i mbun taistil ar bhealach inbhuanaithe feadh na conaire agus freastal ar an gcaoi sin ar leibhéil daonra agus fostaíochta níos airde amach anseo.

In éagmais na Scéime Beartaithe beidh seirbhísí bus ag feidhmiú i dtimpeallacht ina a mbíonn a lán brú tráchta, agus mar thoradh air sin bainfidh agaí turais níos faide le seirbhísí bus, agus beidh leibhéal iontaofachta níos ísle acu sa chaoi is go dtiocfaidh laghdú ar úsáid iompair phoiblí, rud a fhágfaidh nach mbeidh an córas bus rótharraingteach agus beidh níos lú teacht aniar ann má théann leibhéal na n-úsáideoirí in airde. Mura gcuirfear na bearta siúil agus rothaíochta a sholáthrófar faoin Scéim Bheartaithe i bhfeidhm, cuirfear teorainn shuntasach le forbairt na modhanna sin amach anseo. Tríd is tríd, cuirfidh an Scéim Bheartaithe go mór le haidhmeanna agus cuspóirí foriomlána BusConnects agus Straitéis Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022 - 2042 agus ligfidh sí don chathair fás go hinbhuanaithe sa todhchaí, rud nach bhféadfaí a dhéanamh in éagmais na Scéime Beartaithe.

# 4. Comhairliúchán

Bhí rannpháirtíocht an phobail mar chuid lárnach d'fhorbairt atriallach na Scéime Beartaithe ón tús. Rinneadh comhairliúchán neamhreachtúil, ina thrí chéim (aon cheann amháin i dtaca le Bealach Tosaíochta atá ag Teacht chun Cinn (BTTCC) agus ceithre cinn i dtaca leis an Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT)), chun an pobal agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi fhorbairt na Scéime Beartaithe ó chéim luath agus chun aiseolas agus rannpháirtíocht a lorg le linn na forbartha.

Ba í príomhaidhm an phróisis chomhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil ná deiseanna a chur ar fáil do bhaill an phobail agus do pháirtithe leasmhara ar spéis leo cur le pleanáil agus dearadh na Scéime Beartaithe agus eolas a thabhairt don phróiseas forbartha, agus is í sin an phríomhaidhm fós. Spreagadh rannpháirtíocht an phobail i bpleanáil agus i ndearadh na Scéime Beartaithe ó chéim luath trí rannpháirtíocht ar an talamh agus trí fheachtais faisnéise agus meán.

Chabhraigh an próiseas comhairliúcháin neamhreachtúil leis na nithe seo a leanas:

- Bunlíne timpeallachta atá sách láidir a bhunú don Scéim Bheartaithe agus dá timpeallacht;
- Sainaithint, go luath sa phróiseas, ábhar imní agus saincheisteanna sonracha a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe ionas go bhféadfaí cuntas cuí a thabhairt orthu sa dearadh agus sa raon measúnaithe; agus
- Rannpháirtíocht chuí an phobail agus na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas deartha agus measúnaithe a chinntiú.

Tá cur síos gairid ar na comhairliúcháin seo ar fáil thíos.

## 4.1 Comhairliúchán maidir le Rogha BTTCC

Tharla an chéim chomhairliúcháin phoiblí EPR don Scéim Bheartaithe ó 23 Eanáir 2019 go 30 Aibreán 2019.

Breathnaíodh ar na saincheisteanna a ardaíodh sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir leis an BTTCC mar chuid den phróiseas measúnaithe ar roghanna bealaigh agus chun an bealach tosaíochta a chinneadh. Leasaíodh na moltaí faoin BTTCC chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí nuair ab fhéidir, agus rinneadh moltaí agus tuairimí ó mhuintir na háite, ó ghrúpaí pobail agus ó pháirtithe leasmhara a chur san áireamh nuair ba chuí. Cuireadh na leasuithe seo san áireamh sa dearadh agus chuir siad bonn eolais faoi fhorbairt-dearadh an RBT, rud a foilsíodh ina dhiaidh sin freisin le haghaidh comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil.

Ag tús an phróisis comhairliúcháin phoiblí, bunaíodh Fóram Pobail agus an aidhm leis cumarsáid a éascú idir ionadaithe pobail, ionadaithe tofa agus foireann Bonneagair BusConnects. Reáchtáladh cruinnithe Fóraim Pobail, ag ar tugadh an t-eolas is déanaí don Fhóram Pobail maidir leis an dearadh don Scéim Bheartaithe agus tugadh deis dóibh ceisteanna a chur ar fhoireann an tionscadail agus aiseolas a thabhairt.

## 4.2 Comhairliúcháin maidir le RBT

Reáchtáladh an comhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir leis an dréacht-RBT ón 4 Márta 2020 go dtí an 17 Aibreán 2020. Iarradh ar an bpobal aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh maidir leis na moltaí foilsithe chuig foireann Bonneagair BusConnects trí fhoirm ar líne, trí ríomhphost nó tríd an bpost. De bharr phaindéim COVID-19, cuireadh ar ceal gach imeacht beartaithe breise a bhí sceidealaithe tar éis an 12 Márta 2020. Mar gheall ar na haighneachtaí a fuarthas cheana féin, rinneadh an cinneadh gan an comhairliúchán a chur ar ceal.

Reáchtáil foireann Bonneagair BusConnects an tríú babhta (dréacht-RBT nuashonraithe) den chomhairliúchán poiblí sular tugadh an RBT chun críche i mí na Samhna 2020 agus tharla sé seo idir an 4 Samhain 2020 agus an 16 Nollaig 2020. Baineadh leas as seomraí fíorúla comhairliúcháin chun tabhairt faoin tríú babhta seo, seomra lena raibh áis 'aisghlaoigh', mar aon le cur síos, cáipéisí tacaíochta agus mapáil an dréacht-RBT chomh maith le faisnéis faoi gach leasú, más ann dóibh, a rinneadh ó reáchtáladh an comhairliúchán poiblí neamhreachtúil maidir le RBT.

Cuireadh na saincheisteanna a ardaíodh le linn an dara agus an tríú babhta den chomhairliúchán poiblí san áireamh mar chuid den RBT deiridh agus bunaíodh an dearadh tosaigh orthu.

## 4.3 Comhairliúchán le Comhlachtaí Forordaithe agus Comhairlí Eile

Chomh maith leis an gcomhairliúchán poiblí maidir leis an Scéim Bheartaithe, thug foireann an ÚNI faoi chomhairliúchán le comhlachtaí forordaithe agus le gach comhairlí neamhreachtúil ábhartha le linn an TMTT a ullmhú / fhorbairt.

Le linn an TMTT a fhorbairt, cuireadh tuarascáil ar fáil do chomhlachtaí forordaithe (lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Roinn Iompair, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an Chomhairle Oidhreachta) agus do gach comhairlí neamhreachtúil ábhartha, tuarascáil inar leagadh amach an cur chuige molta maidir leis an measúnacht timpeallachta, agus tugadh cuireadh dóibh a dtuairimí a nochtadh. Baineadh úsáid as aiseolas ón gcomhairliúchán seo chun bonn eolais a chur faoin TMTT agus faoi na réamhthograí deartha.

## 4.4 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún

Tá plé leanúnach ar siúl le húinéirí talún a mheastar go gcuirfidh an scéim isteach ar a gcuid réadmhaoine, nó tá seans ann go gcuirfidh an scéim isteach orthu, de réir mar a chuaigh forbairt an deartha don Scéim Bheartaithe ar aghaidh, ó na céimeanna is luaithe den tionscadal sa bhliain 2018 go dtí mí an Mhárta 2023. Bhí cuid den teagmháil seo ar bun ag an am céanna agus a bhí na comhairliúcháin phoiblí ar siúl (i mí an Mhárta 2020 agus i mí na Nollag 2020). Scaipeadh litreacha freisin i Samhradh na bliana 2020 ag iarraidh rochtain ar réadmhaoin chun suirbhéanna níos mionsonraithe a dhéanamh. Le tamall anuas, ó mhí na Nollag 2022 go Eanáir 2023, seoladh litreacha chuig ionaid réadmhaoine a mheastar go dtiocfaidh siad faoi réir phróiseas Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ) agus é mar aidhm ag na litreacha seo teagmháil a dhéanamh leo le gur féidir sonraí úinéireachta a fháil amach. Le linn na teagmhála seo, bhí deis ag úinéirí réadmhaoine a raibh tionchar ag an Scéim Bheartaithe orthu chun gnéithe éagsúla den scéim a phlé leis an bhfoireann deartha. Éascaíodh comhráite leantacha mar thoradh ar na litreacha seo ar iarratas.

## 4.5 Comhairliúchán le Muintir na hÁite agus le Lucht Gnó.

Le linn dearadh na Scéime Beartaithe a fhorbairt, ón uair a cuireadh tús leis an gcéad chomhairliúchán neamhreachtúil poiblí , d’éascaigh an ÚNI comhairliúchán le grúpaí beaga den phobal áitiúil agus le lucht gnó feadh an bhealaigh nó gar de, aon uair a iarradh orthu. Díreach mar a bhí ag na cruinnithe Fóraim Pobail, bhí deis iontach ar fáil ag imeachtaí dá leithéid chun plé a dhéanamh ar an dearadh don Scéim Bheartaithe, agus tugadh deis don lucht freastail ceisteanna a chur ar fhoireann Bonneagair BusConnects agus aiseolas a thabhairt.

# 5. Roghanna a Measadh

## 5.1 Roghanna Straitéiseacha

Rinneadh an Scéim Bheartaithe a fhorbairt tar éis roghanna eile a chíoradh go mion. Rinneadh roinnt roghanna straitéiseacha a bhain leis an Scéim Bheartaithe a leagan amach agus a chíoradh i Straitéis Iompair MLBÁC 2016 - 2035 agus sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a bhain léi. Tagann an Straitéis Iompair do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath 2022-2042 (Straitéis Iompair) in áit na straitéise iompair a bhí ann cheana don tréimhse ó 2016 go 2035.

Bhí An Cás 'Gan Dada a Dhéanamh' i measc na roghanna eile a measadh. Ní rachfaí ar aghaidh leis an Scéim Bheartaithe sa chás seo. Measadh nach raibh an rogha seo sásúil toisc go mbíonn brú tráchta ar fud MLBÁC an-ard, le líon na gcarranna ar an mbóthar ag dul i méid i gcónaí, agus moilleanna suntasacha ann gach lá de bharr tráchta. Mura ndéanfar idirghabháil, d'fhéadfadh na tionchair fhéideartha don réigiún éirí níos measa, agus áirítear leo sin:

- Brú tráchta a bheith ag éirí níos measa;
- Cuirfear srian ar fhás eacnamaíoch sa réigiún i ngeall ar bhrú tráchta méadaithe;
- Cuirfear isteach ar chaighdeán maireachtála an phobail i ngeall ar thurais níos faide agus níos mó struis a bheith ar dhaoine dá bharr; agus
- Ní bhainfear amach na spriocanna comhshaoil d'astaíochtaí.

Rinne an ÚNI athbhreithniú ar an líonra iompair a bhí ann cheana féin agus ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith air amach anseo. Rinneadh an t-athbhreithniú a bhriseadh síos tuilleadh ina mheasúnacht ar úsáid na talún agus ar phátrúin iompair a bhí ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus aithníodh treochtaí agus saincheisteanna a bhain le hocht gconair iompair. Bunaithe ar na measúnaithe seo, leagadh amach na moltaí b'oiriúnaí do sheirbhís iompair ar gach ceann de na hocht gconair, agus ansin cuireadh le chéile iad mar an córas iompair comhtháite foriomlán do MLBÁC suas go dtí an bhliain 2035 i Straitéis Iompair MLBÁC 2016 - 2035.

Aithníodh agus rinneadh breithniú ar na roghanna éagsúla atá ann chun déileáil leis na riachtanais iompair a bhfuil an Scéim Bheartaithe ceaptha aghaidh a thabhairt orthu. Fuair na hiarrachtaí sin bonn eolais ón obair ar tugadh fúithi nuair a bhí Straitéis Iompair MLBÁC 2016 - 2035, agus staidéir a ghabhann léi, á hullmhú.

I measc na roghanna straitéiseacha eile a measadh bhí:

- Bus Gasta;
- Iarnród Éadrom;
- Meitreo (Mearchóras Iarnróid Cathrach);
- Iarnród Trom;
- Bainistíocht ar Éileamh; agus
- Roghanna Eile Teicneolaíocha

Rinneadh an Scéim Bheartaithe a fhorbairt chun leibhéal seirbhíse atá ar aon dul le Bus Gasta a chur ar fáil. Ba é tátal Straitéise Iompair MLBÁC 2016 - 2035 nach raibh údar le roghanna nua eile iompair amhail iarnród trom agus iarnród éadrom/meitreo, bunaithe ar an leibhéal éilimh a bhí tuartha. Maidir leis na dúshláin a leagtar amach i Straitéis Iompair MCBÁC 2016 - 2035, tá gá fós le BusConnects Bhaile Átha Cliath mar a aithníodh le linn an straitéis roimhe seo a ullmhú, agus is bailí láidir fós atá an fhianaise a bailíodh ó na staidéir chonair mhionsonraithe a rinneadh agus an straitéis roimhe seo á ullmhú.

Ní bheadh bainistíocht ar éileamh ná roghanna eile teicneolaíochta (amhail táillí plódaithe tráchta, dolú bóthair, nó feithiclí leictreacha) leordhóthanach astu féin chun deireadh a chur leis an ngá le busiompar breise nó le bonneagar rothaíochta feadh bhealach na Scéime Beartaithe.

## 5.2 Roghanna Bealaigh

Rinneadh roghanna bealaigh a mheas go grinn le linn fhorbairt deartha na Scéime Beartaithe. Cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt an deartha freisin trí athbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas agus ar eolas nua a fuarthas i rith gach aon chéim den chomhairliúchán poiblí agus de réir mar a rinneadh an stór sonraí amhail suirbhéanna agus faisnéis iompair agus timpeallachta a bhailiú agus a mheasúnú.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go raibh an rogha bealaigh tosaigh roinnte ina dhá chuid ar leith ar dtús (i) an stráice ó Thamhlacht (na Glaschnoic) go Lár na Cathrach agus (ii) an stráice ó Chluain Dolcáin go Droimeanach. Ach, tar éis é na roghanna bealaigh a mheas go grinn, cinneadh an dá chuid seo a chur le chéile mar aon bhealach amháin sa Scéim Bheartaithe. Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna a bhain leis an gcinneadh chun an chuid den bhealach ó Thamhlacht go Lár na Cathrach agus an chuid den bhealach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach a chur le chéile sa Scéim Bheartaithe: a ngiorracht dá chéile ó thaobh tíreolaíochta de, a n-idirspleáchas feidhmiúil agus toisc go nascann an chuid den bhealach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach leis an gcuid den bhealach ó Thamhlacht go Lár na Cathrach ag acomhal an R110 (Bóthar an Mhíle Fhada) leis an R819 (Bóthar Bhaile Bhailcín) agus ansin roinneann siad an chuid eile den bhealach ón acomhal sin go Lár na Cathrach.

Seo a leanas na céimeanna a bhí i gceist chun dáta le forbairt na Scéime Beartaithe:

1) Is iad seo leanas na **Tuarascálacha Indéantachta agus Roghanna** a bhain leis an Scéim Bheartaithe: (Tuarascáil – Imleabhar 1 ar an Staidéar Roghanna ar an gConair Bhus Lárnach ó na Glaschnoic go Lár na Cathrach, Measúnú Indéantachta agus Roghanna – Príomhthuarascáil, agus Tuarascáil – Imleabhar 1 ar Staidéar Indéantachta agus Measúnú Roghanna CBL ar an gConair Bhus Lárnach ó Chluain Dolcáin go Lár na Cathrach, ar tuarascálacha a tugadh chun críche iad sna blianta 2017 agus 2018, agus inar ndearnadh na roghanna bealaigh tosaigh a leagan amach agus inar roghnaíodh BTTCC ar deireadh thiar;
2) Tugadh faoin gcéad bhabhta de **Chomhairliúchán Poiblí** neamhreachtúil maidir leis an BTTCC ón 14 Samhain 2018 go dtí an 31 Bealtaine 2019;
3) **Dréacht-RBT** a fhorbairt (ó Bhealtaine 2019 go Márta 2020). Tháinig athruithe ar phróiseas deartha an BTTCC agus rinneadh roghanna eile a mheas, agus ba iad na nithe seo a leanas a chuir bonn eolais faoin bpróiseas sin; aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí trí chéile, rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara agus breis eolais deartha a bhí ar fáil.
4) Tugadh faoin dara babhta de **Chomhairliúchán Poiblí** neamhreachtúil maidir leis an Dréacht-RBT ón 4 Márta 2020 go dtí an 17 Aibreán 2020. Cuireadh roinnt imeachtaí eolais ar ceal i ngeall ar shrianta Covid-19, agus rinneadh an cinneadh an tríú comhairliúchán a reáchtáil níos deireanaí sa bhliain;
5) Tugadh faoi fhorbairt bhreise ar an **Dréacht-RBT** i ndiaidh don dara babhta den chomhairliúchán poiblí a bheith críochnaithe; próiseas inar tugadh na nithe seo leanas san áireamh; aighneachtaí a fuarthas, rannpháirtíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara agus tuilleadh eolais deartha a bhí ar fáil.
6) Tugadh faoin dara babhta de **Chomhairliúchán Poiblí** neamhreachtúil maidir leis an Dréacht-RBT nuashonraithe ón 4 Samhain 2020 go dtí an 16 Nollaig 2020; agus
7) An **RBT** a thabhairt chun críche Tugadh an RBT, arb é an Scéim Bheartaithe é, chun críche ar deireadh, agus ba iad na nithe seo a leanas a chuir bonn eolais faoin bpróiseas; aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí trí chéile, rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara agus breis eolais deartha a bhí ar fáil.

Rinneadh roinnt roghanna eile bealaigh a mheas ar dtús as líonra mór bóithre idir Tamhlacht agus an Carnán agus idir an R136 (an Cuarbhóthar Lasmuigh) agus Droimeanach.

Rinneadh na roghanna seo a laghdú trí úsáid a bhaint as modh ardleibhéal cáilíochtúil a bhí bunaithe ar bhreithiúnas gairmiúil agus ar thuiscint ghinearálta ar chúinsí/ar chonstaicí atá ann faoi láthair, lena n-áirítear ceisteanna comhshaoil, laistigh den limistéar staidéir

Rinneadh na roghanna eile bealaigh a mheas ansin de réir na gcritéar seo a leanas:

- Geilleagar;
- Imeascadh;

- Inrochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta;
- Sábháilteacht; agus
- Comhshaol.

Nuair a bhíothas i mbun an phróisis chun an BTTCC a leagan amach, bhí sé ríthábhachtach roghanna eile bealaigh rothaíochta a mheas go grinn.

Baineadh úsáid as an measúnú seo ar roghanna eile bealaigh chun bonn eolais a chur faoin bpróiseas agus ansin roghnaíodh an BTTCC ab fhearr. Seo a leanas achoimre ar an BTTCC sin;

Conair Bhus Lárnach ó na Glaschnoic (Tamhlacht) go Lár na Cathrach:

> *'Tosaíonn an CBL ag Cearnóg Belgard Thiar ag an acomhal le Bealach Bhaile an Chócaigh, beagáinín siar ó Lár Bhaile Thamhlachta. Síneann an bealach tosaíochta feadh Chearnóg Belgard Thiar sula gcasann sé ar dheis go Cearnóg Belgard Thuaidh. Leanfadh busanna díreach ar aghaidh trí acomhal Bhóthar Belgard agus as sin go dtí tailte campais Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Leanfadh busanna ar aghaidh ar an mbóthar a ritheann cheana féin tríd an gcampas agus d'fhágfaidís an campas ag acomhal Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath atá ann cheana féin ar Bhóthar na nGlaschnoc.*
>
> *Leanfadh busanna ó thuaidh ansin feadh an stráice de Bhóthar na nGlaschnoc atá ann cheana féin chomh fada le háit atá díreach ó dheas ó acomhal Bhóthar Chaisleán Thigh Motháin, áit óna mbeidís in ann taisteal ar an stráice nua 500m bóthair a bheidh ann nuair a bhainfidh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a gcuspóir amach chun athrú cúrsa a dhéanamh ar Bhóthar na nGlaschnoc laistiar d'eastát tithíochta Radharc na Páirce.*
>
> *Tar éis taisteal ar an stráice nua sin, leanfadh busanna ar aghaidh arís ar an stráice de Bhóthar na nGlaschnoc atá ann cheana féin chomh fada le háit atá thart ar 250m ó thuaidh den bhealach isteach chuig Eastát Tionscail Bhaile an Mhóta ar Bhóthar na nGlaschnoc. Tá sé de chuspóir ag Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ceangal bóthair nua eile a thógáil ag an áit seo, ceangal bóthar idir Bóthar na nGlaschnoc agus Ascaill Bhaile an Mhóta chun go mbeadh busanna in ann freastal go díreach ar an eastát tionscail. Bheadh rochtain ar agus ó Bhóthar na nGlaschnoc ag an suíomh seo dúnta do thrácht. Leanfadh busanna ar aghaidh feadh Ascaill Bhaile an Mhóta roimh chasadh ar dheis ar Bhóthar Calmount.*
>
> *Is cul-de-sac é Bóthar Calmount faoi láthair ag tá sé beartaithe mar chuid den scéim seo chun Ascaill Calmount a leathadh amach chun teacht le Bóthar na nGlaschnoc. Agus iad ar Bhóthar na nGlaschnoc, leanfadh busanna ar aghaidh ó thuaidh trí Thimpeallán Bhaile Bhailcín agus ar Bhóthar Bhaile Bhailcín.*
>
> *Chasfadh busanna ar dheis ansin ar Bhóthar Dhroimeanaigh, ag leanúint ar aghaidh ar Bhóthar Chromghlinne chomh fada leis an gCanáil Mhór. Ag an gcanáil, leanfadh busanna ar aghaidh ar an gCarnán, Sráid Chorcaí agus Ascaill Lúcáis.*
>
> *Ag an acomhal leis an gCom, chasfadh busanna ar dheis ar an gCom roimh chasadh ar dheis ar Shráid Phádraig. Leanfadh busanna ar aghaidh feadh Shráid Phádraig agus Sráid Niocláis, roimh chasadh ar dheis ar Phlás Theampall Chríost, an áit ina gcríochnaíonn an bealach.*
>
> *Ghlacfadh na seirbhísí amach a théann feadh an CBL an bealach céanna le filleadh ar Thamhlacht.'*

Conair Bhus Lárnach ó Chluain Dolcáin go Lár na Cathrach:

> *`Tosaíonn an bealach tosaíochta lastoir d'acomhal R134 Bóthar Nangair Nua / R113 Bóthar Chnoc an Fhuaráin. Leanann an bealach ar aghaidh ansin anoir thoir theas feadh Bhóthar Nangair Nua chuig acomhal R134 Bóthar Nangair Nua / Bhóthar an Náis / R110 Bóthar an Mhíle Fhada.*
>
> *Ón acomhal thuasluaite, leanann an CBL ar aghaidh i dtreo an oirthir feadh Bhóthar an Mhíle Fhada agus feadh Bhóthar Dhroimeanaigh agus ansin tagann sé le chéile leis an CBL ó na Glaschnoic chuig Lár na Cathrach i gcomharsanacht acomhal Bhóthar Dhroimeanaigh / Bhóthar Bhaile Bhailcín.*

*Leanfadh na seirbhísí CBL amach an bealach céanna leis na seirbhísí CBL isteach.'*

## 5.3 Roghanna Eile Dearaidh

I ndiaidh don phróiseas comhairliúcháin phoiblí ar an mBealach Tosaíochta atá ag Teacht Chun Cinn (BTTCC) a bheith tugtha chun críche, rinneadh leasuithe éagsúla do thograí na scéime chun aghaidh a thabhairt ar roinnt de na saincheisteanna ar tarraingíodh aird orthu sna haighneachtaí. Áiríodh leo sin moltaí ó mhuintir na háite, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara, agus / nó iad a tháinig chun solais tar éis tuilleadh eolais a fháil, a thabhairt isteach. Cuireadh na leasuithe sin san áireamh sna dearaí agus rinne siad eolas do Rogha Bealaigh Tosaíochta (RBT) dréachtaithe.

Rinneadh go leor athruithe ar an dearadh bunaithe ar an aiseolas a fuarthas le linn an dara agus an tríú babhta den chomhairliúchán poiblí agus de phlé leis na páirtithe leasmhara, díríonn an liosta seo a leanas aird ar na hathruithe ábharacha ar an scéim idir an Rogha BTTCC foilsithe agus an RBT:

Conair Bhus Lárnach ó Thamhlacht go Lár na Cathrach:

- Cuid 1: Tamhlacht go Baile an Mhóta:
  - Pointe aistrithe busanna ar Chearnóg Belgard Thiar chun aistriú idir an bus, an Luas agus Lár an Bhaile a éascú, ar Chearnóg Belgard Thuaidh;
  - Lána Rothar scartha ag dul an dá threo ar Chearnóg Belgard Thuaidh le haghaidh rochtain fheabhsaithe do rothair ar an Ospidéal ó Bhóthar Belgard;
  - Athrú ar an mbealach ionas go rachadh sé trí Shráidbhaile Thamhlachta in ionad Champas Thamhlachta OTBÁC, agus dá bharr beidh athoscailt Sheanbhóthar na nGlaschnoc ag teastáil chun acomhal do bhusanna amháin a chruthú le R819 Bóthar na nGlaschnoc; agus
  - Ag Radharc na Páirce, athraíodh an ailíniú beartaithe chun ligean do thrácht ginearálta fanacht ar R819 Bóthar na nGlaschnoc atá ann cheana, le bóthar ceangail inbhuanaithe do bhusanna/rothair beartaithe sa limistéar glas atá comhthreomhar le hAscaill Radharc na Beithe agus Bóthar Ghort na gCrann do na seirbhísí bus isteach agus amach araon.
- Cuid 2: Baile an Mhóta go Cromghlinn:
  - Thar an M50, tá dhá dhroichead aonréise do choisithe/rothaithe beartaithe chun lánaí bus leanúnacha agus lánaí rothar de chaighdeán níos airde a chur ar fáil ar R819 Bóthar na nGlaschnoc;
  - Ag Baile an Mhóta, cuirfear an bóthar ceangail nua a cheanglaíonn Ascaill Bhaile an Mhóta agus R819 Bóthar na nGlaschnoc ar fáil le hacomhal ar an taobh theas d'Ascaill Bhaile an Mhóta, rud a cheadóidh rochtain dhíreach ar an stráice thoir de R819 Bóthar na nGlaschnoc ó Ascaill Bhaile an Mhóta; agus
  - Athraíodh Timpeallán Bhaile Bhailcín chun raon rothar dhá threo scartha a chur san áireamh timpeall an acomhail. Laghdóidh sé seo coimhlintí le coisithe agus ligfidh sé do na rothaithe an bealach is giorra timpeall an timpealláin a ghlacadh.
- Cuid 3: Cromghlinn go dtí an Chanáil Mhór:
  - Tá rogha trí lána le cead bealaigh faoi rialú soilse tráchta beartaithe feadh R110 Bóthar Chromghlinne idir Bóthar Ráth Bhoth agus an tIonad Sláinte chun an tionchar ar réadmhaoine a laghdú. Chun an t-eagar seo a éascú, tá sé beartaithe chun rochtain ag acomhail R110 Bóthar Chromghlinne le Bóthar Chluain Ard agus Céide Bheannchair araon a shrianadh go rochtain aontreo ó dheas. Cuirfear feabhsuithe ríochta uirbí ar fáil feadh an stráice seo; agus
  - Atreorófar an rotharbhealach malartach beartaithe ar Bhóthar Chill Dara i dtreo na Canálach Móire trí Bhóthar an Chlochair chomh maith le lánaí rothar.
- Cuid 4: An Chanáil Mhór go Teampall Chríost:
  - Ar R137 Sráid Phádraig, athraíodh an dearadh chun an lárstráice trí líne a choinneáil. Anuas air sin, tá acomhal R137 Sráid Niocláis agus R810 an tSráid Ard le bheith athdheartha chun áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do bhusanna, rothaithe agus coisithe.

Conair Bhus Lárnach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach:

Fágadh an stráice ó Chluain Dolcáin go Droimeanach idir R136 an Cuarbhóthar Lasmuigh agus Siúlán Áth na Coille ar lár leis an Scéim Bheartaithe ag tosú ag acomhal Shiúlán Áth na Coille agus Bhóthar Nangair Nua.

- Cuid 5: Siúlán Áth na Coille (R113) / Bóthar Nangair Nua (R134) chuig an acomhal Bóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bóthar an Náis (810) / Bóthar Nangair Nua (R134):
    - Trasrian ilairde do choisithe agus rothaithe a chur ar fáil ag acomhal R134 Bóthar Nangair Nua / R110 Bóthar an Mhíle Fhada / R810 Bóthar an Náis chun coimhlintí le trácht feithicle a laghdú.
- Cuid 6: Acomhal Bhóthar an Mhíle Fhada / Bhóthar an Náis / Bhóthar Nangair Nua le Droimeanach:
    - Dearbhú maidir le bealach na conaire trí Stáisiún Luas na Coille Móire (R810 Bóthar an Náis agus R112 Ascaill Bhaile Bhailcín).

Cuireadh tionchair ar an gcomhshaol san áireamh nuair a bhí an measúnú á dhéanamh ar na roghanna malartacha, mar aon le fachtóirí ábhartha eile lena n-áirítear an geilleagar, sábháilteacht agus inrochtaineacht, le teacht chun na Scéime Beartaithe.

# 6. Cur Síos ar an Scéim Bheartaithe

Tá an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe tuairim is 15.5km ar fad agus tá sé roinnte ina dhá chuid; is iad sin an stráice ó Thamhlacht go Lár na Cathrach agus an stráice ó Chluain Dolcáin go Droimeanach. Ritheann áis bhreise rothaíochta ar leataobh ón trácht atá thart ar 3.9km ar fad ó Thimpeallán Bhaile Bhailcín go Bóthar Parnell (an Chanáil Mhór).


Tosaíonn an chuid den bhealach ó Thamhlacht go Lár na Cathrach ag acomhal Bhóthar Bhaile Coimín le Bealach Bhaile an Chócaigh agus ritheann sé feadh Chearnóg Belgard Thiar, feadh Chearnóg Belgard Thuaidh, feadh Chearnóg Belgard Thoir agus feadh Bhóthar Bhaile Choimín go dtí acomhal an R819 (Bóthar na nGlaschnoc) le Páirc Bancroft. Ritheann an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe as seo feadh an R819 (Bóthar na nGlaschnoc) go dtí Timpeallán Bhaile Bhailcín trí bhóithre nua ceangail; sa limistéar glas lastoir d'Ascaill Radharc na Beithe/Bóthar Ghort na gCrann, sa limistéar glas laisteas d'Ascaill Bhaile an Mhóta agus sa limistéar glas lastoir de Bhóthar Calmount. Ritheann an bealach lena mbaineann an Chonair Bhus Lárnach ó Thimpeallán Bhaile Bhailcín feadh R819 Bóthar Bhaile Bhailcín go dtí an t-acomhal le R110 Bóthar an Mhíle Fhada agus le Bóthar Dhroimeanaigh. Is ag an acomhal seo a thosaíonn an croíbhealach atá comhroinnte leis an gcuid den bhealach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach agus ritheann an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe feadh an R110 go dtí acomhal Shráid an Déin le Sráid Phádraig, trí Bhóthar Dhroimeanaigh, trí Bhóthar Chromghlinne, tríd an gCarnán, trí Shráid Chorcaí, trí Ascaill Lúcáis agus trí Shráid an Déin. Ritheann an bealach lena mbaineann an Scéim Bheartaithe as seo feadh an R137 trí Shráid Phádraig go dtí acomhal Shráid an Fhíona le Plás Theampall Chríost, áit a gcríochnaíonn an bealach beartaithe i lár na Cathrach. Tá áis rothaíochta ar leataobh ón trácht beartaithe chun rothaíocht idir Timpeallán Bhaile Bhailcín agus Bóthar Parnell (an Chanáil Mhór) a éascú trí Bhóthar Bunting, Bóthar Chill Dara agus Bóthar an Chlochair.

Tosaíonn an chuid den bhealach ó Chluain Dolcáin go Droimeanach ag acomhal Bhóthar Nangair Nua le Siúlán Áth na Coille agus ritheann sé feadh an R134 (Bóthar Nangair Nua), feadh an R810 (Bóthar an Náis), feadh an R112 (Ascaill Bhaile Bhailcín) agus feadh an R110 (Bóthar an Mhíle Fhada) go dtí acomhal Bhóthar Bhaile Bhailcín le Bóthar Dhroimeanaigh, agus ritheann sé as sin feadh an chuid sin den chroíbhealach atá comhroinnte i dtreo lár na cathrach, faoi mar atá leagtha amach thuas.

Tá dearadh na Scéime Beartaithe tar éis forbairt de réir a chéile trí atriall dearaidh cuimsitheach, le béim ar leith ar an bhféidearthacht de thionchair thimpeallachta a íoslaghdú, nuair is indéanta, agus ag cinntiú go mbaintear amach cuspóirí na Scéime Beartaithe. Mar aon leis sin, ionchorpraíodh aiseolas a fuarthas ón gclár cuimsitheach comhairliúcháin a rinneadh le linn an phróisis roghnaithe agus forbartha dearaidh, nuair ba chuí.

Forbraíodh an Scéim Bheartaithe lena chinntiú go gcomhtháthaítear prionsabail an dearaidh uilíoch go hiomlán sa dearadh, ag soláthar rochtana do gach úsáideoir, agus ag fáil réidh le bacainní a bhíonn os comhair daoine atá faoi mhíchumas.

Léirítear leagan amach tipiciúil de bhóthar BusConnects in Íomhá 6.1.



**Íomhá 6.1: Leagan Amach Tipiciúil de Bhóthar BusConnects**

Cuirfidh an Scéim Bheartaithe feabhsuithe suntasacha ar áiseanna do choisithe agus rothaithe agus ar thosaíocht do bhusanna. Tá roinnt de na hathruithe a dhéanfar ar an gconair atá ann cheana mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe leagtha amach thíos:

- Beidh méadú thart ar 34% (ó 135 go 181) ar líon na dtrasrianta faoi rialú soilse tráchta do choisithe mar chuid den Scéim Bheartaithe;
- Méadóidh an sciar d'áiseanna rothaíochta ó 17.2% den chonair atá ann cheana go 93% ar an Scéim Bheartaithe (fad na háise rothaíochta ar leataobh ón trácht san áireamh);
- Méadóidh an sciar den bhealach a bhfuil bearta tosaíochta do bhusanna i bhfeidhm orthu ó 34% ar an gconair atá ann cheana go 94% ar an Scéim Bheartaithe.

Cuirtear síos ar an Scéim Bheartaithe sna codanna tíreolaíochta seo a leanas:

- Cuid 1: Tamhlacht go Baile an Mhóta;
- Cuid 2: Baile an Mhóta go Cromghlinn;
- Cuid 3: Cromghlinn go dtí an Chanáil Mhór;
- Cuid 4: An Chanáil Mhór go Teampall Chríost;
- Cuid 5: Siúlán Áth na Coille (R113) / Bóthar Nangair Nua (R134) chuig an acomhal Bóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bóthar an Náis (810) / Bóthar Nangair Nua (R134); agus
- Cuid 6: Acomhal Bhóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bhóthar an Náis (R810) / Bhóthar Nangair Nua (R134) le Droimeanach.

## 6.1 Cuid 1: Tamhlacht go Baile an Mhóta

Tosaíonn an Scéim Bheartaithe ag acomhal Sheanbhóthar Bhaile Coimín / Bhealach Bhaile an Chócaigh chun rochtain ar an bpointe aistrithe busanna beartaithe ar Chearnóg Belgard Thiar a éascú. Tabharfar cead rochtana do thrácht ginearálta freisin ar Ionad Siopadóireachta na Cearnóige ón acomhal seo trí Chearnóg Belgard Theas toisc go mbeadh Cearnóg Belgard Thiar srianta do bhusanna, rothaithe agus feithiclí údaraithe eile. Beidh trácht bus trasna Sheanbóthar Bhaile Coimín faoi réir ceada bealaigh faoi rialú soilse tráchta, rud a choinneoidh i bhfeidhm eagar atá cosúil leis an gcás atá ann cheana le haghaidh cuarsheirbhísí a théann i dtreo an phointe aistrithe busanna.

Tá sé beartaithe an timpeallán atá ann cheana ag Cearnóg Belgard Theas a thiontú ina acomhal atá go hiomlán faoi rialú soilse tráchta le háiseanna feabhsaithe do choisithe. Tá sé beartaithe go mbeidh an chuid de Chearnóg Belgard Thiar ó Belgard Theas go Seanbhóthar Bhaile Coimín agus díreach ó thuaidh ó Sheanbhóthar Bhaile Coimín ina bhealach do bhusanna amháin agus ní bheidh sé ina thrébhealach do thrácht ginearálta a thuilleadh. Forbrófar pointe aistrithe busanna ar Chearnóg Belgard Thiar, a éascóidh aistriú leis an líne dhearg den Luas agus a bheidh ina áras ceann aistir le haghaidh go leor busanna lena n-áirítear na croíbhealaí A3, F1 agus D5, na cuarbhealaí W2, W4, W6 agus S6 agus na bealaí áitiúla 71, 85 agus L44. Beidh sé seo ina chroílár le haghaidh bealaí bus eile sa cheantar. Beidh rochtain fós ar Chrois Thamhlachta Thiar / Halla an Ghoirt Leathain agus ar fhorbairtí sa chóngar trí Chearnóg Belgard Thuaidh agus tríd an limistéar thuaidh de Chearnóg Belgard Thiar.

Cuirfidh Pointe Aistrithe Busanna Thamhlachta, atá beartaithe, feabhas mór ar naisc iompair don cheantar agus éascóidh sé rochtain níos fearr don phobail. Déanfar croílár tábhachtach nua de sa phobal. Is éard atá sa phointe aistrithe ná leagan amach de chineál oileáin le ceithre dhíon ghlasa tóirpín chun an radharc ó na hárasáin áitiúla thuas a fheabhsú. Beidh ocht mbá tuirlingthe / bordála atá inúsáidte go neamhspleách aige le leataobh bus isteach le haghaidh busanna atá ag dul tríd an bpointe aistrithe. Freastalaítear ar ghluaiseacht paisinéirí agus siopadóirí taobh istigh den oileán aistrithe agus trasna é. Beidh tógáil talún de dhíth ar dhearadh an phointe aistrithe busanna agus comhtháthóidh sé leis an ionad siopadóireachta in aice láimhe, forbraíocht ríocht phoiblí bheartaithe Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath agus mórcheantar Thamhlachta.

Tá sé beartaithe an t-acomhal timpealláin ar Chearnóg Belgard Thuaidh ag an mbealach isteach d'Ospidéal Thamhlachta a thiontú ina acomhal atá go hiomlán faoi rialú soilse tráchta chun freastal ar áiseanna feabhsaithe do bhusanna, rothaithe agus coisithe. Déanfar na hacomhail timpeallláin ag Cearnóg Belgard Thoir a athchur le

heagair acomhail nua a bheidh faoi rialú soilse tráchta. Tá sé beartaithe na háiseanna rothaíochta atá ann cheana agus na hacomhail bhainteacha ar Chearnóg Belgard Thuaidh a uasghrádú chun raonta rothar scartha go dtí agus ó Ospidéal Thamhlachta a chur ar fáil. Féadfaidh an leasú beartaithe seo dul i bhfeidhm ar na crainn agus toir atá ann cheana feadh Chearnóg Belgard Thuaidh agus féadfaidh fáil talún logánta ar shuíomh neamhfhorbartha a bheith de dhíth air. Freastalófar ar an acomhal faoi rialú soilse tráchta a tógadh le déanaí ag Bóthar Ceangail Bhaile an Chócaigh agus an lána scagtha do chasadh ar dheis ar Chearnóg Belgard Thuaidh sa Scéim Bheartaithe.

Ó Chearnóg Belgard Thiar, leanann an bealach ar aghaidh trí Bhóthar Bhaile Coimín agus tríd an mBóthar Mór go Bóthar na nGlaschnoc (R819). Chun brú tráchta a sheachaint ar Bhóthar na nGlaschnoc, tá sé beartaithe go n-úsáidfeadh busanna ailíniú Sheanbhóthar na nGlaschnoc agus chun acomhal nua do bhusanna amháin a chruthú ag suíomh an cul-de-sac atá ann cheana os comhair bhóthar Pháirc Bancroft, chun chastaí do bhusanna amháin chuig Bóthar na nGlaschnoc (R819) a éascú. Cuideoidh sé seo leis an mbus brú tráchta a sheachaint ag acomhal an Bhóthair Mhóir / Bhóthar na nGlaschnoc (R819). Úsáidfear clochphábháil sa cheantar agus cuirfear plandú logánta i bhfeidhm chun cáil cóireáil an cul-de-sac atá ann cheana a choinneáil.

Idir Seanbhóthar na nGlaschnoc agus an t-acomhal le Bóthar Mayberry, feadh Bhóthar na nGlaschnoc (R819), tá sé i gceist lána bus amháin, lána amháin le haghaidh tráchta agus raon rothar a chur ar fáil sa dá threo. Beartaíodh cóireálacha cláir ardaithe ar bhealaigh isteach ón taobh agus acomhail chosanta feadh an stráice seo nuair is indéanta chun áiseanna do choisithe agus rothaithe a fheabhsú. Chun freastal ar an stráice trasnaithe bóthair seo, tá sé beartaithe tuilleadh talamh a fháil ar na taobhanna thiar agus thoir den leagan atá ann cheana de Bhóthar na nGlaschnoc (R819). Beartaíodh geata bus feadh an stráice seo chun na tionchair ar na crainn aibí atá ann cheana agus ar an mballa cloiche ar an gciumhais iarthair ó thuaidh den bhealach isteach do OTBÁC ar Bhóthar na nGlaschnoc (R819) a íoslaghdú. Uasghrádaíodh acomhal Bhóthar Airton / Bhóthar na nGlaschnoc (R819) chun áiseanna feabhsaithe do bhusanna, rothaithe agus coisithe a chur ar fáil.

Chun feidhmiú an acomhail atá ann cheana a fheabhsú agus chun tógáil talún a íoslaghdú, tá sé beartaithe cosc ar chasadh ar dheis ag dul ó dheas a thabhairt isteach ó Bhóthar na nGlaschnoc (R819) chuig bealach isteach charrchlós Harvey Norman / Costa agus cosc ar chasadh ar dheis ag dul ó thuaidh a thabhairt isteach ó Bhóthar na nGlaschnoc (R819) chuig Eastát Tionscail Hibernian Insurance. Coinneofar rochtain ó dheas ar charrchlós Harvey Norman / Costa trí Bhóthar na nGlaschnoc (R819) trí bhealach isteach Bhóthar Airton. Beifear in ann rochtain a dhéanamh ar Eastát Tionscail Hibernian Insurance tríd an mbealach isteach os comhair Bhóthar Chnoc na Giolcaí.

Beidh balla íseal coinneála airde de dhíth laisteas de Bhóthar Chnoc na Giolcaí chun freastal ar stráice trasnaithe na teorann bóthair beartaithe.

Idir Bóthar Mayberry agus Lána Thigh Motháin, tá sé beartaithe an gréasán áitiúil bóithre a athleagan amach. Shainaithin Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas an stráice seo de Bhóthar na nGlaschnoc chun é a uasghrádú trí bhóithre nua a sholáthair faoina Plean Forbartha Contae reatha. Tá sé i gceist sa Scéim Bheartaithe prionsabail thograí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas a ailíniú le stráice trasnaithe atá laghdaithe go mór agus a fhreastalaíonn ar mhodhanna inbhuanaithe amháin (i.e., bus / rothar / coisithe) chun tionchair ar na réadmhaoine in aice láimhe agus an timpeallacht a íoslaghdú. Beidh trácht ginearálta fós ann ar Bhóthar na nGlaschnoc. Úsáidfear soilsiú tráchta tosaíochta do bhusanna chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht busanna ag dul amach tríd an mbóthar ceangail inbhuanaithe nua a bheidh thart ar 620m ar fad agus a rithfidh go comhthreomhar le hAscaill Radharc na Beithe agus Bóthar Ghort na gCrann. Cuirfear seirbhísí croíbhealaigh D5 agus seirbhísí X47 isteach ó Bhóthar Chaisleán Thigh Motháin ar fáil le ceangal tosaíochta do bhusanna amháin a bheidh buailte ar an mbóthar ceangail nua. Mar chuid den togra, tabharfar isteach áiseanna rothaíochta feabhsaithe lena n-áirítear cheangail dhá threo nua do rothaithe agus coisithe chun rochtain ar Pháirc Thigh Motháin agus ar na conláistí mórthimpeall uirthi a fheabhsú. Cuirfear feabhsuithe suntasacha ar an tírdhreachú agus ar na Córais Draenála Inbhuanaithe ar fáil sna ceantair seo.

Mar atá leagtha amach i bPlean Líonra Raonta Rothar MLBÁC, soláthróidh an Stráice seo den chonair rochtain ar na bealaí tánaisteacha beartaithe SO6 agus 9C ag Cearnóg Belgard Theas / Cearnóg Belgard Thiar agus ailíníonn sé leis an bpríomhbhealach SO5 ar Bhóthar Bhaile Coimín agus leis an bpríomhbhealach 8B ar Bhóthar na nGlaschnoc (R819). Beifear in ann rochtain a dhéanamh ar Ghlasbhealach na Dothra, an glasbhealach beartaithe, ag Páirc Thigh Motháin laisteas de thardhroichead R819 / an M50.

## 6.2 Cuid 2: Baile an Mhóta go Cromghlinn

Coinneofar droichead trasnaithe an M50 atá ann cheana. Tá dhá dhroichead aonréise do choisithe / rothaithe beartaithe chun a bheith suite in aice leis an droichead atá ann cheana chun tosaíocht do bhusanna a choinneáil ar an droichead atá ann cheana agus chun áiseanna d'ardchaighdeán do rothaithe / coisithe a chur ar fáil thar an M50 sa dá threo. Struchtúir chruacha de chineál trus Warren a bheidh i gceist leis na droichid do choisithe / rothaithe agus beidh siad suite go díreach comhthreomhar leis an struchtúr atá ann cheana. Beidh tuilleadh fáil talún ar an dá thaobh den M50 ag teastáil chun tógáil na ndroichead do choisithe / rothaithe a éascú.

Tógfar dhá bhóthar ceangail inbhuanaithe i gceantar Bhaile an Mhóta mar gheall ar na srianta leithid atá ann cheana taobh istigh den leagan atá ann cheana de Bhóthar na nGlaschnoc (R819) lastoir den M50. Dúnfar an ceangal atá ann cheana do Bhóthar Bhaile an Mhóta Uachtarach le Bóthar na nGlaschnoc do thrácht feithicle agus cuirfidh bóthar ceangail nua (220m ar fad) laisteas d'Ascaill Bhaile an Mhóta ceangal ar fáil do Bhóthar na nGlaschnoc (R819). Beidh ballaí coinneála agus claífoirt talún nua ag teastáil ag an suíomh seo chun tógáil an bhóthair nua a éascú. Tá sé beartaithe chun Ascaill Bhaile an Mhóta agus Bóthar Calmount a leathnú amach le haghaidh raonta bus agus rothar ar leith agus chun Bóthar Calmount a cheangal le Bóthar na nGlaschnoc. Coinneofar an leagan atá ann cheana de Bhóthar na nGlaschnoc (R819) le haghaidh rochtain áitiúil agus áiseanna rothaíochta le cóireáil cul-de-sac ar an taobh thuaidh ina dtógfar bóthar ceangail d'iompar inbhuanaithe a bheidh thart ar 250m ar fad sa limistéar glas lastoir de Bhóthar Calmount. Beidh ballaí coinneála agus claífoirt talún nua ag teastáil ag an suíomh seo chun tógáil an bhóthair nua a éascú. Chun rochtain do ghnólachtaí áitiúla a choinneáil feadh Bhóthar na nGlaschnoc (R819) sa cheantar seo tógfar timpeallán beag nua le bóthar ceangail a bheidh thart ar 90m ar fad chun Bóthar na nGlaschnoc a cheangal le hAscaill Calmount. Cuirfear rampaí agus staighre inrochtana ar fáil chun an grádán céime a mhaolú ar Ascaill Calmount san áit a mbuaileann sí le Bóthar na nGlaschnoc.

Idir Bóthar Calmount agus Timpeallán Bhaile Bhailcín, tá sé beartaithe lána bus amháin, lána amháin do thrácht agus raon rothar a choinneáil ag dul isteach agus lána amháin do trácht agus raon rothar ag dul amach feadh Bhóthar na nGlaschnoc (R819).

Dearadh leagan amach Thimpeallán Bhaile Bhailcín chun nascacht feabhsaithe do rothaithe agus coisithe a chur ar fáil timpeall an acomhail ghnóthaigh seo agus chun sábháilteacht a fheabhsú do choisithe, rothaithe, busanna agus trácht ginearálta. Beartaíodh raon rothar scartha dhá threo timpeall an acomhail chun ligean do rothaithe an bealach is dírí timpeall an timpealláin a ghlacadh (i.e., an dá threo) agus chun idirghníomhaíochtaí le mótarfheithiclí a laghdú. Cuireadh trasrianta cláir ardaithe do choisithe / rothaithe i bhfeidhm ar gach géag chun sábháilteacht na gcoisithe agus rothaithe a fheabhsú. Úsáideadh trasrianta slánachair ar gach géag chun mianlínte coisithe / rothaithe a chur chun cinn agus stóras ar lánaí amach ón timpeallán d'fheithiclí á chur san áireamh. Cuireadh lúba braite rothaíochta i bhfeidhm ar na stráicí dhá threo ag druidim leis na trasrianta chun bearta éifeachtúlachta d'agaí turais rothaíochta a chur chun cinn agus chun moilleanna do rothaithe a íoslaghdú agus iad ag trasnú níos mó ná géag amháin den acomhal. Athleagadh amach líon na lánaí isteach / spréanna do thrácht ginearálta, lánaí cúrsaíochta agus uillinneacha isteach chun gluaiseachtaí feithicle níos sábháilte a chur chun cinn. Tá tograí tírdhreachaithe agus socruithe páirceála athbhreithnithe beartaithe freisin chun an ceantar a fheabhsú. Cuirfear rothaithe atá ag dul chun na cathrach ar mhalairt slí chuig an rotharbhealach ar leataobh ón trácht feadh Bhóthar Bunting agus Bhóthar Mhuire, a chuirfidh bealaí níos dírí ar fáil a cheanglaíonn Timpeallán Bhaile Bhailcín le Bóthar Chill Dara.

Mar atá leagtha amach i bPlean Líonra Raonta Rothar MLBÁC, ailíneoidh an stráice seo den chonair leis an bpríomhbhealach 8B ar thardhroichead R819 / an M50 chomh fada leis an mbealach isteach do Pháirc Thigh Motháin, agus leis an mbealach tánaisteach 8A ar Ascaill Bhaile an Mhóta, Bóthar Calmount agus Bóthar na nGlaschnoc (R819) go Timpeallán Bhaile Bhailcín.

## 6.3 Cuid 3: Cromghlinn go dtí an Chanáil Mhór

Ar Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819) idir Timpeallán Bhaile Bhailcín agus Bóthar an Mhíle Fhada (R110), tá sé beartaithe lána bus amháin agus lána amháin do thrácht ginearálta a chur ar fáil sa dá threo le tógáil talún fhíorbheag ag dul i bhfeidhm ar réadmhaoine ar Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819), ag coinneáil go leor faid slánachair do theorainneacha cabhsáin tosaigh chun carr a pháirceáil. Chun freastal ar an stráice trasnaithe seo, beidh fáil talún de dhíth feadh Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819). Tá fáil talún beartaithe ar an taobh thiar de Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819) idir Timpeallán Bhaile Bhailcín agus Bóthar Chill na Manach. Idir Bóthar Chill na Manach

agus Bóthar an Mhíle Fhada (R110), tá fáil talún beartaithe ar an taobh thoir de Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819). Tá sé beartaithe cosc ar chasadh ar dheis ag dul ó dheas a thabhairt isteach le haghaidh trácht ginearálta ó Bóthar Bhaile Bhailcín (R819) go Bóthar Chill na Manach chun éifeachtúlacht an acomhail a fheabhsú agus moilleanna do bhusanna a íoslaghdú. Beifear in ann rochtain a dhéanamh ar Bhóthar Chill na Manach ó Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819) fós trí Chéide Bhaile Bhailcín. Tá sé beartaithe freisin cosc ar chasadh ar dheis ag dul ó thuaidh a thabhairt isteach ó Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819) chuig an mbealach isteach theas den ollmhargadh SuperValu (Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhailcín) le linn buaicuaireanta ar mhaithe le feidhmiú an acomhail a fheabhsú agus an mhoill a chuirfí ar bhusanna a laghdú. Féadfar dul isteach san ionad siopadóireachta tríd an mbealach eile isteach tríd an gcarrchlós.

Beidh rotharbhealach scartha malartach ag rothaithe atá ag dul chun na cathrach feadh Bhóthar Bunting (Rotharbhealach MLBÁC 8A) agus Bhóthar Mhuire, a chuirfidh bealaí níos dírí ar fáil a cheanglaíonn Timpeallán Bhaile Bhailcín le Bóthar Chill Dara.

Tá sé beartaithe an t-acomhal ag Bóthar Dhroimeanaigh (R110) / Bóthar Bhaile Bhailcín (R819) a uasghrádú chun áiseanna do choisithe agus rothaithe a fheabhsú. Chun sábháilteacht na n-áiseanna rothaíochta a fheabhsú agus chun luasanna feithiclí a laghdú, baineadh an slioslána le haghaidh casadh ar chlé do Bhóthar Bhaile Bhailcín (R819) atá ann cheana agus beartaíodh tuilleadh plandaithe agus feabhsuithe ríochta uirbí. Athbhreithníodh tograí le haghaidh páirceála in aice le héadanas bóthair ar Bhóthar an Mhíle Fhada (R110), leis an leagan amach atá ann cheana ina bhfuil páirceáil ingearach tiontaithe ina leagan amach ina mbeidh páirceáil chomhthreomhar ann. Chun freastal ar na heagair ghrádaithe bheartaithe athbhreithnithe don acomhal beartaíodh struchtúr balla coinneála ar an taobh thuaidh de Bhóthar Dhroimeanaigh (R110) ag an idirbhealach le cul-de-sac Pháirc Shliabh Bladhma.

Ar Bhóthar Dhroimeanaigh (R110) tá sé beartaithe lána bus amháin, lána amháin do thrácht ginearálta agus raon rothar amháin a choinneáil sa dá threo. Athbhreithníodh an t-acomhal ag Bóthar Chill Dara, Bóthar Mhuire agus Bóthar Dhroimeanaigh chun áiseanna feabhsaithe do rothaithe agus coisithe a chur ar fáil. Cuirfidh sé seo nascacht feabhsaithe rothaíochta idir Bóthar Dhroimeanaigh (R110) agus an rotharbhealach beartaithe ar leataobh ón trácht trí Bhóthar Chill Dara.

Ar Bhóthar Chromghlinne (R110) coinneofar tosaíocht do bhusanna trí Chead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta a thabhairt isteach agus an sruth tráchta a bhainistiú sa dá threo feadh Bhóthar Chromghlinne (R110). Níl sé indéanta an chonair bhóthair a leathnú anseo le haghaidh lánaí ar leith do bhusanna agus tráchta sa dá treo mar gheall ar thoisí na ngairdíní tosaigh agus na srianta grádáin idir leibhéal an bhóthair agus doirse tosaigh. Tá dúnadh Bhóthar Chluain Ard agus Chéide Bheannchair ag teastáil ón eagar beartaithe le haghaidh rochtain dhíreach ar Bhóthar Chromghlinne chun bainistíocht tráchta a éascú taobh istigh den chuid seo de Bhóthar Chromghlinne (R110) sa dóigh go mbeifear in ann tosaíocht do bhusanna a choinneáil agus go mbeidh rochtain aontreo ó Bhóthar Chromghlinne (R110) ar Bhóthar Chluain Ard agus Céide Bheannchair indéanta. Beifear in ann imeacht ó agus rochtain a dhéanamh ar Chéide Bheannchair agus Bóthar Chluain Ard trí Bhóthar an Mhuilinn Ghaoithe agus Seanbhóthar an Chontae.

Mar gheall ar shrianta ar leithead i gceantar Bhóthar Chromghlinne (R110) níl a dhóthain spáis ann chun lánaí rothar ar leith a chur ar fáil. Mar sin de, tá sé beartaithe rotharbhealach malartach a chur ar fáil feadh Bhóthar Chill Dara agus Bhóthar an Chlochair.

Ar an rotharbhealach malartach, beidh rothar-raonta scartha den chuid is mó dá fhad trí cholbhaí a chur leis na lánaí rothar atá ann cheana nó trí rothar-raonta nua le colbhaí a thógáil. Ar Bhóthar an Chlochair, idir Bóthar Ghrianréime agus Bóthar Chill Dara, cuireann an stráice trasnaithe cúng bac ar sholáthar áiseanna rothaíochta ar leith. Mar sin de, tá sé beartaithe geata bus / rothar a chur ar fáil ag acomhal Bhóthar an Chlochair / Bhóthar Ghrianréime chun an méid tráchta a laghdú ar an mbóthar seo agus é a dhéanamh oiriúnach le haghaidh é a ainmniú mar Bhóthar Ciúin.

Ag acomhal Bhóthar Chromghlinne / Bhóthar Herberton / Bhóthar Ghrianréime, tá sé beartaithe an leagan amach atá ann cheana agus ailíniúcháin na gcolbhaí a mhionathrú chun áiseanna trasriain feabhsaithe do choisithe a chur ar fáil. Ar Bhóthar Chromghlinne (R110) idir Bóthar Herberton agus Bóthar an Charnáin, tá sé beartaithe lána bus amháin agus lána amháin do thrácht ginearálta a choinneáil sa dá threo. Níl an bóthar leathan a dhóthain ar an stráice seo le gur féidir raonta-rothar ar leith a chur ar fáil, agus an bealach atá beartaithe feadh Bhóthar an Chlochair mar bhealach mhalartach.

Ar Bhóthar Chromghlinne (R110) idir Bóthar Chuaille agus Bóthar an Charnáin laghdófar an luasteorainn go 30 kph ó 50 kph le cláir ardaithe suiteáilte ar acomhail le taobh-bhóithre chun inrochtaineacht do choisithe a fheabhsú. Ag acomhal Bhóthar Chromghlinne (R110) le Bóthar an Charnáin / Bóthar Parnell (R111) cuirfear lánaí rothar ar an mbóthar ar fáil taobh istigh den acomhail atá go hiomlán faoi rialú soilse tráchta agus coinneofar aon chosc ar chasadh ar dheis atá ann cheana.

Mar atá leagtha amach i bPlean Líonra Raonta Rothar MLBÁC, cuirfidh an stráice seo den chonair rochtain ar fáil ar na bealaí tánaisteacha SO3 (R818 Bóthar Dhún Chromail), SO4 (Bóthar Pheadair (R112) agus Ascaill Bhaile Bhailcín (R112)) agus 7E (Bóthar Bhaile an Mhóta Íochtarach). Ailíneoidh sé leis an mbealach tánaisteach 8A ar Bhóthar Bunting, an bealach tánaisteach 8C ar Bhóthar an Mhíle Fhada (R110), Bóthar Dhroimeanaigh (R110), Bóthar Chill Dara agus Bóthar an Chlochair chomh fada le Bóthar Parnell (R111) / príomhbhealach na Canálach Móire SO1 / N10. Déanfar acomhail taobh istigh den stráice seo a uasghrádú chun áiseanna rothaíochta feabhsaithe a chur ar fáil, nuair is indéanta.

## 6.4 Cuid 4: An Chanáil Mhór go Teampall Chríost

Idir Bóthar an Charnáin agus an Cuarbhóthar Theas (R811), tá sé i gceist lána bus amháin, lána amháin do thrácht ginearálta agus raon rothar amháin a chur ar fáil don dá threo feadh R110. Cuireann dearadh acomhal beartaithe an Chuarbhóthair Theas plean feabhsaithe Ríocht Phoiblí an Charnáin san áireamh, atá á chur i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC)

Idir an Cuarbhóthar Theas (R110) agus Sráid Bhaile Átha Fhirdhia tá sé beartaithe lána bus amháin, lána amháin do thrácht ginearálta agus raon rothar amháin a bheith ann don dá threo. Tá sé i gceist acomhal Shráid Bhaile Átha Fhirdhia a uasghrádú freisin le háiseanna feabhsaithe do choisithe. Tá sé beartaithe acomhal Shráid Chaoimhín / Shráid an Déin a mhionathrú chun áiseanna rothaíochta feabhsaithe éascú. Coinneofar tosaíocht do bhusanna ó Ascaill Lúcáis le Cead Bealaigh Faoi Rialú Soilse Tráchta tríthi toisc nach bhfuil leithead na conaire bóthair ar Shráid an Déin leordhóthanach chun lánaí bus leanúnacha a chur ar fáil.

Déanfar acomhail Shráid an Déin / Shráid Phádraig a uasghrádú chun áiseanna feabhsaithe do rothaithe agus coisithe a chur ar fáil tríd an slioslána le haghaidh casadh ar chlé atá ann cheana ar an gcúinne thiar thuaidh den acomhail a thiontú ina áis seachbhealaigh do rothair chun bearta éifeachtúlachta a thabhairt le haghaidh rothaithe atá ag casadh ar chlé ar an gconair. Tabharfar trasrian rialaithe isteach chun idirghníomhú idir coisithe agus rothaithe a bhainistiú ar an seachbhealach do rothair.

Buailfidh an Scéim Conaire Bus Lárnaí beartaithe ó Chamaigh go Lár na Cathrach leis an mbealach anseo ar an ngéag theas tríd an tSráid Nua. Cuireann na tograí dearaidh san áireamh ceangal leis an eagar atá ann cheana agus an t-eagar atá beartaithe don todhchaí faoin Scéim Conaire Bus Lárnaí ó Chamaigh go Lár na Cathrach.

Idir Sráid an Déin agus Bóthar Bhríde, tá sé beartaithe lána bus amháin, lána amháin do thrácht ginearálta agus raon rothar amháin a bheith ann don dá threo. Idir Bóthar Bhríde agus Plás Theampall Chríost tá sé beartaithe lána bus agus raon rothar amháin a bheith ann sa dá threo le dhá lána isteach agus lána amháin amach le haghaidh tráchta.

Críochnaíonn an Scéim Bheartaithe ag acomhal Plás Theampall Chríost le Shráid an Fhíona, áit ina gceanglaíonn an Scéim Bheartaithe isteach le heagar CCBÁC do lána bus in aghaidh an tsrutha, agus cuirfidh sé seo nascacht ar fáil chuig na Céanna agus uathu.

Buailfidh an Scéim Conaire Bus Lárnaí beartaithe ó Ghleann na Life go Lár na Cathrach leis an mbealach anseo ar an ngéag thiar tríd an tSráid Ard. Cuireann na tograí dearaidh san áireamh ceangal leis an eagar atá ann cheana agus an t-eagar atá beartaithe don todhchaí faoi Scéim Ghleann na Life.

Mar atá leagtha amach i bPlean Líonra Raonta Rothar MLBÁC, ailíneoidh an stráice seo den chonair le príomhbhealach 8 ar R110 Sráid an Charnáin, Sráid Chorcaí agus Ascaill Lúcáis agus ceanglóidh sé le príomhbhealach 7 ag R108 an tSráid Ard agus Plás Theampall Chríost. Ailíneoidh sé leis an mbealach tánaisteach 9B ar R137 Sráid Phádraig agus Sráid Niocláis. Déanfar acomhail taobh istigh den stráice seo a uasghrádú chun áiseanna rothaíochta feabhsaithe a chur ar fáil nuair is indéanta.

## 6.5 Cuid 5: Siúlán Áth na Coille (R113) / Bóthar Nangair Nua (R134) chuig an acomhal Bóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bóthar an Náis (810) / Bóthar Nangair Nua (R134)

Déanfar an t-acomhal ag Siúlán Áth na Coille / Bóthar Nangair Nua (R134) a uasghrádú tríd na slioslánaí le haghaidh casadh ar chlé atá ann cheana a bhaint, áiseanna feabhsaithe do rothaithe agus coisithe agus nascacht níos fearr le glasbhealach na Canálach Móire, atá ann cheana, a chur ar fáil, lena n-áirítear baint an gheata aonfhir.

Idir acomhal Shiúlán Áth na Coille / Bhóthar Nangair Nua (R134) agus an stráice a dhruideann ar thardhroichead an M50, cuirfear lána bus lána do thrácht ginearálta agus raon rothar ar fáil sa dá threo. Cuirfear cosán leanúnach ar fáil feadh an taoibh de Bhóthar Nangair Nua (R134) a théann amach. Ar an taobh de Bhóthar Nangair Nua (R134) a théann isteach, ní bheartaítear aon chosán tar éis acomhal Shiúlán Áth na Coille toisc go dtreorófar coisithe chuig Glasbhealach comhthreomhar na Canálach Móire.

Tá sé beartaithe carrbhealach R134, atá ann cheana ag an droichead thar an M50, a leathnú chun eagar trí lána a chur ar fáil. Beartaíodh lána bus leanúnach isteach chun aon chiúáil fhéideartha a fhéadfaidh tarlú ó acomhal uasghrádaithe Pháirc Gnó Radharc na hAbhann a mhaolú. Éascaítear tosaíocht do bhusanna ar an lána bus amach le soilse tosaíochta do bhusanna ar an stráice a dhruideann ar thardhroichead an M50. Tugtar an cosán ag dul isteach ar Bhóthar Nangair Nua (R134) isteach arís ar an stráice a dhruideann ar acomhal Pháirc Ghnó Bhóthar Nangair le ceangal naisc nua do choisithe agus rothaithe chuig Glasbhealach na Canálach Móire taobh thoir de thardhroichead an M50.

Idir acomhal Bhóthar Nangair Nua (R134) / Pháirc Gnó Radharc na hAbhann agus acomhal Bhóthar Nangair Nua (R134) / Bhóthar Uí Chillín tá sé beartaithe carrbhealach R134, atá ann cheana, a leathnú chun freastal ar áiseanna feabhsaithe do bhusanna, rothaithe agus coisithe feadh na conaire. Beidh fáil talún logánta ag teastáil dó seo ar na himill theas agus thuaidh den charrbhealach atá ann cheana. Beidh mionathruithe logánta ar cheannbhalla na Camógie ag acomhal Bhóthar Nangair Nua (R134) / Bhóthar na Darach ag teastáil freisin.

Déanfar na timpealláin agus acomhail feadh na coda seo de Bhóthar Nangair Nua (R134) a uasghrádú chuig acomhail faoi rialú soilse tráchta a chosnaíonn rothaithe agus beartaítear oileáin mhóra le haghaidh scartha nuair is indéanta mar chúiteamh ar ghluaiseacht na bhfeithiclí earraí troma sa cheantar. Beartaítear baint na slioslánaí le haghaidh casadh ar chlé agus áiseanna feabhsaithe trasnaithe do choisithe.

Beartaítear trasrianta cláir ardaithe ag idirbhealach na mbealaí isteach atá ann cheana do HGVanna (Diageo Baileys agus Toyota Ireland) ar an taobh thuaidh de Bhóthar Nangair Nua (R134) chun na heagair trasnaithe atá ann cheana a fheabhsú.

Ag acomhal Bhóthar Uí Chillín, déanfar an áis seachbhealaigh amach do bhusanna atá ann cheana a mhionathrú chun freastal ar eagair athbhreithnithe an acomhail. Cuirfidh áis dhá threo rothaíochta nua ceangal ar fáil don droichead rothaíochta beartaithe ag acomhal Bhóthar Nangair Nua (R134) / Bhóthar an Náis (R810) agus ceanglóidh sí leis an raon rothar dhá threo beartaithe ar an taobh thuaidh de Bhóthar an Náis (R810), mar sin de cuirfear feabhas ar inrochtaineacht na raonta rothar atá ann cheana ar Bhóthar Uí Chillín a cheanglaíonn le Glasbhealach na Canálach Móire agus leis an bPáirc Thiar agus a laghdaíonn an gá le trasrianta do rothair ar R134 ag an am céanna. Tabharfar isteach cosc beartaithe ar chasadh ar dheis ag dul isteach ó Bhóthar Nangair Nua (R134) i dtreo Bhóthar Uí Chillín chun tosaíocht do bhusanna a éascú sa stráice seo trí ath-leithdháileadh lánaí. Is féidir teacht ar mhalairt slí ar Bhóthar Uí Chillín ó Bhóthar Nangair Nua (R134) ach dul feadh Bhóthar na Sailí / Lána Chnoc Mitin. Tá sé beartaithe go gcoinneofar an cosc atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le casadh ar dheis le linn buaicuaire tráchta ó Bhóthar Uí Chillín go dtí Bóthar Nangair Nua (R134) ach comharthaí a chur isteach do bhusanna ar an mbealach isteach d'fhonn tosaíocht leanúnach a thabhairt do bhusanna i lár tráchta atá ag casadh ar dheis ó Bhóthar Uí Chillín.

Idir acomhal Bhóthar Uí Chillín agus acomhal Bhóthar an Náis (R810) beidh gá le ceannach talún agus le ballaí coinneála nua a chur isteach feadh na teorann thuaidh d'fhonn éascú a dhéanamh ar bhonneagar feabhsaithe do bhusanna, rothaithe agus do choisithe.

Ag acomhal Bhóthar Nangair Nua (R134) / acomhal Bhóthar an Náis (R810), moladh droichead nua do choisithe agus do rothaithe agus rampaí is staighre inrochtana ar gach bealach chuig an acomhal a chur isteach d'fhonn cur le tréscaoilteacht agus le sábháilteacht coisithe agus rothaithe ag an acomhal. Dá bharr seo beidh gá le ceannach talún mar aon le cóireáil teorann a dhéanamh ar imeall na teorann bóthair atá ann cheana féin chun spás a dhéanamh don droichead agus do na fo-struchtúir rampa atá beartaithe. Maidir le lána bus leanúnach isteach atá beartaithe agus áis sheach-chonaire um chasadh ar chlé aige, soláthróidh sé tosaíocht fheabhsaithe do bhusanna idir Bóthar Nangair Nua (R134) agus Bóthar an Náis (R810). Beidh gá le fáil talún agus le modhnuithe teorann chun é seo a chur i gcrích, lena n-áirítear struchtúir choinneála nua maille le rampaí agus le céimeanna rochtana don droichead nua. Moltar lána bus nua a chur isteach laistigh den acomhal do bhusanna ar an mbealach amach i dtreo Bhóthar Nangair Nua (R134) d'fhonn tuilleadh tosaíochta a thabhairt do bhusanna feadh na conaire. Déanfar leagan amach na lánaí tráchta i gcoitinne ó Bhóthar an Mhíle Fhada (R110) a choigeartú dá bharr go dhá lána dul díreach ar aghaidh i dtreo Bhóthar Nangair Nua (R134) agus dhá lánaí um chasadh ar chlé i dtreo Bhóthar an Náis (R810).

Mar a leagtar amach sa Plean Líonra Raonta Rothar MLBÁC, ailíníonn an stráice seo den chonair leis an bPríomhbhealach beartaithe 7B / N10 go dtí go mbuaileann rothaithe le Bóthar Nangair Nua arís tar éis thardhroichead an M50. Ailíníonn an bealach seo freisin leis an mBealach Tánaisteach 8C2 feadh a imeall.

## 6.6 Cuid 6: Acomhal Bhóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bhóthar an Náis (R810) / Bhóthar Nangair Nua (R134) le Droimeanach.

Tá an Scéim Bheartaithe á cur feadh Bhóthar an Náis (R810) go dtí an t-acomhal le hAscaill Bhaile Bhailcín (R112), ar bhealach a choinníonn an leagan amach atá ann faoi láthair: is é sin, lána bus amháin maille le dhá lána tráchta i ngach treo fad is atá raon rothar dhá bhealach deighilte á mholadh ar an mbealach isteach agus raon rothar aontreo deighilte á mholadh ar an mbealach amach. Tá an sliosslána um chasadh ar chlé i dtreo Bhóthar na Coille Móire (R112) le baint agus cuirfear cosc ar ghluaiseacht isteach ag casadh ar chlé, fad is atá trácht á chur ar mhalairt slí bealach Sheanbhóthar an Náis / Chéide John F. Kennedy d'fhonn dul isteach i mBóthar na Coille Móire (R112). Dá bharr seo beifear in ann saoráidí bus feabhsaithe agus pointe aistrithe paisinéirí a chur isteach le Stad Luas na Coille Móire. I gcás busanna atá ag casadh ar dheis ó Bhóthar an Náis (R810) i dtreo Ascaill Bhaile Bhailcín (R112), beidh leataobh stad an bhus ann dóibh a bhfuil comhartha tosaíochta do bhusanna i bhfeidhm ann le gur féidir leo an casadh ar dheis tríd an acomhal a chríochnú gan stró. Maidir le seirbhísí a théann an bealach ar fad/busanna ag taisteal feadh Bhóthar an Náis (R810), beidh leataobh stad an bhus acu in aice le acomhal Sheanbhóthair an Náis. Tá stad bus inlíne curtha ar fáil do Sheirbhísí Lárnacha na Conaire agus leataobh stad bus ar leataobh ón trácht do bhusanna ar an stráice amach de Bhóthar an Náis (R810). Beidh gá le ceannach talún go háitiúil agus le leathnú d'fhonn spás a dhéanamh do stadanna bus amach.

Táthar i mbun leagan nua a chur ar acomhal Bhóthar an Náis (R810) / Ascaill Bhaile Bhailcín (R112) d'fhonn saoráidí feabhsaithe a chur ar fáil do choisithe agus do rothaithe. Coinnítear na bealaí coisithe atá ann cheana ar feadh Bhóthair an Náis agus trasrianta cláir ardaithe ag príomhbhealaí isteach ar an stráice seo den chonair d'fhonn cúrsaí a fheabhsú maidir le tús áite a thabhairt do choisithe.

Ag teacht ó Bhóthar an Náis (R810), tá an Scéim Bheartaithe á cur feadh Ascaill Bhaile Bhailcín (R112) agus lána bus amháin feadh na slí, chomh maith le lána amháin do thrácht ginearálta, raon rothar agus cosán i gceachtar treo. Cuireadh gruaimhín isteach d'fhonn an raon rothar amach a dheighilt ón gcarrbhealach agus d'fhonn na crainn aibí feadh an stráice seo den chonair a choimeád. Beidh gá le ceannach talún ar an teorainn thoir d'fhonn spás a dhéanamh don chrosbhealach leasaithe.

Táthar i mbun leagan amach nua a chur ar acomhal Ascaill Bhaile Bhailcín (R112) / Bhóthar an Mhíle Fhada (R110) d'fhonn áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil do choisithe agus do rothaithe. Táthar i mbun an bealach isteach siar chuig an acomhal ar Bhóthar an Mhíle Fhada a athrú chomh maith, agus geata bus á chur ar fáil do bhusanna le go mbeidh tuilleadh tosaíochta acu le linn dóibh casadh ar dheis isteach in Ascaill Bhaile Bhailcín.

Cloítear den chuid is mó leis an leagan amach atá ann faoi láthair ó thaobh lánaí bus agus tráchta de feadh Bhóthar an Mhíle Fhada (R110) chomh fada leis an acomhal Pháirc Shliabh Bladhma, áit a gceanglaíonn an Scéim Bheartaithe leis an stráice Thamhlachta. Moltar go ndéanfaí acomhal Pháirc Shliabh Bladhma a uasghrádú go acomhal a bhfuil soilsí tráchta air agus áiseanna feabhsaithe ann do choisithe agus do rothaithe. Cloítear leis an soláthar do chosáin atá ann cheana den chuid is mó, agus tá cláir ardaithe beartaithe ag taobh-bhóithre chomh

maith le trasrianta cláir ardaithe láimh leis na scoileanna le go mbeadh teacht níos fearr agus níos sábháilte ag coisithe orthu. Tá raonta-rothar ar fáil ag dul i gceachtar treo.

Mar a leagtar amach i bPlean Líonra Raonta Rothar MLBÁC, ailíníonn an stráice seo den chonair leis an mBealach Tánaisteach 7D atá beartaithe, leis an mBealach Tánaisteach S04 atá beartaithe, leis an mBealach Tánaisteach 8C atá beartaithe.

# 7. Tógáil

Maidir le Céim Thógála na Scéime Beartaithe, táthar ag súil go mbeidh 36 mhí ann sula gcríochnófar í. Tógfar ina stráicí é agus beidh tréimhsí níos gairide i gceist i gcás gach stráice a chríochnú idir dhá sheachtain agus deich mí.

Cuimseoidh tógáil na Scéime Beartaithe na gníomhaíochtaí seo a leanas:


- Ullmhú suíomh agus oibreacha glanta; lena n-áirítear:
  - Ceannach talún sa chás gur gá seilbh a ghlacadh ar thalamh ar bhonn sealadach nó go buan;
  - Fál agus comharthaí a chur isteach;
  - An chosaint ó chrainn agus ó fhásra le coimeád;
  - Glanadh fásra agus cóireáil speiceas ionrach neamhdhúchasach;
  - Iniúchtaí seandálaíochta;
  - Iniúchtaí talún;
  - Campúin Tógála a chur ar bun;
  - Soilsiú Sealadach a chur isteach; agus
  - Nithe amhail ballaí, geataí, fál, cuaillí solais agus stadanna bus a scartáil.
- Uasghráduithe Bóthair agus Sráide, lena n-áirítear:
  - Dromchla bóthair a thochailt;
  - Cur isteach / athruithe ar pháirceáil / soláthar le haghaidh lódála agus rochtain ar áitreabh;
  - Bearta sábháilteachta maidir le coisithe agus rothaithe a chur i bhfeidhm.
  - Aon dúnadh bóthair nó aon mhalairt slí is gá a chur i bhfeidhm;
  - Oibreacha ar shiléir, más gá;
  - Coigeartú nó uasghrádú a dhéanamh ar dhraenáil;
  - Pé athailíniú, uasghrádú, athsholáthar nó cosaint is gá a dhéanamh ar fhóntais agus ar sheirbhísí;
  - Struchtúir a thógáil, lena n-áirítear:
    - Pointe Aistrithe Bhusanna Thamhlachta;
    - Droichid Coisithe agus Rothaithe ag Bóthar na nGlaschnoc;
    - Droichead Coisithe agus Rothaithe ag Bóthar an Náis; agus
    - Ballaí Coinneála.
  - Cosán a thógáil, lena n-áirítear carrbhealaí do thrácht ginearálta, timpealláin a athrú go hacomhail a bhfuil soilsí tráchta orthu, lánaí bus, feabhas a chur ar stadanna bus idir iadsan atá ann cheana agus chinn nua, raonta rothar ar bhóthar, raonta rothar easbhóthair, tearmainn tráchta, páirceáil ar leataobh ón trácht agus bánna lódála, srl;
  - Feistis bhóthair a chur isteach (lena n-áirítear troscán sráide, comharthaíocht, soilsiú, stadanna bus (scáthláin, TCI [Teilifís Ciorcaid Iata] agus taispeántais eolais) agus córais chumarsáide); agus
  - Cóireáil teorann agus tírdhreachadh.
- Láithreán Tógála a dhíchoimisiúnú, lena n-áirítear saoráidí agus trealamh tógála a bhaint.

Lonnófar na Campúin Thógála feadh na Scéime Beartaithe mar seo a leanas:

- Compún Tógála TC1: ag an gceann thiar de Sheanbhóthar Bhaile Coimín, in aice leis an acomhal leis an seachbhóthar N81 Thamhlachta;
- Compún Tógála TC2: Bóthar na nGlaschnoc R819, díreach ó dheas ón acomhal le Páirc Bancroft Park agus le Bóthar na nGlaschnoc R819;
- Compún Tógála TC3: Bóthar na nGlaschnoc R819, idir Bóthar na Beithe agus Bóthar na nGlaschnoc R819;
- Compún Tógála TC4: Bóthar na nGlaschnoc R819, idir Bóthar Ghort na gCrann agus Bóthar na nGlaschnoc R819;


- Compún Tógála TC5: Bóthar na nGlaschnoc R819, ar an taobh ó thuaidh de Lána Thigh Motháin; ar an taobh thoir theas den Mótarbhealach M50;
- Compún Tógála TC6: Bóthar na nGlaschnoc R819, os comhair Truck Dismantlers Thamhlachta, ar an taobh thoir thuaidh de Mhótarbhealach M50.
- Compún Tógála TC7: Bóthar na nGlaschnoc R819, idir Ascaill Bhaile an Mhóta agus Bóthar na nGlaschnoc R819;
- Compún Tógála TC8: Páirc Bunting, feadh Bhóthar Bunting;
- Compún Tógála TC9: Bóthar Chromghlinne R110, díreach siar ón acomhal le Bóthar Uí Reachtúir agus le Bóthar Chromghlinne R110;
- Compún Tógála TC10: Bóthar Chromghlinne R110, díreach siar ón acomhal le hAscaill Rutland agus le Bóthar Chromghlinne R110;
- Compún Tógála TC11: Sráid an Déin / Sráid Phádraig R137;
- Compún Tógála TC12: Idir Bóthar Nangair Nua R134 agus Bóthar Uí Chillín; agus
- Compún Tógála TC13: Bóthar an Mhíle Fhada R110, taobh ó dheas d'acomhal Bhóthar Nangair Nua / Bhóthar an Náis / Bhóthar an Mhíle Fhada.

Compún Tógála TC1: lonnófar é sa limistéar glas ag an  gceann thiar de Sheanbhóthar Bhaile Coimín, in aice leis an acomhal leis an seachbhóthar N81 Thamhlachta; , mar a léirítear in Íomhá 7.1.





**Íomhá 7.1: Láthai agus Achar an Chompúin Tógála TC1**

Lonnófar Compún Tógála TC2 sa limistéar glas ar an taobh thoir de Bhóthar na nGlaschnoc R819, díreach ó dheas den acomhal le Páirc Bancroft , mar a léirítear in Íomha 7.2.





**Íomhá 7.2: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC2**

Lonnófar Compún Tógála TC3 sa limistéar glasidir Bóthar na nGlaschnoc agus Ascaill Radharc na Beithe, a bheidh mar chuid de na hoibreacha buana sa deireadh thiar thall, mar a léirítear in Íomhá 7.3.





**Íomhá 7.3: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC3**

Lonnófar Compún Tógála TC4 sa limistéar glas idir Bóthar na nGlaschnoc / Bóthar Ghort na gCrann, a bheidh mar chuid de na hoibreacha buana sa deireadh thiar thall, mar a léirítear in Íomhá 7.4.





**Íomhá 7.4: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC4**

Lonnófar Compún Tógála TC5 ag limistéar glas feadh Bhóthar na nGlaschnoc, taobh ó thuaidh de Lána Thigh Motháin, mar a léirítear in Íomhá 7.5.





**Íomhá 7.5: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC5**

Lonnófar Compún Tógála TC6 sa limistéar glas feadh Bhóthar na nGlaschnoc R819, os comhair Truck Dismantlers Thamhlachta, ar an taobh thoir thuaidh de Mhótarbhealach M50 , mar a léirítear in Íomhá 7.6.





**Íomhá 7.6: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC6**

Lonnófar Compún Tógála TC7 sa limistéar folamhidir Bóthar na nGlaschnoc agus Ascaill Bhaile an Mhóta, a bheidh mar chuid de na hoibreacha buana sa deireadh thiar thall, mar a léirítear in Íomhá 7.7.





**Íomhá 7.7: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC7**

Lonnófar Compún Tógála TC8 ag Páirc Bunting feadh Bhóthar Bunting, mar a léirítear in Íomhá 7.8.





**Íomhá 7.8: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC8**

Lonnófar Compún Tógála TC9 sa limistéar glas ar an taobh thuaidh de Bhóthar Chromghlinne ag an acomhal le Bóthar Uí Reachtúir, mar atá léirithe in Íomhá 7.9.





**Íomhá 7.9: Láthair agus Achar an Champúin Tógála TC9**

Lonnófar Compún Tógála TC10 in aice leis an limistéar glas ar an taobh de Bhóthar Chromghlinne agus an acomhal le Ascaill Rutland, mar a léirítear in Íomhá 7.10.





**Íomhá 7.10: Suíomh agus Achar an Chompúin Tógála T10**

Lonnófar Compún Tógála TC11 ag Sráid an Déin / Sráid Phádraig, mar a léirítear in Íomhá 7.11.





**Íomhá 7.11: Suíomh agus Achar an Chompúin Tógála TC11**

Lonnófar Compún Tógála TC12 feadh Bhóthar an Mhíle Fhada R110, taobh ó dheas d’acomhal Bhóthar Nangair / Bhóthar an Náis / Bhóthar an Mhíle Fhada, mar a léirítear in Íomhá 7.12.




**Íomhá 7.12: Láthair agus Achar Champún Tógála TC12**

Lonnófar Compún Tógála TC13 feadh Bhóthar an Mhíle Fhada, taobh ó dheas d'acomhal Bhóthar Nangair / Bhóthar an Náis / Bhóthar an Mhíle Fhada, mar a léirítear in Íomhá 7.13.




**Íomhá 7.13: Suíomh agus Achar an Chompúin Tógála TC13**

Úsáidfear Campúin Thógála mar phríomháit stórála ábhar, gléasra agus trealaimh, oifigí láithreáin, áiseanna leasa oibrithe agus páirceáil teoranta. Daingneofar na Campúin Thógála lena chinntiú go mbeidh gach ábhar agus innealra stóráilte ar an láthair go slán sábháilte. Cuirfear fál sealadach suas agus fostófar lucht slándála don láithreán.

## 7.1 Plean Bainistíochta Timpeallachta Tógála

Táthar tar éis Plean Bainistíochta Timpeallachta Tógála (PBTT) a ullmhú a dhéanann cur síos ar an straitéis bainistíochta timpeallachta foriomlán a chuirfear i bhfeidhm le linn Chéim Thógála na Scéime Beartaithe. Cuimsíonn an PBTT bearta maolaithe a chuirfear i bhfeidhm d'fhonn an timpeallacht a chosaint le linn Chéim Thógála na Scéime Beartaithe. Tugann an PBTT aghaidh ar thrácht tógála, acmhainní agus dramhaíl a bhainistiú, chomh maith le speicis ionracha, uisce dromchla agus bearta comhshaoil um fhreagairt ar theagmhais a bhainistiú

Déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair [ÚNI] (an Fostóir i mbun na n-oibreacha tógála) an PBTT a nuashonrú sula gcuirfear tús le Céim na Tógála le gur féidir aon bheart breise a chur san áireamh a bheidh de dhíth de bhun coinníollacha a bhaineann le cinneadh ar bith chun faomhadh a cheadú. Leagfaidh an ÚNI Riachtanais an Fhostóra amach sa Chonradh Tógála, lena n-áirítear gach beart maolaithe a shainaithnítear sa TMTT seo, chomh maith le bearta breise atá de dhíth de bhun na gcoinníollacha a théann le haon chinneadh chun faomhadh a thabhairt.

Tugtar aird sa CEMP ar an treoir atá i dTreoirlínte BIE chun Plean Oibriúcháin Timpeallachta a Chruthú, a Chur chun Feidhme agus a Chothabháil, agus an lámhleabhar a d'fhoilsigh Cumann Taighde agus Faisnéise an

Tionscail Tógála (CIRIA) sa Ríocht Aontaithe, Environmental Good Practice on Site Guide, 4ú hEagrán (CIRIA 2015).

## 7.2 Plean Bainistíochta Tráchta Tógála

Ullmhaíodh Plean Bainistíochta Tráchta Tógála (PBTT) ar mhaithe le léargas a thabhairt ar an gcaoi ina ndéanfar comhéadan idir an bpobal agus trácht tógála a bhainistiú agus conas a dhéanfar gluaiseacht feithiclí a rialú.

Maidir leis na bóithre agus na sráideanna feadh na Scéime Beartaithe a ndéanfar uasghrádú orthu, fanfaidh siad ar oscailt, nuair is féidir sin, le linn Chéim na Tógála. Le nach gcuirfí moill ar thrácht, beidh gá, i gcásanna áirithe, le roinnt atreoraithe tráchta a chur i bhfeidhm nó srianta a chur ar lánaí go háitiúil le gur féidir gnéithe áirithe de na hoibreacha a chur i gcrích.

Coimeádfar rochtain ar ionaid réadmhaoine chomh fada agus is indéanta le réasún. Cé go gcuirfear bac go sealadach le bealaí isteach i rith na ngnáthuaireanta oibre, cuirfear úsáideoirí a bheidh thíos leis ar an eolas faoi agus socrófar srianta i gcomhairle leo roimh ré. Beidh rochtain fós d'fheithicilí éigeandála.

Nuair is féidir, coimeádfar raonta rothar agus cosáin oscailte feadh an bhealaigh le linn na n-oibreacha tógála a bheith ar siúl. Más gá, cuirfear bealaí eile ar fáil d'fhonn gluaiseachtaí coisithe agus rothaithe a éascú. Coimeádfar seirbhísí bus sa siúl. Fós féin, beidh gá le roinnt stadanna bus a athlonnú ar feadh tamall gearr chun freastal ar na hoibreacha.

Críochnófar na hoibreacha ina stráicí ceann ar cheann an bealach ar fad feadh na conaire i dtreo is nach mbeidh ar aon cheantar cur suas le tréimhse fhada de chur isteach le linn an 36 mhí a bheidh tógáil ar siúl. Déanfaidh an ÚNI conraitheoir a cheapadh d'fhonn cumarsáid a éascú ar bhonn réamhghníomhach maidir leis na hoibreacha pleanáilte sceidealta ionas go gcoinneofaí daoine aonair, gnólachtaí agus pobail a bheadh thíos leis ar an eolas má tá plean ar na bacáin bóthar a dhúnadh ar feadh tamall gearr.

# 8. Tionchair Timpeallachta agus Bearta Maolaithe

Is deis luachmhar é an próiseas MTT chun leas a bhaint as mionchoigeartú dearaidh chun tionchair timpeallachta a d'fhéadfadh tarlú a laghdú, agus tá sé seo éirithe ina dhlúthchuid den phróiseas dearaidh don Scéim Bheartaithe, fad is a dhéanfar gach iarracht lena chinntiú go mbainfear amach cuspóirí na Scéime Beartaithe. Ina theannta sin, glacadh isteach nuair ba chuí aiseolas a fuarthas ón gclár cuimsitheach comhairliúcháin a rinneadh le linn an phróisis roghnaithe roghanna agus forbartha dearaidh.

Rinneadh dearadh na Scéime Beartaithe a fhorbairt sa chaoi is gur féidir gach tionchar timpeallachta féideartha a shainaithint, agus gur féidir measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh a bhfuil bonn eolais iomlán faoi.

Mar a thugtar achoimre air i gCuid 7.1, leagfaidh an ÚNI (an Fostóir i mbun na n-oibreacha tógála) Riachtanais an Fhostóra amach sa Chonradh Tógála, lena n-áirítear gach beart maolaithe infheidhme a shainaithnítear sa TMTT seo, chomh maith le bearta breise atá de dhíth de bhun na gcoinníollacha a théann le haon chinneadh chun faomhadh a thabhairt. Is éard a bheidh i gceist le conraitheoir á roghnú ná deimhin a dhéanamh de go bhfuil an conraitheoir a cheapfar inniúil a dhóthain chun tabhairt faoi na hoibreacha, lena n-áirítear na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Caithfidh an conraitheoir a cheapfar oibreacha tógála na Scéime Beartaithe a phleanáil agus a thógáil de réir Riachtanas an Fhostóra, agus fostóidh an NTA foireann Ionadaithe an Fhostóra a bhfuil an cumas cuí acu chun an Conradh Tógála a reáchtáil agus monatóireacht a dhéanamh air ionas go gcomhlíonann sé Riachtanais an Fhostóra.

Sna míreanna seo a leanas tugtar achoimre ar na measúnachtaí a rinneadh le haghaidh gach topaic chomhshaoil agus leagtar amach na tionchair iarmharacha nach beag ar dócha go n-eascródh siad as tógáil agus oibriú na Scéime Beartaithe. Déantar cur síos ar na topaicí comhshaoil seo a leanas:

- Trácht & Iompar;
- Caighdeán Aeir;
- Aeráid;
- Torann & Creathadh;
- Daonra;
- Sláinte Daoine;
- Bithéagsúlacht;
- Uisce;
- Talamh, Ithreacha, Geolaíocht & Hidrigeolaíocht;
- Oidhreacht Sheandálaíochta & Chultúrtha;
- Oidhreacht Ailtireachta;
- Tírdhreach (Bailedhreach) & Amhairc;
- Dramhaíl agus Acmhainní;
- Sócmhainní Ábhair;
- Riosca Timpistí agus / nó Tubaistí Móra; agus
- Tionchair Charnacha & Idirghníomhaíochtaí Timpeallachta.

## 8.1 Trácht agus Iompar

Tá dhá chuid ar leithligh sa mheasúnacht ar thionchair tráchta agus iompair: na hathruithe fisiciúla ar an gcóras iompair agus samhaltú tráchta.

Tá na tionchair tráchta agus iompair briste síos sna hábhair mheasúnaithe seo a leanas maidir leis na Céimeanna Tógála agus Oibríochtúla:

- Measúnachtaí ar na hathruithe fisiciúla:
    - **Bonneagar Coisithe:** Na hathruithe ar cháilíocht bhonneagar na gcoisithe feadh mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.
    - **Bonneagar rothaíochta:** Na hathruithe ar cháilíocht an bhonneagair rothaíochta feadh mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.
    - **Bonneagar Bus:** Na hathruithe ar cháilíocht an bhonneagair bus feadh mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe; agus
    - **Páirceáil / Lódáil:** Na hathruithe ar infhaighteacht páirceála agus lódála mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.
- Tugann an mheasúnacht bunaithe ar shamhaltú aghaidh ar:
    - **Gluaiseachtaí Daoine:** Rinneadh measúnacht le fáil amach conas a d'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe dul i bhfeidhm ar líon réamh-mheasta na ndaoine (de réir modha – Siúl, Rothaíocht, Bus agus Trácht Ginearálta) le linn dóibh gluaiseacht feadh na Scéime Beartaithe le linn na Céime Oibríochtúla;
    - **Táscairí Feidhmíochta Bus:** Na hathruithe ar agaí agus iontaofacht turas réamh-mheasta do bhusanna mar thoradh ar an Scéim Beartaithe; agus
    - **Trácht Ginearálta:** Na tionchair dhíreacha agus indíreacha a chuirfear isteach ar dhálaí tráchta ginearálta ar an Scéim Bheartaithe agus an líonra bóithre mórthimpeall.

I gcomhair Chéim na Tógála, ullmhófar socruithe bainistíochta tráchta sealadacha i gcomhréir le 'Lámhleabhar Comharthaí Tráchta, Caibidil 8 Bearta Tráchta Sealadacha agus Comharthaí le haghaidh Oibreacha Bóthair' de chuid na Roinne Iompair. Cuirfear bearta i bhfeidhm le go mbeidh a laghad cur isteach agus is féidir ó Chéim na Tógála. Ullmhóidh an conraitheoir ceaptha Plean Bainistíochta Soghluaisteachta don Chéim Thógála, mar a thuairiscítear sa PBTT, ar mhaithe lena chuid pearsanra a spreagadh chun modhanna inbhuanaithe a úsáid agus iad ag triall ar an láithreán.

Is é tátal na measúnachta go mbeidh drochthionchar ag Céim na Tógála, agus é idir beag agus measartha, ach ní mhairfidh sé i bhfad, agus nuair a chuirfear na bearta maolaithe atá beartaithe i bhfeidhm, is beag cur isteach a dhéanfar ar thrácht agus ar iompar.

Is iadna tionchair a ndearnadh measúnú ina leith le linn na Céime Oibríochtúla a shocraíonn an chaoin ina ndéantar an Scéim Bheartaithe a chomhtháthú laistigh den líonra atá ann cheana féin agus na hathruithe a dhéantar ar shruthanna tráchta sa limistéar staidéir díreach agus indíreach. Léirítear an méid seo a leanas sa mheasúnú:

- **Bonneagar Coisithe:** Tríd is tríd, beidh éifeacht Dhearfach, An-Suntasach agus Fhadtéarmach ag na feabhsuithe ar cháilíocht an bhonneagair choisithe i Stráice 1 agus i Stráice 2; beidh éifeacht Dhearfach, Shuntasach agus Fhadtéarmach i Stráice 4, i Stráice 5, agus i Stráice 6 agus éifeacht Dhearfach, Mheasartha agus Fhadtéarmach i Stráice 3 den Scéim Bheartaithe.
- **Bonneagar rothaíochta:** I bhfianaise ardchaighdeán an bhonneagair choisithe feadh na Scéime Beartaithe, is Dearfach, Suntasach agus Fadtéarmach an éifeacht a bheidh ag na feabhsuithe i Stráice 2, i Stráice 3 agus i Stráice 5 agus is Dearfach, Measartha agus Fadtéarmach an éifeacht a bheidh ann i Stráice 6, i Stráice 1 agus i Stráice 4.
- **Bonneagar Bus:** Léiríonn torthaí na measúnachta gur Dearfach, An-Suntasach agus Fadtéarmach a bheidh na feabhsuithe ar cháilíocht an bhonneagair bus i Stráice 1, i Stráice 2, agus i Stráice 4; agus is Dearfach, Suntasach agus Fadtéarmach an éifeacht a bheidh ann i Stráice 3 agus i Stráice 5 chomh maith le héifeacht Dhearfach, Mheasartha agus Fhadtéarmach i Stráice 6 den Scéim Bheartaithe.

- **Páirceáil agus Lódáil:** Mar gheall ar mhéid an chaillteanais páirceála mar aon le líon na spásanna eile a bheidh ar fáil sa limistéar staidéir indíreach, meastar go mbeidh drochthionchar Beag ach Fadtéarmach i Stráice 1, i Stráice 2, i Stráice 3, i Stráice 4 agus i Stráice 6 agus drochthionchar Fánach ach Fadtéarmach i Stráice 5 den Scéim Bheartaithe.
- **Gluaiseachtaí Daoine:** Tríd is tríd, meastar go rachaidh an Scéim Bheartaithe i bhfeidhm ar ghluaiseacht inbhuanaithe daoine feadh na conaire ar bhealach atá Dearfach, An-Suntasach agus Fadtéarmach.
- **Feidhmíocht an Líonra Bus:** Tríd is tríd, táthar ag súil go rachaidh na feabhsuithe i bhfeidhm ar fheidhmiú an líonra d'úsáideoirí bus feadh na Scéime Beartaithe ar bhealach atá Dearfach, An-Suntasach agus Fadtéarmach; agus
- **Feidhmíocht Líonra an Tráchta Ghinearálta:** Tríd is tríd, meastar go rachaidh an laghdú ar na sreafaí tráchta ghinearálta feadh na Scéime Beartaithe i bhfeidhm ar bhealach atá Dearfach, Measartha agus Fadtéarmach ag fad is go mbeidh drochthionchar Beag ach Fadtéarmach ag athdháileadh an trácht ginearálta feadh an líonra bóithre mórthimpeall. Ar an mórgóir mar sin, ní thiocfaidh aon mheath rómhór ar thimpeallacht an tráchta ghinearálta sa cheantar.

Beidh dea-thionchar ag an Scéim Bheartaithe ar cháilíocht an bhonneagair coisithe, rothaíochta agus bus le linn na Céime Oibríochtúla ar bhealach a chuirfidh feabhas ar Ghluaiseacht Daoine agus a bheidh ag teacht le cuspóirí na scéime. Fónfaidh na feabhsuithe seo do rogha tharraingteach eile ar an gcarr príobháideach a chur ar fáil chomh maith le daoine a spreagadh chun iompú ó charranna príobháideacha a úsáid go dul i mbun siúil, rothaíochta nó iompar poiblí a úsáid, rud a chruthóidh tuilleadh acmhainne feadh na conaire le gur féidir éascú a dhéanamh ar ghluaiseacht inbhuanaithe daoine de réir mar a mhéadóidh an daonra agus na leibhéil fostaíochta amach anseo. Forbraíodh dearadh na scéime sa chaoi is go bhfuil aird aici ar an treoir inrochtaineachta ábhartha agus ar phrionsabail dearaidh uilíoch chun rochtain a sholáthar do gach úsáideoir.

Cé go n-aithnítear go mbeidh roinnt drochthionchar ar thrácht ghinearálta agus ar pháirceáil / ar an méid spáis lódála a bheidh ar fáil, dearadh agus leagadh amach an Scéim Bheartaithe laistigh den mheasúnú seo sa chaoi is go bhfuil aird aici ar na treoirlínte tráchta agus iompair ábhartha. Léiríonn an mheasúnacht nach dtiocfaidh aon laghdú suntasach ar an timpeallacht tráchta ghinearálta sa limistéar staidéir mar thoradh ar chuspóirí na scéime a bhaint amach i dtaca le modhanna inbhuanaithe feabhsaithe a sholáthar feadh an limistéir staidéir dhírigh.

Ós rud é go rachaidh an Scéim Bheartaithe chun sochair cúrsaí taistil bíodh sé i bhfoirm siúil, rothaíochta nó gluaiseacht daoine, níor breithníodh bearta maolaithe agus monatóireachta thar na cinn atá cuimsithe cheana mar chuid den Scéim Bheartaithe. Cuimsíodh na tionchair ar thrácht ginearálta agus ar pháirceáil / lódáil, bearta maolaithe san áireamh, sa Scéim Bheartaithe agus meastar nach bhfuil gá lena thuilleadh bearta maolaithe mar sin.

Ina theannta sin, is léir ó anailís a rinneadh agus leas á mbaint as samhlacha na Scéim Beartaithe go gcothaíonn an bonneagar bus nua leibhéal acmhainneachta suntasach do sheirbhísí bus a úsáidfidh an Scéim Bheartaithe, ó aimsir í a chur i bhfeidhm go anonn go maith sna blianta atá amach romhainn. Agus cosaint níos mó ann ina chomhair faoin Scéim Bheartaithe, beidh agaí turais bus níos comhleanúnaí agus níos iontaofa agus réiteoidh sí an bealach do phatrún seirbhíse agus do mhinicíocht na seirbhísí bus a mhéadú amach anseo d'fhonn freastal ar éileamh breise, gan cur isteach rómhór ar iontaofacht agaí turais bus nó ar fheidhmiú saoráidí rothaíochta agus coisithe.

## 8.2 Caighdeán Aeir

Mar chuid den mheasúnú cáilíochta aeir rinneadh athbhreithniú ar na sonraí foilsithe a bhí ar fáil, athbhreithniú ar threoirlínte is infheidhme, monatóireacht ar cháilíocht an aeir in áiteanna leochaileacha feadh na Scéime Beartaithe agus chuathas i mbun ríofa chun measúnú a dhéanamh ar thionchair cháilíochta aeir a d'fhéadfadh tarlú de bharr na Scéime Beartaithe.

Maidir leis an gcaighdeán aeir atá ann cheana feadh na Scéime Beartaithe, cloíonn sé le caighdeáin aercháilíochta Náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh. Níor thaifead aon láthair mhonatóireachta sárú ar luach na teorann meánaí le haghaidh dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$).

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu i gcomhair Chéim na Tógála bhí astaíochtaí deannaigh ó ghníomhaíochtaí amhail glanadh agus ullmhú láithreáin, atreorú fóntas, oibreacha tógála bóthair agus acomhail, agustírdhreachadh. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm lena chinntiú go laghdófar núis ó dheannach tógála a oiread agus is féidir le linn Chéim na Tógála.

Tá measúnú déanta ar thionchair a bhaineann le trácht agus athruithe ar shruthanna tráchta le linn Chéim na Tógála. Maidir le hastaíochtaí ó Chéim na Tógála, is é tátal an Mheasúnaithe go mbeidh siad neodrach agus nach mairfidh siad rófhada sa limistéar staidéir.

Maidir leis na tionchair aercháilíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí Chéim na Tógála, is é tátal an mheasúnaithe go mbeidh na hoibreacha neodrach agus nach mbeidh siad ann rófhada. Nuair a chuirfear na bearta maolaithe atá beartaithe i bhfeidhm, ní bheidh tionchar rómhór acu ar chaighdeán an aeir.

Níl gá le haon bheart maolaithe le linn na Céime Oibríochtúla ós rud é nach sainaithnítear sa mheasúnú ach tionchar ar chaighdeán an aeir atá neodrach ar an iomlán i gcóngar na Scéime Beartaithe. Maidir leis na n-áiteanna ina bhfuil sárú ar an luach teorann $NO_2$ á thuar sa chás An t-Íosmhéid a Dhéanamh, laghdófar líon na ngabhdóirí iontu ó 24 go 12 de bharr na Scéim Beartaithe. In 2043, táthar ag súil go mbeidh cáilíocht an aeir mórthimpeall gach gabhdóir de réir na gcaighdeán do cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh le haghaidh na gcásanna Déan Rud Éigin (agus an t-Íosmhéid a Dhéanamh). Níltear ag súil le haon dochar suntasach nó measartha mar thoradh ar Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe.

## 8.3 Aeráid

Sainmhínítear aeráid mar an gnáth-chineál aimsire thar thréimhse ama, agus sainmhínítear athrú aeráide mar athrú suntasach aeráide ar an ngnáth-aimsir. Is feiniméan nádúrtha é an t-athrú aeráide ach le blianta beaga anuas tá gníomhaíochtaí daonna (trí scaoileadh GCTanna) tar éis an t-aeráid a chur as a riocht.

Mar chuid den mheasúnú aeráide tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa, athbhreithniú ar threoirlínte infheidhme agus rinneadh ríomhaireachtaí réamh-mheastacha chun tionchair aeráide a mheas. Rinneadh an Scéim Bheartaithe a mheas i dtaca le leochaileacht i leith an athraithe aeráide chomh maith.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu i gcomhair Chéim na Tógála bhí astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí amhail glanadh láithreáin, atreorú fóntas, leathnú bóthair agus oibreacha tochailte (nuair is gá), oibreacha ag acomhail agus tírdhreachadh. Rinneadh bealaí tráchta tógála a mheas freisin mar chuid den mheasúnú. Meastar gurb iad na príomhfhoinsí astaíochtaí gáis cheaptha teasa le linn tógála ná trácht tógála agus an carbón corpraithe (is é sin, an fuinneamh iomlán atá de dhíth chun é a dhéanamh / a tháirgeadh agus mar thoradh ar sheirbhísí) le haghaidh aon ábhar tógála atá ag teastáil.

Tá bearta maolaithe mar chuid de dhearadh tógála na Scéim Beartaithe ar mhaithe le carbón corpraithe a eascraíonn as Céim na Tógála a laghdú. Mar chuid de na bearta maolaithe seo táthar ag iarraidh (nuair is indéanta) coincréit ina bhfuil slaig foirnéise soinneáin ghránaithe a chur in áit concréite a bhfuil stroighin Portland inti.

Meastar gurb é toradh iomlán astaíochtaí GCT na Céime Tógála, 27,763 tonna $CO_{2eq}$ corpraithe d’ábhair thar thréimhse 36 mí, méid is comhionann le hiomlán bliantúil 0.024% d’astaíochtaí neamh CTA (Córas Trádála Astaíochtaí) sa bhliain 2020 nó 0.154% d’Uasteorainn Astaíochtaí Iompar 2030.

Tar éis na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, táthar ag súil go mbeidh drochthionchar beag iarmharach ach gearrthéarmach mar sin féin ar an aeráid de bharr Chéim Tógála na Scéime Beartaithe.

De bharr na Scéime Bheartaithe, déanfar laghduithe breise ar an méid taistil a déantar i gcarranna, agus aistriú comhfhreagrach i leith modhanna taistil mar shiúl na gcos, iompar poiblí, siúil, agus an rothaíocht. Is féidir é seo a bhaint amach ach soilsí tráchta a bharrfheabhsú, minicíocht na mbusanna a mhéadú, agus cur le líon na rothaithe chomh maith le bearta bainistíochta ar éileamh a mhéadú a thuilleadh. Má thagann méadú ar sciar modha inbhuanaithe eascróidh laghduithe breise as seo ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa thar na cinn a tuairiscíodh sa mheasúnú thuas. Tá mianach sa Scéim Bheartaithe astuithe GCT a laghdú go leibhéal arb ionann é agus tuairim is 18,420 agus 44,230 turas cairr in aghaidh na seachtaine a bhaint den ghréasán bóithre sna blianta 2028 agus 2043 faoi seach. Is é an toradh a bheidh air seo ná ‘líon na gciliméadar a thaistealaíonn feithiclí a laghdú, úsáid breosla a laghdú, agus líon na dturas iompair inbhuanaithe agus an cion módach a mhéadú de réir Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP) (DCCAE 2022).

Maidir le astaíochtaí GCT cothabhála ó Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe, táthar ag tuar go nginfear 1,131kt $CO_{2eq}$ thar an saolré réamh-mheasta de 60 bliain. Tar éis maolú a chur i bhfeidhm, táthar ag tuar gur beag tionchar a bheidh ann cé go mbeidh sé buan.

Maidir le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa ó thrácht oibríochtúla a bhaineann le Céim Oibríochta na Scéime Beartaithe, táthar ag tuar gur beag tionchar a bheidh ann cé go mbeidh sé buan.

Tríd is tríd, nuair a chuirtear le chéile na hastaíochtaí carbóin a bhaineann leis an gcéim chothabhála agus leis an gCéim Oibríochtúil, is fánach na hastaíochtaí a n-astófar, más buan féin iad. Is fánach más buan féin é an tionchar iarmharach mar sin ó thrácht Céime Oibríochta de bharr na Scéime Beartaithe mar sin.

I gcás oibreacha bonneagair CBL, tacóidh siad le straitéisí rialtais (mar a leagtar amach iad sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 agus san Acht Aeráide, 2021) a chur i gcrích trí bhíthin shoghluaisteacht inbhuanaithe a chur ar bun ar bhealach atá ag teacht leis na haidhmeanna chun feabhas a chur ar bhonneagar siúil, rothaíochta agus busanna ar na príomhchonairí rochtana i réigiún Bhaile Átha Cliath. Dá thoradh sin, cumasóidh agus soláthróidh sé seo gluaiseacht iompair inbhuanaithe comhtháite feadh na gconairí seo.

Soláthróidh Oibreacha Infrastruchtúir an CBC nascacht agus comhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile sa chaoi is go dtiocfaidh méadú ar líon na ndaoine a bhaineann leas as iompar poiblí.

Agus córas iompair phoiblí á chruthú atá acmhainneach agus inrochtana, cuirfidh BusConnects rogha mealltach eile ar fáil seachas taisteal i gcarranna príobháideacha, agus paisinéirí á spreagadh ar an gcaoi sin chun modhanna níos inbhuanaithe a úsáid. Dá bhrí sin, is modhanna inbhuanaithe (iompar poiblí, siúl, rothaíocht) a bheidh i sciar níos mó den éileamh.

## 8.4 Torann & Creathadh

Mar chuid den mheasúnú torainn agus creathaidh rinneadh athbhreithniú ar na sonraí torainn bonnlíne foilsithe arbh fhéidir teacht orthu, mar aon le monatóireacht ar bhonnlíne torainn agus creathaidh a thabhairt chun críche chun na leibhéil chúlra atá ann faoi láthair a fháil amach, agus measúnacht tionchair mhionsonraithe torainn agus creathaidh ag baint le Céim na Tógála agus leis an gCéim Oibríochtúil.

Chinn na suirbhéanna bonnlíne gurb é trácht bóthair is mó a chuireann leis an torann sa limistéar staidéir faoi láthair agus go gcuireann foinsí uirbeacha agus fo-uirbeacha amhail gluaiseachtaí coisithe agus gníomhaíochtaí tráchtála beagánín leis an torann. Níl aon fhoinse creathaidh ar fiú trácht uirthi sa thimpeallacht máguaird. Cruthaíonn trácht bóthair feadh an líonra bóthair atá ann cheana creathadh fánach a bheadh dobhraite d’áitritheoirí na bhfoirgneamh.

I measc na dtionchar féideartha a ndearnadh measúnacht orthu i gcomhair Chéim na Tógála bhí cruthú torainn agus creathaidh ó atreorú fóntas , athdhromchlú bóthair, leathnú bóthair agus oibreacha tógála bóthair nua. Rinneadh bealaí tráchta tógála a mheas freisin mar chuid den mheasúnacht.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu do Chéim na Tógála bhí an torann agus creathadh a thiocfaidh ó oibreacha bóthair i gcoitinne, lena n-áirítear leagan amach nua a chur ar bhóithre agus ar acomhail agus oibreacha athdhromchlaithe, agus nuair is gá iad, oibreacha chun bóthar a leathnú, oibreacha chun bóthar nua a thógáil, fóntais a chur ar mhalairt slí, feabhsuithe ar an ríocht uirbeach lena n-áirítear tírdhreachú, ballaí teorann a thógáil agus oibreacha coimhdeacha eile. Rinneadh bealaí tráchta tógála a mheas freisin mar chuid den mheasúnacht.

Go deireadh Chéim na Tógála, cuirfear bearta maolaithe agus monatóireachta cuí i bhfeidhm, lena n-áirítear úsáid chuí iatáin nó scáileáin fuaime nuair is gá chun torann a laghdú chomh maith le monatóireacht torainn a dhéanamh ag gabhdóirí íogaire gar do na limistéir oibre. Sa chás go bhféadfadh na hoibreacha atá beartaithe éirí chomh hard leis na luachanna teorann nó iad a shárú, déanfar monatóireacht ar fhoirgnimh íogaire atá sainaitheanta.

Tar éis do na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, táthar ag súil gur beag tionchar torainn nó creathaidh a bheidh ann de bharr Chéim Tógála na Scéime Beartaithe.

Maidir leis na tionchair a ndearnadh measúnacht orthu le linn na Céime Oibríochtúla, baineann siad le hathruithe ar leibhéil torainn tráchta feadh na Scéime Beartaithe mar gheall ar chrosbhealaí a athchumrú agus áirítear leis seo lánaí bus nua nó uasghrádaithe mar aon le hathruithe atá á dtuar sa ghluaiseacht tráchta. Tá an Scéim Bheartaithe ag teacht le cuspóirí beartais chun éifeachtaí dochracha torann ar phobail a laghdú trasna na cathrach agus, chuige sin, táthar ag dul i muinín iompair poiblí feabhsaithe, agus líon na dturais bhus, traenach, agus ar rothar a mhéadú.

Le linn na bliana dearaidh, 2043, méadóidh an leibhéal torainn tráchta feadh líon beag bóithre in aice leis an Scéim Bheartaithe mar thoradh ar athdháileadh tráchta le linn tréimhsí lae amháin. Maidir leis na dtionchar iarmharach le linn na tréimhse fadtéarmaí seo, áiríodh go mbeidh siadindíreach, dearfach, idir do-bhraite agus measartha agus idir fadtéarmach agus indíreach, diúltach, beag agus fadtéarmach.

## 8.5 Daonra

Maidir leis an measúnú daonra, rinne sé na tionchair a mheas ó thaobh ionaid réadmhaoine cónaithe, saoráidí pobail agus gnólachtaí tráchtála de laistigh den limistéar staidéir. Tá 22 limistéir phobail sa limistéar staidéir Daonra: Cill an Ardáin, An Seanbhábhún Thamhlachta, Achadh an Tobair, Gleann na Dothra Thamhlachta, Sráidbhaile Thamhlachta, Tigh Motháin Thamhlachta, Cill na Manach Thamhlachta, Na Glaschnoic, Baile Bhailcín, Cromghlinn, Bóthar Bheanna Boirche, Bóthar an Chlochair, An Carnán, Rialto, Ascaill Dhún Uabhair, Sráid San Proinsias, Sráid na Mí agus Cé na gCeannaithe, Cluain Dolcáin, Ráth an Deagánaigh, Srúillín, Bánóg; agus an Cloigín Gorm.

Cuirtear an stráice Thamhlachta den Scéim Bheartaithe trí na limistéir fho-uirbeacha phobail de Shráidbhaile Thamhlachta, Tigh Motháin Thamhlachta, Cill an Ardáin, na Glaschnoic, Baile Bhailcín, Cromghlinn, Bóthar Bheanna Boirche, Bóthar an Chlochair agus an Carnán sula dtéann siad trasna na Canálach Móire isteach i lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Agus an Chanáil Mhór curtha di, téann an Scéim Bheartaithe trí cheantair phobail Ascaill Dhún Uabhair agus Shráid San Proinsias sula mbaineann sí ceann scríbe amach ag Sráid na Mí agus Cé na gCeannaithe. Rachaidh an stráice Thamhlachta den Scéim Bheartaithe trí cheantair cónaitheacha agus ceantair a bhfuil meascán d’ionaid chónaithe agus thráchtála iontu sna bruachbhailte i Tamhlacht, i mBaile Bhailcín agus sa Chromghlinn, mar aon le ceantair thráchtála / thionsclaíocha eile i Tamhlacht agus sna Glaschnoic. Téann an ghné uirbeach i dtreis de réir mar a théitear ó thuaidh den Chanáil Mhór.

Téann an stráice Chluain Dolcáin den Scéim Bheartaithe trí cheantar atá gné thráchtála agus thionsclaíoch amach is amach ag baint leis, ag dul ó Chluain Dolcáin trí Eastát Tionsclaíochta an Iarthair agus Eastát Tionsclaíochta John F. Kennedy i gceantar pobail an Chloigín Ghoirm. Ní thagann an ghné chónaitheach i dtreis go dtí go dtéann an stráice Chluain Dolcáin den Scéim Bheartaithe chomh fada leis an áit a nascann sé leis an stráice Thamhlachta i mBaile Bhailcín,

Rinneadh na tionchair ar an daonra le linn na Céimeanna Tógála agus Oibríochtúla a mheas agus i measc na dtionchar sin tá:

- tionchair áineasa indíreacha ar áiseanna pobail agus ar ghnólachtaí tráchtála ó mheascán de thionchair aeir, torainn, tráchta agus amhairc. tionchair áineasa díreacha ar ghnólachtaí tráchtála a d’fhéadfadh cur as do chumas na ngnólacht feidhmiú i gceart;
- Ionaid réadmhaoine cónaithe, saoráidí pobail agus gnólachtaí tráchtála: talamh a cheannach uathu ar bhonn sealadach nó go buan, lena n-áirítear gairdíní tosaigh, cabhsáin, léibhinn phríobháideacha agus spásanna páirceála príobháideacha a laghdú; agus
- Athruithe ar inrochtaineacht do choisithe, rothaithe, lucht úsáidte bus agus d’fheithiclí príobháideacha feadh na Scéime Bheartaithe agus sa líonra bóithre máguaird mar thoradh ar thrácht tógála, atreorú agus bearta bainistíochta tráchta le linn Chéim na Tógála agus de bharr trácht ginearálta a athdháileadh le linn na Céime Oibríochtúla.


Ba é tátal an mheasúnaithe nach gcuirfear isteach ar na ceantair phobail ar aon bhealach suntasach i gcaitheamh na Céime Tógála. Maidir le hinrochtaineacht phobail do rothaithe agus d’fheithiclí príobháideacha le linn Chéim na Tógála, táthar ag tuar go mbeidh drochthionchair mheasartha ann go háitiúil ach nach mairfidh siad rófhada.

Ina theannta sin, táthar ag súil le dea-thionchair idir measartha go dtí an-suntasach agus fadtéarmach ar lucht siúlóide, rothaithe agus úsáideoirí bus sna ceantair phobail de Shráidbhaile Thamhlachta, Bhaile Bhailcín, Chromghlinne agus an Charnáin, le linn na Céime Oibríochtúla. Maidir le feithiclí príobháideacha a úsáid chun dul go dtí saoráidí pobail agus gnólachtaí tráchtála, meastar go mbeidh athrú measartha maith ann feadh na Scéime Beartaithe agus athrú measartha dona ar rochtain sa líonra bóithre máguaird.

Is cabhair iad na feabhsúcháin i dtaca le cuspóirí agus aidhmeanna na Scéime Beartaithe a bhaint amach agus déanfaidh siad amhlaidh trí rogha mhalartach tharraingteach a thabhairt ar fheithiclí príobháideacha a úsáid agus trí aistriú córa iompair a sholáthar go siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, lena ligfear d’acmhainn níos mó feadh na conaire i dtaca le teacht ar ghabhdóirí cónaithe, pobail agus tráchtála.

## 8.6 Sláinte Daoine

Maidir le hidirghníomhú cúinsí amhail tréithe aonair, stíl mhaireachtála agus 'cinntithigh shláinte níos leithne' (an timpeallacht fhisiciúil, shóisialta agus eacnamaíoch, cuir i gcás), téann siad i bhfeidhm go mór ar shláinte an phobail. Léirítear iad seo i Íomhá 8.1.




**Íomhá 8.1: Cinntithigh Shláinte Níos Leithne (Foinse: (Dahlgren agus Whitehead 1991))**

Saincheist ghaolmhar is ea éagothroime shóisialta i gcúrsaí sláinte, éagothroime atá éagórach agus fréamhaithe i ndifríochtaí ar féidir iad a leigheas idir staideanna sláinte grúpaí éagsúla sa tsochaí. Bhí sé mar aidhm ag an measúnú seo na cinntithigh shláinte níos leithne a shainaithint ar cosúil go mbeadh tionchar ag an Scéim Bheartaithe orthu agus conas a bhaineann na tionchair seo le torthaí sláinte.

Faoi láthair, tá daonra Bhaile Átha Cliath níos sláintiúla ar an iomlán ná an meán ó thaobh staid sláinte de i measc mhuintir na hÉireann, agus rátaí báis níos ísle i measc mhuintir Bhaile Átha Cliath.

Tá leibhéil truaillithe aeir laistigh de Bhaile Átha Cliath geall le bheith go hiomlán laistigh de luachanna teorann an AE le haghaidh dé-ocsaíd nítrigine agus ábhar cáithníneach.

Cuireann sé as do dhaoine má tá orthu cur suas le torann tráchta agus, más ard iad na leibhéil torainn agus má leanann siad i bhfad, glactar leis anois go mbíonn baint aige seo le roinnt torthaí díobhálacha sláinte eile. Is iomaí áit sa limistéar staidéir a bhfuil na leibhéil torainn ró-ard agus iad ag sárú na leibhéil ar leag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte síos iad chun cosc a chur ar thorthaí díobhálacha sláinte. Mar sin féin, is iad seo na leibhéil torainn a bheifí ag súil leo i timpeallacht uirbeach.

Dá gcuirfí bearta bainistíochta tráchta agus malairtí slí i bhfeidhm go sealadach le linn tógála gach seans go gcuirfeadh an brú tráchta breise frustrachas agus míshásamh ar lucht comaitéireachta agus ar dhaoine i mbun taistil chuig coinní. Seans go gcuirfidh torann is creathadh ó obair thógála agus deannach isteach ar áitritheoirí agus oibrithe in aice láimhe. Ó tharla na tionchair seo a bheith sealadach agus gearrthéarmach, ní dócha go mbeidh aon tionchar fadtéarmach acu ar chúrsaí sláinte.

Seans go mbeidh gá le tabhairt faoi oibreacha áirithe istoíche. De dheasca torainn ó na hoibreacha tógála sa chóngar, admhaítear gur mó seans go gcuirfí isteach ar chodladh daoine ina gcónaí in aice láimhe. I rith an lae tá baol ann go gcruthóidh torann tógála suaitheadh codlata i measc sealoibrithe ina gcónaí sa chóngar. Cuireadh bearta maolaithe san áireamh sa MTT ar mhaithe le torann ó na hoibreacha tógála a rialú agus a choimeád chomh híseal agus is féidir.

Mura ndéantar é a dhearadh agus a bhainistiú mar is cuí, d'fhéadfadh atreorú coisithe agus rothaithe timpeall na limistéar ina bhfuil oibreacha tógála ar siúl cur le líon na n-imbhuailtí. Tá gá níos mó le rothaithe agus coisithe a chosaint ós rud é gur furasta dóibh gortú nó bás a fháil má tharlaíonn imbhualadh dóibh. Rinneadh bainistíocht

tráchta tógálaa mheas ar mhaithe le hachoimre a thabhairt ar bhearta a mheastar iad a bheith riachtanach d'fhonn coisithe agus rothaithe a chosaint i ngach áit feadh na Scéime Beartaithe. Agus na bearta seo i bhfeidhm maolófar na rioscaí. Os rud é nach mairfidh na hoibreacha tógála rófhada, ní dócha go gcuirfidh an Scéim Bheartaithe leis an riosca do choisithe agus do rothaithe sa bhreis ar na treochtaí atá i réim sa timpeallacht sráide i mBaile Átha Cliath faoi láthair. Lena chois sin, féachfar chuige go mbeidh rochtain i gcónaí ar Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus Ospidéal Sláinte Páistí na hÉireann, Cromghlinn le linn Chéim na Tógála.

Ní dócha go n-eascróidh aon drochthionchar eile ar shláinte ó Chéim Thógála na Scéime Beartaithe.

Cruthóidh an Scéim Bheartaithe deiseanna i dtaobh aclaíocht rialta a fhí isteach sa saol laethúil agus leas á mbaint as na háiseanna feabhsaithe do choisithe agus do rothaithe chomh leis na tairbhí sláinte a eascróidh ó bheith ag siúl go stad an bhus agus ar ais. Táthar á thuar go dtiocfaidh feabhas ar shláinte daoine de réir mar a aistríonn siad a modhanna taistil agus iad ag baint tairbhe as níos mó aclaíochta a dhéanamh go rialta dá bharr.

Fiú agus na bearta maolaithe i bhfeidhm, tá seans fós ann go gcuirfidh torann ó na stadanna bus nua atá beartaithe as do dhaoine ina gcónaí cóngarach dóibh. Tá seans ann go mbeidh líon beag de chónaitheoirí thíos le torann tráchta níos mó ó thrácht atreoraithe feadh roinnt sráideanna. É sin ráite, d'fhormhór na ndaoine, ní thabharfaidh siad aon athrú faoi deara maidir le torann sa timpeallacht de bharr na Scéime Beartaithe.

Agus laghdú ar thréthrácht ginearálta, bonneagar coisithe feabhsaithe agus sráid-dreach feabhsaithe ar na bacáin, tá seans maith ann go gcothóidh sé seo caidreamh sóisialta ar feadh na Scéime Beartaithe, rud a chuirfidh dea-thorthaí sláinte ar bun amhail meabhairshláinte mhaith. Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar amanna turais de bharr an bhonneagair iompair phoiblí nua chomh maith le turais iompair phoiblí a bheith níos iontaofa, agus feabhsóidh sé seo meabhairshláinte daoine trí, cuir i gcás, strus a laghdú, chomh maith le rochtain níos fearr a thabhairt ar sheirbhísí sláinte, fostaíochta, oideachais agus fóillíochta.

I gcás daoine nach n-úsáideann carr nó nach féidir leo carr a úsáid, beidh rochtain níos cothroime sábháilte acu ar mhodhanna iompair de bharr na mbeart tosaíochta bus agus na bhfeabhsuithe ar bhonneagar coisithe atá beartaithe. Agus aghaidh á dtabhairt ar chinntithigh níos leithne agus ar éagothroime sláinte, táthar ag súil go ndéanfaidh sé seo maitheas do shláinte daoine. Lena chois sin, bheadh feabhas ar an timpeallacht uirbeach agus í níos éasca gabháil tríthi do réimse níos leithne de choisithe, lena n-áirítear lucht lagamhairc, úsáideoirí cathaoir rothaí agus daoine a bhfuil deacrachtaí siúil acu.

Níor sainaithníodh aon ghuais sláinte nó toradh sláinte dóchúil eile a bheith i gceist le Céim Oibríochtúla na Scéime Beartaithe.

## 8.7 Bithéagsúlacht

Mar chuid den mheasúnú bithéagsúlachta (éiceolaíochta) rinneadh athbhreithniú ar na sonraí foilsithe arbh fhéidir teacht orthu d'fhonn aon ghné fhónta éiceolaíochta a shainaithint agus suirbhéanna allamuigh a dhéanamh ar ghnáthóga, ialtóga, mamaigh talún, éin, amfaibiaigh (froganna agus earca luachra) agus reiptílí.

Ní fhorluíonn an Scéim Bheartaithe le haon láithreán Eorpach. Is é LCS Ghleann an Smóil an láthair Eorpach is cóngaraí don Scéim Bheartaithe, agus í thart ar 2.9km ar shiúl. Tá nasc hidreolaíoch idir an Scéim Bheartaithe agus SPA Bhá Bhaile Átha Cliath Theas agus Abhainn na Tulchann, chomh maith le LCS Bhá Bhaile Átha Cliath Theas. Tá na láithreacha Eorpacha seo thart ar 6.5km síos an abhainn ón bpointe ina sceitheann an Poitéal isteach in inbhear na Life Uachtaraí.

Is iad seo na hocht láthair Eorpacha atá suite mórthimpeall Bhá Bhaile Átha Cliath agus iad síos an abhainn ón Scéim Bheartaithe: LCS Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, LCS Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, LCS Cheann Bhinn Éadair, LCS Chloch Dábhiolla go Oileán Dheilginse, SPA Oileáin Dheilginse, SPA Chósta Cheann Bhinn Éadair, SPA Oileán an Bhulla, SPA Chuan Átha Cliath Theas agus na Tulchann. Beidh an Chamóg, an Poitéil, an Chanáil Mhór, An Dothra, Inbhear Uachtarach na Life agus Inbhear Íochtarach na Life mar nasc hidreolaíoch idir na láithreacha Eorpacha agus an Scéim Bheartaithe. Lena chois sin, tá LCS Ghleann na Rí / an Chartúin suas an abhainn ón Scéim Bheartaithe agus an Life mar nasc hidreolaíoch idir é agus an Scéim Bheartaithe.

I measc phríomhghnáthóga laistigh den Scéim Bheartaithe tá coillearnach mheasctha leathanduilleach, fálta sceach, crannteorainneacha, ceapacha agus ciumhsóga bláthanna, talamh féaraigh, foirgnimh agus dromchlaí saorga mar aon le locháin mhaisithe, go háirithe an Chamóg agus an Chanáil Mhór.

Shainaithin an measúnú:

- Trí speiceas d'ialtóga (an ialtóg Leisler, an ialtóg choiteann, an ialtóg Sopráin);
- Gnéithe Faraí Féideartha (áiteanna ina ligeann ialtóga a scíth) i gceithre chrann atá suite laistigh de theorann na Scéime. Coimeádfar na ceithre chrann go léir sa Scéim Bheartaithe.
- Ní tásc na tuairisc ar bhroic;
- Tugadh faoi deara rud san fhásra bruachánach ar an taobh thuaidh den Chanáil Mhór agus seans gur sleamhnán do mhadraí uisce atá ann.
- Ní fuarthas aon fhianaise d'amfaibiaigh nó de reiptílí; agus
- 84 speiceas d'éin ghoir agus 44 speiceas d'éin gheimhridh san iomlán.

I measc gnéithe den Scéim Beartaithe a d'fhéadfadh cur isteach ar an mbithéagsúlacht tá:

- Suíomh a ullmhú agus a imréiteach;
- Forbairt na gCampún Tógála;
- Baint de theorainneacha, cosáin, colúin soilsithe, stadanna bus agus de chomharthaíocht;
- Cosaint agus/nó atreorú seirbhísí faoi thalamh;
- Déanamh bóithre le haghaidh bóthair cheangail nua agus bealach bus tiomanta;
- Leathnú bóithre, atógáil pábhála, agus feabhsúcháin colbhaí;
- Athchumrú na lánaí tráchta ar fud;
- Bonneagar draenála atá ann cheana agus bonneagar draenála nua a athnascadh leis an mbonneagar draenála uisce dromchla atá ann cheana;
- Stadanna bus nua a chur isteach agus mionathrú acomhail / timpealláin;
- Struchtúir nua a sholáthar (droichid, ballaí coinneála srl.)
- tógáil talún sealadach agus bhuan;
- Teorainneacha réadmhaoine a athchóiriú, comharthaí nua a chur isteach;
- Colúin solais a athlonnú agus / nó a chur isteach
- Tailte a ath-insealbhú tar éis iad a thógáil go sealadach; agus
- Tírdhreacadh agus cur crann.

Cuirfear réimse de bhearta maolaithe i bhfeidhm ar mhaithe le cosc a chur ar dhrochthionchair ar bhithéagsúlacht nó iad a laghdú le linn Chéim na Tógála, lena n-áirítear grúpaí crann a choinneáil (i gcás inar féidir) a sainaithníodh go bhfuil gnéithe iontu gur seans gur faraí ialtóga iad agus crainn sráide nua a chur. Cuirfear Plean Bainistíochta Uisce Dromchla i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirfear bearta i bhfeidhm chun uiscí dromchla agus bithéagsúlacht a bhaineann le huisce dromchla a chosaint. Maidir leis an riosca go gcuirfeadh an Scéim Bheartaithe le scaipeadh speiceas ionrach le linn Chéim na Tógála, cuirfear bainistíocht speicis ionraigh i bhfeidhm chun é seo a mhaolú.

Ba é tátal an mheasúnaithe nach mbeidh tionchar rómhór ar bhithéagsúlacht le linn Chéim na Tógála agus is go háitiúil amháin a tharlóidh sé tar éis do na bearta maolaithe atá beartaithe a chur i bhfeidhm.

I measc na dtionchar ar bhithéagsúlacht a ndearnadh measúnú orthu i gcomhair na Céime Oibríochtúla tá trácht a bheith i láthair agus i mbun taistil ar bhóithre laistigh den Scéim Bheartaithe, soilsiú nua a chur isteach (bíodh is gur soilsiú LED íseal-leibhéil a bheidh i gceist de ghnáth) i gceantair nach raibh soilsiú iontu roimhe seo, gnáth-oibreacha cothabhála agus méadú ar an limistéar uiscedhíonach.

Ba é tátal an mheasúnaithe nach mbeidh tionchar rómhór ar bhithéagsúlacht le linn na Céime Oibríochtúla tar éis do na bearta maolaithe atá beartaithe a chur i bhfeidhm.

Lena chois sin, déantar tionchair fhéideartha ar láithreacha ainmnithe Eorpacha a mheas go sonrach sa Ráiteas Tionchair Natura (RTN), atá mar chuid den iarratas seo chomh maith. Is é tátal an RTN nach ndéanfaidh an Scéim Bheartaithe dochar do shláine aon láthair Eorpach.

## 8.8 Uisce

Is éard a bhí i gceist leis an measúnú ar uisce ná staidéar deascbhunaithe agus suirbhéanna allamuigh a dhéanamh d'fhonn na dálaí uisce dromchla faoi láthair a fháil amach le gur féidir tionchair dhóchúla na Scéime Beartaithe a shainaithint.

Tá an Scéim Bheartaithe suite laistigh de dhobharcheantar na Life, ceantar a bhfuil gné uirbeach agus thionsclaíoch ag baint leis den chuid is mó. Is iad na dobharlaigh atá ábhartha don Scéim Bheartaithe:

- An Dothra_040, an stráice den dobharlach is faide suas ó bhéal na habhann agus é ina chraobh-abhainn bheag den phríomhchainéal. Tá foirm dhírithe aige ar feadh cuid mhaith dá chúrsa, rud a thugann le fios go ndearnadh mionathrú éigin air.
- I bPoitéil_010 tá an príomhstráice den Phoitéil agus Abhainn Thigh Motháin agus sníonn sé isteach in Inbhear Uachtarach na Life ag Cé Wellington R148. Tá go leor lintéar os a chionn agus is dobharlach fíor-íogair é.
- Is craobh-abhainn shuntasach den Life í an Chamóg_040. Éiríonn an Chamóg in iarthar Chathair Bhaile Átha Cliath agus sníonn sí trí Theach Sagard, Cluain Dolcáin, Inse Chór agus Cill Mhaighneann sula dtéann siad isteach in Inbhear Uachtarach na Life ó phointe sceite faoi stáisiún Heuston.
- Is dobharlach saorga í Príomhlíne na Canálach Móire (Life agus Bá Bhaile Átha Cliath) agus is le haghaidh caitheamh aimsire a úsáidtear é go príomha. Tógadh an Chanáil Mhór sa 18ú haois agus téann sí trasna na tíre ó Bhaile Átha Cliath go dtí an tSionainn ar feadh thart ar 131km.
- Is dobharlach idirchriosach é Inbhear Uachtarach Ghleann na Life atá laistigh Limistéar Íogair Cothaitheach na Life. Sileann uiscí na Camóige_040, na Life_190 agus an Photiéil_010 isteach ann agus sreabhann sé isteach in Inbhear na Life Íochtarach sula mbaineann sé Cuan Bhaile Átha Cliath amach.

Maidir le stádas reatha na ndobharlach seo faoi Chreat-treoir Uisce (CTU)an Aontais Eorpaigh, is é sin, stádas I mBaol a bheith acu (i dtaobh a spriocanna CTU a bhaint amach), tá stádas gach ceann acu mar seo a leanas:

- An Dothra_040: tá drochstádas aici; tá sí I mBaol;
- An Poitéil_010: tá drochstádas aige; tá sé I mBaol;
- An Chamóg_040: tá drochstádas aici; tá sí I mBaol;
- Maidir le Príomhlíne na Canálach Móire (an Life agus Bá Bhaile Átha Cliath): tá acmhainn mhaith éiceolaíochta inti; níor sannadh catagóir riosca di go fóill; agus
- maidir le hInbhear Uachtarach na Life: tá stádas Maith aici; tá sí I mBaol.

Faoi mar atá cúrsaí faoi láthair, sileannna huiscí dromchla feadh chonair na Scéime Beartaithe isteach i gcóras uisce dromchla a sceitheann isteach sa Chamóg_040, i bPoitéil_010, sa Dothra_040 agus cuirtear eisilteach an chomhchórais séaraigh chuig Córas cóireála Fuíolluisce na Rinne ansin. Is rith chun srutha uirbeach agus róshreabhadh ón gcóras uisce bhréan agus ón gcomhchóras séaraigh an dá chúinse is mó a chuireann as do cháilíocht an uisce faoi láthair.

Tá Measúnú Riosca i gcás Tuilte tugtha chun críche don Scéim Bheartaithe agus tháinig lucht an Mheasúnaithe ar an tuairim go mbeidh stráicí den Scéim Bheartaithe laistigh den Chrios tuile A, mar a bhfuil baol mór tuile ann.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu i dtaobh Chéim na Tógála tá tionchair ó rith chun srutha tógála agus an baol go gcuirfidh atreorú fóntais, athdhromchlú bóthair agus athailíniú bóthair as don sruthchúrsa.

Maidir le cáilíocht uisce na ndobharlach sainaitheanta le linn Chéim na Tógála, d'fhéadfadh rith chun srutha uisce dromchla cur isteach air más amhlaidh go bhfuil dríodar mín istigh ann, nó doirteadh nó sceitheadh ábhar tógála de thaisme trí naisc chóras uisce dromchla istigh ann. Tá seans ann go gcuirfí isteach ar dhraenáil áitiúil dá mba rud é go gcaithfí iad a chur ar mhalairt slí chun tabhairt faoi oibreacha tógála.

Tugadh aghaidh ar bhainistiú uisce dromchla sa PBTT, cáipéis ina ndéantar cur síos ar bhearta rialaithe agus bainistíochta chun aon drochthionchar suntasach ar an timpeallacht uisce dromchla le linn Chéim na Tógála den Scéim Bheartaithe a sheachaint, a chosc nó a laghdú. Cuimsíonn sé seo ceanglas maidir le plean freagartha

teagmhais timpeallachta; rith chun srutha de dhríodar mín a bheith faoi smacht; stóráil ábhar/breoslaí a bhainistiú, agus feithiclí is plandaí a bhainistiú. Ina theannta sin, moltar bearta suíomhoiriúnaithe le gur féidir drochthionchair a sheachaint nó a laghdú, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear ag láithreáin Champúin Thógála, chun an R134 a leathnú chomh maith le hathruithe a dhéanamh ar cheannbhalla na Camóige_040, áit a bhfuil lintéar curtha os a cionn agus í faoin R134 / Timpeallán Bhóthar na Darach.

Níltear ag súil le haon iarmhairt suntasach eile ar aon dobharlach tar éis do na bearta maolaithe den Scéim Bheartaithe a bheith curtha i bhfeidhm.

I measc na dtionchar i rith na Céime Oibríochtúla a ndearnadh measúnú orthu tá cur isteach ar uisce dromchla a d’fhéadfadh tarlú i gceantair ina mbíonn neamhscagacht agus díláithriú tráchta. Le linn na Céime Oibríochtúla, cinnteoidh dearadh na Scéim Bheartaithe nach dtiocfaidh aon ghlanmhéadú ar rátaí rith chun srutha uisce dromchla chuig aon cheann de na dobharlaigh nasctha, agus leas á bhaint as meascán de chórais draenála inbhuanaithe leithéidí draenacha scagtha agus córais bhithchoinneála. Tá sé de bhua ag na bearta seo freisin go laghdóidh siad an baol go gcuirfeadh gnáth-ábhair thruaillithe bóthair isteach ar cháilíocht an uisce.

Le linn na Céime Oibríochtúla is iad na hÚdaráis Áitiúla a bheidh freagrach as cothabháil a dhéanamh ar an mbonneagar (lena n-áirítear na córais draenála inbhuanaithe) agus beidh sé faoi réir a nósanna imeachta bainistíochta. Ní bheidh gá le haon mhaolú eile agus níltear ag súil go gcuirfí isteach ar aon dobharlach mar gheall ar Chéim Oibríochtúil na Scéim Beartaithe

## 8.9 Talamh, Ithreacha, Geolaíocht & Hidrigeolaíocht

Rinneadh measúnú talún, ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta agus, mar chuid de sin, tugadh faoi staidéar deascbhunaithe a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, imscrúduithe talún a rinneadh roimhe seo agus réamhshuirbhé scéime.

Maidir leis an ngeolaíocht (ithreacha agus carraig) faoi limistéar staidéir na Scéime Beartaithe, is éard atá ann ná talamh réitithe agus ithreacha donna mianracha a bhfuil aolchloch thíos fúthu. Úsáidtear na tailte sa limistéar staidéir den chuid is mó le haghaidh forbairtí uirbeacha leithéidí forbairtí tionscail, tráchtála, cónaithe agus áineasa agus tuilleadh nach iad. Ag bogadh amach ó Lár na Cathrach tá limistéir mhuirí, thalmhaíochta agus choillte sa réigiún freisin.

Maidir leis na huiscígh (ina stóráiltear / nó as a dtagann screamhuisce) laistigh de limistéar staidéir na Scéime Beartaithe, rangaítear iad mar 'Tábhachtach go hÁitiúil' (measartha táirgiúil i gcriosanna áitiúla) nó 'Dealbh' (neamhtháirgiúil de ghnáth cé is moite de chriosanna áitiúla), i dtaca leis an acmhainn atá iontu uisce a tháirgeadh.

Toisc an Scéim Bheartaithe a bheith suite i timpeallacht uirbeach, tá baol ann roinnt talamh truaillithe a chruthú sa limistéar staidéir. Dhírigh an measúnú talún truaillithe ar an lorg agus go díreach ar gach taobh den Scéim Bheartaithe ach amháin sa chás gur dócha go mbeidh conair ann a cheanglaíonn foinse an éillithe a d’fhéadfadh a bheith ann le lorg na Scéime Beartaithe. Leagadh amach foinsí féideartha mar chuid de seo agus rinneadh iad a mheas.

I measc na dtionchar le linn Chéim na Tógála a ndearnadh measúnú orthu bhí:

- Cailliúint nó damáiste don bharrithir;
- Talamh a d’fhéadfadh a bheith éillithe a thochailt;
- Cailliúint chúltaiscí cairéil nó poill amach anseo;
- Cailliúint nó dochar a dhéanamh do / truailliú de chodanna d’uiscíoch; agus
- Athrú ar an réimeas screamhuisce.

Cuirfear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm chun drochthionchair ar thalamh, ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht le linn Chéim na Tógála a sheachaint nó a laghdú. Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar tógála iarmharach ar fiú trácht air ar thalamh, ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht.

I measc na dtionchar féideartha le linn na Céime Oibríochtúla a ndearnadh measúnú orthu bhí cur isteach ar thalamh, na hithreacha, an gheolaíocht agus an hidrigeolaíocht a bhaineann le hathruithe ar an soláthar uisce agus truailliú screamhuisce agus sruthchúrsaí.

Sa Chéim Oibríochtúil is iad na hÚdaráis Áitiúla a dhéanfaidh cothabháil ar an mbonneagar agus beidh sé faoi réir a nósanna imeachta bainistíochta lena chinntiú go nglacfar na bearta cearta i gcás aon doirteadh de thaisme agus laghdóidh sé seo an fhéidearthacht d’aon tionchar.

Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar oibriúcháin iarmharach ar fiú trácht air ar thalamh, ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht.

## 8.10 Oidhreacht Seandálaíochta & Chultúrtha

Is éard a bhí i gceist leis an measúnú ar sheandálaíocht agus ar oidhreacht chultúrtha ná athbhreithniú deacsbhunaithe a dhéanamh ar dhoiciméid idir fhoilsithe agus neamhfhoilsithe, mapáil stairiúil agus suirbhé allamuigh, agus tugadh faoi de réir dea-chleachtais agus treoirlínte a bhaineann le hoidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha.

Téann an Scéim Bheartaithe feadh bóithre atá ann faoi láthair, trí thírdhreach fo-uirbeach agus uirbeach atá forbartha go mór. Rachaidh sé trí chrios poitéinsil seandálaíochta a bhaineann le sráidbhaile stairiúil Thamhlachta. Ba lonnaíocht eaglasta nach beag é Tamhlacht a bunaíodh i luathré na Meánaoise. Uaidh seo, leanfaidh an Scéim Bheartaithe bóithre atá ann cheana trí na bruachbhailte dlútha de Ghlaschnoic, Cill na Manach , Baile Bhailcín agus Cromghlinn. Tar éis na canála a chur di, leanann sí ar aghaidh feadh na sráideanna atá ann cheana trí chrios poitéinseal seandálaíochta i gcroílár stairiúil Bhaile Átha Cliath. Tosaíonn an stráice Chluain Dolcáin go Droimeanach thart ar 585m ar an taobh thoir thuaidh de chrios poitéinsil seandálaíochta eile: sráidbhaile Chluain Dolcáin, a cuireadh ar bun an chéad lá riamh mar lonnaíocht eaglasta siar i Luathré na Meánaoise. Leanfaidh an Scéim Bheartaithe an Bóthar Nangair Nua, bóthar ar tógadh é i dtreo dheireadh an 20ú haois, agus é comhthreomhar leis an gCanáil Mhór roimh an mótarbhealach M50 a thrasnú agus ar aghaidh leis ansin soir ó dheas go Droimeanach, áit a dtéann sé thar Chaisleán Dhroimeanaigh na Meánaoise.

I gcás an chuid is mó den tírdhreach laistigh de limistéar staidéir na Scéim Beartaithe, athraíodh go mór é sa 18ú haois nuair a tógadh an Chanáil Mhór agus de dheasca na dtionchar gaolmhar a tháinig ar an bhfód (leithéidí muilte agus monarchana). Mar sin féin, d'fhan sé ina cheantar tuaithe go príomha anuas go dtí an 20ú haois, agus é mar chuid de na tailte talmhaíochta mórthimpeall na cathrach, a bhí breac le sráidbhailte beaga (amhail Tamhlacht agus Cluain Dolcáin) agus áitribh feirme, le corr-villa nó eastát beag anseo agus ansiúd. Bhí an mhuilleoireacht i dtreis feadh na Camóige, agus feadh an Phoitéil agus Shruthchúrsa na Cathrach leis. Agus é ag dul tríd an limistéar staidéir, tá an Bóthar Bhaile Átha Cliath go dtí an Nás (N7) ar cheann de na príomh-ródbhealaí amach as Cathair Bhaile Átha Cliath le fada an lá.

Déantús de chuid an 20ú haois é seo, a bheag nó a mhór, is ea an fhorbairt mhór fho-uirbeach atá ann sa lá atá inniu ann. Bhí roinnt fás cónaithe ann ag tús an 20ú haois, agus cuireadh roinnt sraitheanna beaga tithe ar bun ar an taobh ó dheas de Chluain Dolcáin agus ar feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath go dtí an Nás. Tharla an fás ba shuntasaí ag Droimeanach agus ag Cromghlinn sna 1930í, áfach, nuair a tógadh eastáit tithíochta nua mar chuid de na pleananna uaillmhianacha a bhí ag Bardas Bhaile Átha Cliath do bhruachbhailte nua Bhaile Átha Cliath. Leanadh den phátrún seo nuair a cuireadh ceantair mhóra tithíochta i mBaile Bhailcín sna 1940idí agus sna 1950idí agus ar imeall Thamhlachta, na nGlaschnoc agus Chluain Dolcáin i dtreo dheireadh an 20ú haois.

Tá trí shéadchomhartha náisiúnta laistigh den Scéim Bheartaithe mar aon le 31 gné oidhreachta seandálaíochta ar Thaifead Séadchomharthaí agus Áiteanna / Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí (nach meastar iad a bheith ina séadchomharthaí náisiúnta freisin), trí láithreán seandálaíochta neamh-ainmnithe, agus dhá láithreán oidhreachta cultúrtha (nach bhfuil ainmnithe ar shlí eile) agus an fhéidearthacht ann go gcuirfí isteach orthu.

Maidir le conas is féidir le hoibreacha tógála cur isteach ar sheandálaíocht agus oidhreacht chultúrtha, is iad seo príomhbhealaí:

- Tógáil cosáin, deisiúcháin agus oibreacha atógála;
- Oibríochtaí athdhromclú bóithre;
- Carnadh;
- Aon tochailt ar ithir, le oibríochtaí tírdhreachú san áireamh; agus
- Aon chorraíl talúin le haghaidh oibríochtaí fhóntais.

Tá an fhéidearthacht ann feadh na Scéime Beartaithe go dtiocfaí ar ghnéithe, ábhair agus taiscí seandálaíochta faoi thalamh nach fios iad a bheith ann roimhe seo.

Maidir leis na bearta maolaithe atá beartaithe le nach gcuirfí isteach ar oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha le linn Chéim na Tógála nó a laghad cur isteach agus is féidir a dhéanamh, cuimseoidh siad ullmhú agus maoiniú do na hoibreacha monatóireachta seandálaíochta is gá, chomh maith leis na hoibreacha iniúchta agus tochailte a mbeidh gá leo le linn tógála agus roimh ré.

Ní eascróidh aon tionchar as Céim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe agus níl gá le maolú dá bharr.

Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchar iarmharach ar oidhreacht seandálaíochta & cultúrtha tar éis do na bearta maolaithe atá molta a chur i bhfeidhm.

## 8.11 Oidhreacht Ailtireachta

Rinneadh staidéar deascbhunaithe mar chuid den mheasúnú ar oidhreacht ailtireachta agus chuimsigh sé athbhreithniú a dhéanamh ar na doiciméid ábhartha ar fáil idir fhoilsithe agus neamhfhoilsithe, chomh maith le suirbhéanna allamuigh a dhéanamh ar tugadh fúthu d'fhonn láithreáin oidhreachta ailtireachta a shainaithint mar aon le haon ghné nár taifeadadh í go dtí seo a shainaithint.

Téann ceantar shráidbhaile Thamhlachta siar go Ré na Meánaoise nuair a cuireadh lonnaíocht ar bun agus tógadh roinnt séipéal inti. Bhísé ar cheann de na mainéir eaglasta ba thábhachtaí a bhí ann i gcaitheamh Ré na Meánaoise ar fad. Faoin $16^{ú}$ haois ba é an príomh-áras a bhí ag an ardeaspag lasmuigh den chathair. Faoi 1326, bhí na hardeaspaig tar éis buirg a bhunú ann. Bhí pátrún shráideanna na Buirge Meánaoisí bunaithe ar an Sráid Mhór, sráid a shín siar go dtí gur eascair áit aonaigh aisti. Tá lár an tsean-sráidbhaile suite laistigh de limistéar caomhantais ailtireachta. Tá struchtúir faoi chosaint agus foirgnimh stairiúla suite feadh Bhóthar Bhaile Coimín, na Sráide Móire agus Bhóthar na nGlaschnoc. Ina measc seo tá Ionad Oiliúna Naomh Basil, seanbhalla spallaí, teach tábhairne Nead na Cuacha ar tógadh sa $19^{ú}$ haois é agus túrtheach suite in iar-dhiméin Chaisleán Thigh Mhotháin ar tógadh san $15^{ú}$ haois é. Maidir leis na foirgnimh eile ar díol spéis iad, baineann siad leis an $19^{ú}$ agus an $20^{ú}$ haois den chuid is mó, lena n-áirítear Club Cholúir Rásaíochta Thamhlachta, Teach Chill na Manach, Lóiste na nGlaschnoc, 5-6 Na Teachíní, Chetwind agus teachíní na n-oibrithe ag 1-2 Bóthar na nGlaschnoc, 458-459 agus 544-549 Bóthar Bhaile an Mhóta Íochtarach.

Téann Cromghlinn siar go dtí Ré na Meánaoise, Tá limistéar caomhantais ailtireachta ar Bhóthar San Aignéas ag acomhal Bhóthar San Aignéas le Bóthar Bunting. Tá Teampall Mhuire Eaglais na hÉireann ann a tógadh sa bhliain 1817 agus sanctóir taobh leis, chomh maith le Teampall Mhuire Eaglais na hÉireann eile a tógadh sa $20^{ú}$ haois. Bhí an sean-sráidbhaile de Chromghlinn suite ar an seanbhealach amach ó Bhaile Átha Cliath go Cill Mhantáin sa $18^{ú}$ agus $19^{ú}$ haois déag. Tá cloch mhíle le feiceáil ar Bhóthar Bhaile Bhailcín fós a bhaineann leis an seanbhóthar. I measc na bhfoirgneamh a théann siar go dtí an $19^{ú}$ haois agus tús an $20^{ú}$ haois tá Teach Melville, iar-theach scoile, Ardscoil Éanna ar Bhóthar Chromghlinne, 248 Bóthar Chromghlinne, 55 go 69 Bóthar Chromghlinne agus teachíní na n-oibrithe ar Bhóthar Chill Dara mar aon le 1-2 Bóthar Uí Reachtúir (NIAH 50080189). Ba é Iontaobhas Uíbh Eachach a thóg scéim tithíochta Ghairdíní Uíbh Eachach sa bhliain 1935, agus faiche spóirt Uíbh Eachach bainteach leo atá lonnaithe níos faide anonn ar Bhóthar Chromghlinne. Is iad forbairtí tithíochta a tógadh i lár an $20^{ú}$ haois an tsainghné is mó ag Cromghlinn, tráth a raibh an ceantar á fhorbairt mar bhruachbhaile cónaithe. Agus Cromghlinn á forbairt mar bhruachbhaile, tógadh foirgnimh reiligiúnacha, institiúideacha, cathartha agus sóisialta ann, lena n-áirítear Scoil Mhuire Óg, Bunscoil Loreto, Bóthar Chromghlinne, Banc-Aontas na hÉireann ag 219 Bóthar Chromghlinne, an phictiúrlann Star tráth dá raibh, Ionad Sláinte Chromghlinnnne agus Eaglais San Bernadette ar Bhóthar an Chlochair. Is é an coimpléasc is mo ná Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn, Ospidéal Mhuire na Leanaí, Bóthar Chromghlinne, chomh maith le séipéal a ghabhann leis agus tógadh na foirgnimh seo go léir sna 1960í.

Téann an Scéim Bheartaithe trasna na Canálach Móire ag Droichead Camóige, droichead ar tógadh é sa bhliain 1791. Téann an Carnán siar go Ré na Meánaoise agus bhí clú air as a gharraithe bricí a bhí ag feidhmiú go dtí na 1940idí. Tá roinnt struchtúr faoi chosaint ar Bhóthar an Charnáin, lena n-áirítear Eaglais Mhuire na nDólás agus roinnt tithe agus siopaí ar tógadh iad i dtreo dheireadh an $19^{ú}$ haois agus tús an $20^{ú}$ haois ag coirnéal an Chuarbhóthair Theas.

Bá Bhealach Mór é Sráid Chorcaí sa bhliain 1603. Baineann an chuid is mó de na foirgnimh oidhreachta ailtireachta atá fós ar marthain ó thús an $18^{ú}$ haois i leith, fad is a cuireadh foirgnimh nua ina n-áit nó cuireadh aghaidh nua ar a bhformhór ina dhiaidh sin. Tá go leor láithreacha sainaitheanta a bhfuil tábhacht tionsclaíoch ag baint leo chomh maith le foirgnimh institiúide reiligiúnaigh amhail an clochar ag 22 Sráid Chorcaí, an iar-ospidéal fiabhrais, áit chónaithe James Weir tráth dá raibh agus tithe ag 112 agus 116 Sráid Chorcaí. Is é an foirgneamh is mó atá inspéise ó thaobh na staire de ar Ascaill Lúcáis ná Teampall San Nioclás Lasmuigh, teampall de chuid Eaglais na hÉireann ar tógadh é idir 1715 agus 1716.

Téann Sráid an Déin siar go dtí Ré na Meánaoise, agus í mar chuid den Chom ó 1260 i leith. Tá sé ar imeall Limistéar Caomhantais Ailtireachta Shráid Thomáis, agus is struchtúr faoi chosaint é 1 Sráid an Déin. Tá clochar Bhríde agus líon mór de shéadchomharthaí taifeadta, ar láithreacha tí iad den chuid is mó, lonnaithe ar an tsráid. Tá na foirgnimh ag coirnéil Shráid San Proinsias faoi chosaint chomh maith.

Téann Sráid Phádraig agus Sráid Niocláis siar go dtí Ré na Meánaoise chomh maith. Tá roinnt struchtúr faoi chosaint ar Shráid Phádraig, áitribh ghnó den chuid is mó ag 51-53 agus árasáin Iontaobhas Uíbh Eachach chomh maith leis na folcadáin phoiblí bainteach leo. Is é an ceann is suntasaí, áfach, Ardeaglais agus Páirc Phádraig. Tógadh Ardeaglais Phádraig c.1220-1260, agus rinneadh roinnt athruithe uirthi ina dhiaidh sin. Tógadh Ardeaglais Theampall Chríost in aice láimhe c.1170 agus atógadh í c.1875.

Bunaíodh Cluain Dolcáin an chéad lá riamh mar lonnaíocht thábhachtach eaglasta siar i Luathré na Meánaoise. Tá Caisleán Dhroimeanaigh suite ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar an Mhíle Fhada. Téann Caisleán agus Dimhéin Dhroimeanaigh siar go dtí an 13ú haois agus bhain sé le muintir Barnwall, dream ar chuir siad leis an gcaisleán sa 14ú nó 15ú haois, sa 17ú, sa 18ú agus sa 19ú haois. Bhí an caisleán agus na tailte mórthimpeall air mar chuid de thírdhreach na Diméine. Bhí an mhuilleoireacht i dtreis feadh na Camóige, ach bhí roinnt cairéil sa limistéar staidéir, ceann amháin acu a bhí suite ar Bhóthar an Náis, áit a bhfuil foirgneamh Motor Distributors anois. Athraíodh an tírdhreach laistigh den limistéar staidéir go mór sa 18ú haois nuair a tógadh an Chanáil Mhór sa bhliain 1756 agus de dheasca na dtionchar gaolmhar a tháinig ar an bhfód feadh a dá bruach amhail muilte agus monarchana. Tá an 8ú loc den Chanáil suite laistigh den limistéar staidéir. Maidir le ceantar máguaird na Scéime Beartaithe, ba cheantar tuaithe é den chuid is mó anuas go dtí an 20ú haois, tráth ar tógadh an t-eastát tionsclaíoch ann. Is é an t-aon fhoirgneamh is inspéise ó thaobh oidhreachta ailtireachta de san eastát tionsclaíoch ná foirgneamh Motors Distributors ag coirnéal Bhóthar an Náis agus Ascaill Bhaile Bhailcín ar tógadh é c.1950.

Tógadh ceithre fhoirgneamh institiúide in aice le Caisleán Dhroimeanaigh, ar Bhóthar an Mhíle Fhada i lár an 20ú haois. Tógadh roinnt scoileanna agus clochar laistigh den dimhéin sna 1950idí. Cuimsíonn siad seo Meánscoil Iognaid Ris, Caisleán Dhroimeanaigh, Meánscoil agus Clochar na mBráithre Chriostaí, Bunscoil Chaisleán Dhroimeanaigh, agus Scoil Náisiúnta Siúracha Carthanachta na Deastógála. Bhí an fhorbairt institiúideach seo ag teacht le forbairt bruachbhailte Dhroimeanaigh agus Chromghlinne i lár an 20ú haois.

Tagann an stráice Chluain Dolcáin go Droimeanach den Scéim Bheartaithe le chéile le stráice Thamhlachta go Lár na Cathrach den Scéim Bheartaithe ag Teach Tábhairne Theach Leathshlí, Bóthar Bhaile Bhailcín, ar teach ósta é a théann siar go idir lár agus deireadh an 19ú haois.

Ar na príomhthionchair ar oidhreacht ailtireachta le linn Chéim na Tógála áireofar:

- Tionchair dhíreacha ar theorainneacha (plionta, ráillí srl.) agus ar gheataí iontrála struchtúr faoi chosaint agus gnéithe oidhreachta ailtireachta eile sa chás go mbeidh gá le leathnú bóthair;
- Tionchair dhíreacha ar throscán sráide (m.sh. cuaillí solais, boscaí poist srl.) de bharr ceannach talún, oibreacha tógála ar chosáin, athruithe ar leagan amach na gcosán agus oibreacha tírdhreachtaithe;
- Tionchair indíreacha de bharr an baol atá ann go ndéanfaí dochar do struchtúir íogaire i gceantair ina dtagann oibreacha tógála na Scéime Beartaithe i ndlúth-theagmháil leis na struchtúir seo;
- Tionchair indíreacha de bharr an baol atá ann go ndéanfaí dochar do struchtúir faoi chosaint mar gheall ar mhéadú ar chreathadh ó fheithiclí tógála; agus
- Tionchair amhairc ar an timpeallacht ina bhfuil struchtúir faoi chosaint suite nó foirgnimh nó struchtúir ar díol spéise oidhreachta ailtireachta iad, chomh maith le sráid-dreacha stairiúla agus radhairc a chuirfidh isteach go sealadach ar a timpeallacht le linn Chéim na Tógála.

I measc na mbeart maolaithe atá beartaithe le nach gcuirfí isteach ar oidhreacht ailtireachta nó go ndéanfaí a laghad cur isteach agus is féidir, tá:

- Teorainneacha agus troscán sráide a thaifeadadh, a chosaint, a bhaint, a stóráil agus a chur ar ais go cuí; agus
- Crainn a choimeád nó crainn nua a chur ina n-áit feadh na Scéime Beartaithe.

Ar na príomhthionchair ar oidhreacht ailtireachta le linn na Céime Oibríochtúla áireofar:

- Tionchair bainteach le hathruithe amhairc ar shócmhainní oidhreachta ailtireachta (lena n-áirítear ó na láithreacha atá beartaithe do scáthláin bus agus ar rinneadh iad a mheas go cúramach), chomh maith le tionchair ar thimpeallacht na sócmhainní de dheasca athruithe tráchta. Maidir le pábháil nua a leagtar síos, crainn nua a chuirtear agus tírdhreacadh a dhéantar, beidh dea-thionchar acu i

gcoitinne ar thimpeallacht stairiúil agus ar charachtar na sráideanna feadh na Scéime Beartaithe; agus
- Na tionchair sa chás gur gá, ar mhaithe leis an Scéim Bheartaithe, athruithe fisiciúla a dhéanamh ar ghnéithe oidhreachta nó iad a athlonnú.

Ní bheidh aon tionchar iarmharach ar fiú trácht air ar an sócmhainn oidhreachta ailtireachta de bharr Chéim Tógála agus Chéim Oibríochtúil na Scéime Beartaithe tar éis do na bearta maolaithe a bheith curtha i bhfeidhm.

## 8.12 Tírdhreach (Bailedhreach) & Amhairc

Mar chuid den mheasúnú tírdhreacha (bailedreacha) agus amhairc rinneadh athbhreithniú deascbhunaitheathe ar an bhfaisnéis atá ar fáil lena n-áirítear aer-ghrianghrafadóireacht agus an Scéim Bheartaithe a mhapáil. Rinneadh réamhshuirbhéanna ar na bealaí d’fhonn na torthaí ón staidéar deacsbhunaithe a fhíorú agus áiríodh leis seo suirbhéanna allamuigh ar limistéir ar leith chomh maith le fótamontáisí a ghlacadh.

Maidir leis an mbailedreach atá feadh an stráice den Scéim Bheartaithe ó Thamhlacht go Baile an Mhóta, tá réimse leathan d’fhorbairtí uirbeacha na linne seo agus de pháirceanna gnó ann a athraíonn go múnla shráid an tsráidbhaile traidisiúnta agus lonnaíocht stairiúil i dTamhlacht. Mar a n-éiríonn sé ina bhruachbhailte imeall na cathrach agus limistéir ann ina bhfuil mórcheantair thráchtála agus ceantair chónaithe fho-uirbeacha feadh R819 Bóthar na nGlaschnoc. Tá an chonair taobh le forbairtí ilstóracha ar thalamh atá ar an taobh thiar de Bhóthar Belgard. Soir ó Bhóthar Belgard tá sráid sráidbhaile den seandéanamh agus réimse de thailte cónaitheacha, pobail agus institiúideacha ann idir aon- agus dhá stór den chuid is mó. Ar feadh an stráice seo tá meascán de chrainn aibí agus óga curtha le spás mór oscailte ag Páirc Bancroft agus Páirc Thigh Motháin.

Ó Bhaile an Mhóta go Cromghlinn is iad bruachbhailte imeall na cathrach mar aon le tailte cónaithe, gnó/tionsclaíocha an tsainghné is mó ar an taobh thoir den M50. Maidir leis an sráid-dreach feadh an stráice seo, tá bóithre fo-uirbeacha ar gach taobh de, agus spás oscailte ina thimpeall mar aon le mórcheantair ghnó agus thionsclaíocha. Tá réimse leathan de thírdhreacha ann lena n-áirítear spásanna móra oscailte ag Páirc Thigh Motháin agus mórcheantair ghnó/thionsclaíocha ina bhfuil roinnt ceantair chónaithe.

Maidir leis an stráice ó Chromghlinn go dtí an Chanáil Mhór, tá an bailedhreach comhdhéanta de chroí-bhruachbhailte cónaitheacha imeall na cathrach a nascann le Baile Bhailcín agus Cromghlinn. Tá an bealach timpeallaithe go pointe ag sráideanna cónaitheacha fo-uirbeacha príomhúla, agus ionaid réadmhaoine traidisiúnta dhá stór ar dhá thaobh de a bhfuil gairdíní tosaigh iata acu agus radharc acu ar chonair an bhóthair. Tá eastáit chónaithe áille ag Gairdíní Uíbh Eachach a théann chomh fada le hacomhal mór agus a aghaidh ar Ospidéal Chromghlinne. I measc na dtaitneamhachtaí feadh an stráice tá spásanna oscailte ag Páirc Bunting, Páirc Chuimhneacháin Mhic Phiarais, Páirc Eamon Ceannt agus Gairdíní Uíbh Eachach agus an Chanáil Mhór.

Idir an Chanáil Mhór agus Teampall Chríost is féidir an tírdhreach a áireamh mar bhealach isteach stairiúil chuig an gcathair a théann chomh fada le croí-shráid-dreacha uirbeacha agus Lár na Cathrach stairiúil. I gcás stráicí áirithe tá sráid-dreach stairiúil / oidhreachta acu ina bhfuil forbairt inlíonta na linne seo. Tá foirgnimh atá tábhachtach don chathair ann, go mór ó R137 go Plás Theampall Chríost. Tá crainn lár sráide feadh R137 Sráid Phádraig / Sráid Nioclái**s**. Tá Radhairc faoi Chosaint suite feadh R137 Sráid Phádraig i dtreo Theampall Chríost agus struchtúir faoi chosaint ar an dá thaobh anseo agus ansiúd feadh an bhealaigh.

Ó achomal Shiúlán Áth na Coille (R113) / Bóthar Nangair Nua (R134) go Bóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bóthar an Náis (R810) / Bóthar Nangair Nua (R134) tá an bealach frámaithe ag an gCanáil Mhór, limistéir spáis chónaithe agus oscaile siar ón M50 agus mórlimistéir úsáide talún gnó agus tionscadal soir ón M50. Is pasáiste an-ghnóthach é an bealach a bhfuil móracomhal aige ar Bhóthar an Náis. Is iad na Limistéir Chaomhantais pasáiste na Canála Móire amháin. Is é an spás oscailte atá ag an gCánáil Mhór, Áth na Coille agus Ascaill na Móinéar Buí taitneamhachtaí na gceantar.

Ó achomal Bhóthar an Mhíle Fhada (R110) / Bóthar Náis (R810) / Bóthar Nangair Nua (R134) go Droimeanach is príomh-bhonneagar bóthair an-ghnóthach agus líne iarnród LUAS é an carachtar. Tá limistéir mhóra gnó / tionsclaíochta ar an teorainn feadh na slí chomh maith le talamh institiúideach a bhfuil crainn air i nDroimeanach. Tá Struchtúir Chosanta lonnaithe ag áitreabh an MDL ar R112 Ascaill Bhaile Bhailcín agus ag Caisleán Dhroimeanaigh.

Ar na príomh-éifeachtaí tírdhreach (bailedhreach) & amhairc le linn Chéim na Tógála áireofar:

- Úsáid agus bunú láithreán, fálú agus clársconsa na gCompún Tógála agus na limistéar oibreacha - lena n-áirítear laistigh de limistéir / de ghairdíní príobháideacha.
- Scartáil láithreán, lena n-áirítear teorainneacha, colbhaí, ciumhaiseanna, dromchlaí, limistéir thírdhreacha, crainn agus plandú a bhaint – lena n-áirítear fálta, ballaí agus plandú teorann laistigh de limistéir / gairdíní príobháideacha;

- Gníomhaíocht laithreáin agus cur isteach amhairc de bharr oibreacha tógála ginearálta agus oibriú innealra tógála laistigh den láitheán agus ag an gCompún Tógála.
- Oibreacha tógála lena mbaineann atreorú na seirbhísí agus na saoráidí reatha faoin talamh / os cionn talún, soláthar seirbhísí agus fóntas nua, gnéithe agus naisc draenála, etc.;
- Gníomhaíocht láithreáin agus oibreacha tógála a bhaineann le tógáil carrbhealaí, colbhaí, cosán agus raonta rothar, stadanna bus agus comharthaíochta, athchóiriú teorainneacha / soláthar teorainneacha nua agus oibreacha athchóirithe tírdhreacha / soláthar tírdhreacha nua, srl.; agus
- Limistéir oibreach tógála agus Compúin Tógála a díchoimisiúnú

Beidh éadáil réadmhaoine (sealadach agus nó buan) de dhíth ó roinnt réadmhaoine cónaithe chun an Scéim Bheartaithe a thógáil. Cuirfear fálú / clársconsa sealadach in airde agus coimeádfar rochtain d'úinéirí / d'áititheoirí don úinéir talún chomh fada is go bhfuil sé praiticiúil le réasún. Leis na hoibreacha caithfear na ballaí teorann cois bóthair, ráillí, geataí isteach atá ann cheana a bhaint agus a athchóiriú, mar aon le talamh le plandú gairdíní, rochtain gairdíní agus tréithe gairdíní cheana féin.

Cuirfear céimeanna cuí i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha tírdhreacha (bailedhreacha) & amhairc a seachaint nó a laghdú le linn Chéim na Tógála , lena chinntítear go dtabharfar cosaint do chrainn agus d'fhásra atá le coimeád laistigh den limistéar oibreacha agus taobh leis. Leanfaidh na hoibreacha a bheidh ag teastáil laistigh d'achar cosanta fréamhacha (ACF) na gcrann modheolaíocht chrannadóireachta a bheidh oiriúnach don tionscadal le haghaidh oibreacha den chineál seo.

Bíodh is go bhfuil maolú do Chéim na Tógála dírithe ar thréithe an tírdhreacha atá le coimeád a chosaint agus an oiread sin tástála amhairc is gur féidir a sholáthar ó oibreacha tógála, ní bheidh sé indéanta nó praiticiúil maolú a dhéanamh ar na tionchair a bhíonn ar thírdhreacha (bhailedhreacha) agus ar shaintréithe amhairc atá mar thoradh ar ghearradh na gcrann fásta chun cúrsaí tógála a éascú.

Le feidhmiú na mbeart maolaithe beartaithe, táthar ag súil go mbeidh tionchar measartha go han-suntasach, diúltach, sealadach go gearrthéarmach ar gach cuid den bhailedhreach sa scéim le linn na tógála. Beidh tionchar measartha, diúltach, gearrthéarmach sráid-dreacha / amhairc ar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta, Limistéir Chaomhantais Chónaithe, déanmhais chosanta, sonruithe taitneamhachta, radhairc chaomhnaithe, crainn agus fásra agus réadmhaoin faoi shealbhú sealadach. Ina theannta sin, beidh tionchar idir beag agus suntasach, diúltach, gearrthéarmach tírdhreacha agus amhairc ar Limistéir Chaomhnaithe, ar ionaid réadmhaoine atá os comhair na scéime agus teagmháil dhíreach fhíorbheag ann, gan trácht ar chrainn agus ar fhásra.

Ar na príomhthionchair thírdhreacha (bhailedhreacha) & amhairc le linn Chéim na hOibríochtúla áireofar:

- Athruithe ar an gconair bhóthair / sráid atá ann cheana;
- Athruithe ar ghluaiseacht tráchta, coisithe agus rothar;
- Mionathruithe ar limistéir de réadmhaoin / gairdíní / teorainneacha príobháideacha; agus
- Coigeartuithe ar limistéir / teorainneacha eile.

Beidh leasuithe ar an gconair bhóthair agus athruithe ar ghluaiseacht tráchta, coisithe agus rothar mar ghnéithe den Scéim Bheartaithe. Gné choitianta rialta um bainistiú gníomhach bóithre agus tráchta ar bhóithre agus i sráideanna uirbeacha is ea athruithe ar chonairí bóthair, lena n-áirítear soilsiú tráchta, comharthaíocht, agus leithdháileadh carrbhealaí agus gluaiseachtaí tráchta. Dá bhrí sin, féadfar gnéithe dá leithéid a mheas mar chuid dhinimiciúil den timpeallacht sráid-dreacha glactha. Dá bhrí sin, seans go gcuirfí na hathruithe seo san áireamh mar chuid lárnach d'athruithe leanúnacha nó rialta atá ceaptha le tarlú, agus a tharlaíonn, ó am go ham i dtimpeallacht sráid-dreacha uirbigh ar bith agus meastar gur athruithe iad seo a bhfuil méid athraithe íseal nó fánach ag baint leo.

Bhí an Scéim Bheartaithe faoi réir ag próiseas forbartha dearaidh atriallaigh a bhí measta le bheith indéanta chun tionchar diúltach a sheachaint nó a laghdú, lena n-áirítear tionchar tírdhreacha agus amhairc. Ina ainneoin sin, beidh an Scéim Bheartaithe ina cúis le tionchar tírdhreacha agus amhairc de shaghas éigin, ach go háirithe le linn Chéim na Tógála. Tarlaíonn na tionchair seo in áiteanna a bhfuil sealbhú talún sealadach agus / nó buan ann atá bainteach le réadmhaoin chónaithe nó réadmhaoin eile cosúil le taitneamhachtaí, agus áiteanna a bhfuil gearradh crann de dhíth ann. Áiríonn an Scéim Bheartaithe teorainneacha suaite a athsholáthar, Compúin Tógála


a athshealbhú, áiteanna sealbhaithe sealadacha a thabhairt ar ais, crainn nua nó breise a athsholáthar agus plandáil eile nuair is féidir thar an Scéim Bheartaithe.

Beidh tionchair iarmharacha fós ann le linn na Céime Oibríochtúla i gcás ionaid réadmhaoine atá faoi réir fáil talún bhuan. I gcás spásanna oscailte ag Radharc na Beithe / Radharc na Páirce / Gort na gCrann, is amhlaidh go mbeidh idir drochthionchair mheasartha agus drochthionchair fhadtéarmacha shuntasacha ar an gceantar cónaithe. Beidh tionchair fhadtéarmacha dhearfacha i gceist do stráicí den sráid-dreach ag Timpeallán Bhaile Bhailcín, ó Bhaile an Mhóta go Teampall Chríost agus ó Shiúlán Áth na Coille / acomhal Bhóthar Nangair Nua chuig acomhal Bhóthar an Mhíle Fhada / Bhóthar an Náis / Bóthar Nangair Nua. Lena chois sin soláthróidh an Scéim Bheartaithe dul chun cinn suntasach i leibhéal seirbhíse le haghaidh iompar poiblí agus nasc coisithe / rothar. Mar a chéile, soláthraíonn an Scéim Bheartaithe feabhsaithe sa Ríocht Uirbeach, a sholáthróidh tionchar fadtéarmach dearfach ar an mbailedhreach agus ar charachtair amhairc i gceantair cosúil le Bóthar Chill Dara go Bóthar an Chlochair.

## 8.13 Dramhaíl & Acmhainní

Áiríodh sa mheasúnú dramhaíola agus acmhainní sainaithint na gcineálacha dramhaíola a d'fhéadfaí a ghiniúint leis an Scéim Bheartaithe, chomh maith le hathúsáid fhéideartha na n-ábhar. Áiríodh athbhreithniú deasc-bhunaithe de pholasaí agus reachtaíocht ábhartha sa mheasúnú, agus sonraí ar ghiniúint dramhaíola agus bainistíocht dramhaíola agus acmhainní.

Cuireadh prionsabail dramhaíl inbhuanaithe agus bainistíocht acmhainní san áireamh i ndearadh na Scéime Beartaithe agus cuirfear na prionsabail seo i bhfeidhm de réir an Mhúnla Geilleagair Ciorclaigh (féach Íomhá 8.2) le linn Chéim na Tógála agus Oibríochtúla. Cinnteoidh sé seo go ndéanfar giniúint dramhaíola a íoslaghdú.




**Íomhá 8.2: Samhail Simplithe den Gheilleagar Ciorclach le haghaidh Ábhar agus Fuinnimh (An Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (GEC) 2016)**

In Éirinn, léiríonn na sonraí is deireanaí a foilsíodh gur gineadh 8.2 milliún tona de dhramhaíl tógála agus scartála le linn 2020. Is ionann é seo agus laghdú de 0.6 milliún tonna i gcomparáid le 2019. Maidir leis an dramhaíl seo, bhí 7.0 milliún tonna d'ithir agus de chlocha ann, agus is ionann é seo agus 84% den dramhaíl tógála agus scartála a chuirtear amach faoi láthair.

In Éirinn, tá dramhaíl chathrach (m.sh., cineálacha dramhaíola tí comónta) déanta de dhramhaíl tí mar aon le dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile atá, mar gheall ar an gcineál dramhaíola atá ann, cosúil le dramhaíl tí. De réir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, ghin Éire 3.2 milliúin tona de dhramhaíl chathrach agus rinneadh 30% den dramhaíl seo a athchúrsáil sa bhliain 2020.

Ar na príomheilimintí tógála atá ceaptha le bheith mar thoradh ar thionchair a d'fhéadfadh a bheith ar dhramhaíl agus ar acmhainní áirítear:

- Tógáil agus athchruthú raonta rothar, cosán, leathnú bóithre agus feabhsuithe ar an ríocht uirbeach.
- Crainn, colbhaí coincréite, ballaí, fáil agus geataí a bhaint;
- Ballaí coinneála beaga a bhaint;
- Timpeallláin a bhaint agus iad a athrú go acomhail faoi rialú soilse tráchta;
- Troscán sráide nua, lena n-áirítear soilse tráchta agus stadanna bus, agus oibreacha tírdhreachaithe;
- Ballaí teorann, fáil agus geataí a bhaint;
- Droichid choisithe / rothar nua
- Beidh gá le mion-atreoruithe agus / nó cosaintí beaga fóntais; agus
- Cosáin agus carrbhealaigh a thochailt.

Cuirfear raon Bearta Maolaithe i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha ar dhramhaíl agus acmhainní a sheachaint nó a laghdú le linn Chéim na Tógála, lena n-áirítear diúscairt dramhaíola a íoslaghdú. Lorgófar deiseanna chun ábhair, fotháirgí agus dramhaíl a athúsáid le linn Chéim Tógála na Scéime Beartaithe; Déileálfaidh an conraitheoir atá ceaptha leis seo le linn Chéim na Tógála trí Phlean Acmhainne Tógála agus Scartála agus Bainistithe Dramhaíola a chur i bhfeidhm.

Is ionann an 5480 tona measta de dhramhaíl scartála a ghinfear mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe agus 0.05% den bhonnlíne bainistíochta dramhaíola tógála agus scartála i Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre. Tá an tionchar féideartha ag Dramhaíl scartála le linn Chéim na Tógála, diúltach, neamhshuntasach, agus gearrthéarmach. Is ionann an 253,000 tona measta atá sa réamhaisnéis iomlán d'ábhar tochailte barrachais ón Scéim Bheartaithe agus 2.16% den bhonnlíne bainistíochta dramhaíola tógála agus scartála do Réigiún Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre. Tá acmhainneacht ann comhiomláin athúsáide a ionchorprú sa Scéim Bheartaithe, agus déanfar é seo nuair is féidir. Chomh maith leis sin, nuair is féidir, athúsáidfear an t-ábhar atá fágtha. Tá an tionchar féideartha ag dramhaíl tochailte le linn Chéim na Tógála, diúltach, gan tábhacht, agus gearrthéarmach.

Beidh na príomhthionchair fhéideartha ar dhramhaíl agus acmhainní le linn na Céime Oibríochtúla ginte ó dhramhaíl ó ghníomhaíochtaí cothabhála bóithre i ndiaidh Chéim na Tógála a chríochnú. Tabharfar faoi oibríochtaí cothabhála faoi dhlínse an údaráis áitiúil agus de réir a bpleananna bainistithe dramhaíola. Ní mheastar go bhfuil aon bheart maolaithe nó monatóireachta eile de dhíth. Méadóidh cainníocht biotúman a bhfuil ábhar ann, le linn na Céime Oibríochtúla, thar shaol measta na Scéime Beartaithe (measta le bheith 60 bliain) thart ar 14500 tona. Beidh an tionchar a mheastar go mbeidh ag dramhaíl tógála agus scartáil oibríochtúil diúltach, neamhshuntasach agus fadtéarmach.

Le feidhmiúchán na mbeart maolaithe molta, meastar nach mbeidh aon tionchar dramhaíola suntasaí ar dhramhaíl agus acmhainní.

## 8.14 Sócmhainní Ábhair

Measadh an Measúnú Sócmhainní Ábhair i dtéarmaí:

- Mórfhóntais (faoi thalamh agus os cionn talún araon) amhail gás, píblínte uisce (píbínte uisce óil agus séaraigh) agus líonraí uisce stoirme, línte traschurtha leictreachais agus línte teilechumarsáide;
- Bonneagar iompair de dhéantús an duine amhail bóithre, ráillí agus canálacha; agus
- Amhábhair atá ag teastáil le hiompórtáil don Scéim Bheartaithe.

Áiríodh léirmheas deasc-bhunaithe de na sócmhainní ábhair sa mheasúnú seo. Iarradh eolas ar áiseanna ó chomhlachtaí fhóntais agus soláthróirí seirbhíse cuí.

Ar na sócmhainní ábhair laistigh den Scéim Bheartaithe áirítear:

- Línte Leictreachais Bhord Soláthair an Leictreachais (de voltas ard, meán, agus ísle), agus bonneagar lena bhaineann;
- Príomhlíonra gáis ó Líonraí Gáis Éireann (de bhrú ard, meán, agus íseal) agus bonneagar lena bhaineann;
- Príomhlíonra uisce óil Uisce Éireann agus bonneagar lena bhaineann;
- Línte séaracha Uisce Éireann (braen agus séaracha le chéile) agus bonneagar lena bhaineann;
- Gréasán draenáil d'uisce dromchla an Údarás Áitiúil agus bonneagar lena bhaineann;
- Línte Eir, Enet, GNI Telco agus línte teilechumarsáide Virgin Media agus bonneagar lena bhaineann;
- Comhartha Tráchta Duchtáil an Údaráis Áitiúil;
- Línte snáithíní dorcha agus bonneagar lena bhaineann;
- An Líne Dhearg Luas
- An Mótarbhealach M50; agus
- An Chanáil Mhór

Laistigh de shuíomh na Scéime Beartaithe, iompórtáiltear ábhar faoi láthair mar chuid de ghníomhaíochtaí cothabhála atá á ndéanamh ar na bóithre, na lánaí rothar, na cosáin, na fóntais agus na colbhaí atá ann cheana.

Ar na príomheilimintí tógála atá ceaptha le bheith mar thoradh ar thionchair fhéideartha ar shócmhainní ábhair áirítear:

- Beidh leictreachas ag teastáil ó na Compúin Tógála chun áiseanna sealadacha oifige agus leasa a chumhachtú le haghaidh soilsiú sealadach a chaithfear a sholáthar trí nasc leis an ngréasán greille nó le gineadóir;
- Beidh soláthar uisce ag teastáil ó na Compúin Tógála d'áiseanna leasa agus do spraeáil chun deannach a chosc, nuair is gá;
- Beidh rochtain teilechumarsáide ag teastáil ó na Compúin Tógála;
- Atreorú na línte leictreachais in áiteanna a mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime Beartaithe ann;
- Atreorú príomhlíonra uisce faoi thalamh san áit a mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime Beartaithe ann;
- Tá oibreacha uasdátaithe de dhíth ar an líonra draenála uisce dromchla chun freastal ar leagan amach bóithre agus ar chruastad méadaithe.
- Atreorú bonneagair gáis san áit a mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime Beartaithe ann;
- Atreorú bonneagair teilechumarsáide san áit a mbeidh comhéadain le hoibreacha na Scéime Beartaithe ann; agus
- Iompórtáil ábhar tógála lena n-áirítear coincréit, miotail, suimint, ábhair dhromchla bóthair agus ábhair thírdhreacaithe. Léireoidh an líon ábhar atá de dhíth don Scéim Bheartaithe níos lú ná faoin gcéad amháin de na cainníochtaí Éireannacha a tháirgtear gach bliain.

Dearadh an Scéim Bheartaithe chun an tionchar ar bhonneagar fóntais a íoslaghdú. Airítear anseo idirghníomhaíochtaí le mórbhonneagar fóntais a sheachaint, fhad is gur féidir. Sna háiteanna a bhfuil comhéadain le bonneagar fóntais ann cheana, déanfar iad seo a chosaint san áit a bhfuil siad nó a atreorú de réir mar is gá chun cur isteach fadtéarmach ar sheirbhísí a sheachaint. Cuireadh atreoruithe agus athraithe ar shuíomh nó leagan amach aon bhonneagair fóntais san áireamh i ndearadh na Scéime Beartaithe ar an iomlán.

Glacfar le gach réamhchúram indéanta chun aon chur isteach neamhphleanáite ar sheirbhísí a sheachaint le linn Chéim na Tógála. Tá na hoibríochtaí molta bunaithe ar tuaraiscí atá ar fáil, agus réamh-fiosrúcháin suíomhe. Tabharfar faoi suirbhéanna áitiúla deimhniúcháin sula dtosaíonn oibreacha tochailte, chun torthaí na measúnuithe réamh-thógála atá faoi thuairisc sa TMTT seo a chinntiú.

Bhí comhairliúchán ann leis na mórchomhlachtaí fóntais, agus leanfaidh an conraitheoir ceaptha ag dul i gcomhairle leis na comhlachtaí seo, i gcomhar leis an ÚNI. Sna háiteanna a bhfuil atreoruithe de dhíth ann agus a bhfuil cur isteach ar sheirbhísí réadmhaoine mórthimpeall dosheachanta, déanfar é seo a phleanáil ach réamhfhógra a thabhairt do na húinéirí réadmhaoine atá buailte.

Tá an Scéim Bheartaithe deartha chomh maith chun an líon móroibreacha tógála atá de dhíth a íoslaghdú. Cuirfidh an conraitheoir ainmnithe inbhuanaitheacht na n-ábhar san áireamh nuair a bhítear ag foinsiú ábhar don Scéim Bheartaithe. Ar na gnéithe atá le cur san áireamh áireofar an foinse, sonraíocht na n-ábhar, costais táirgeachta agus iompair, agus an fháil ar ábhair. Déanfar an t-ábhar tógála a bhainistiú ar an suíomh mar is ceart chun orduithe breise agus dramhaíl a sheachaint.

Leis na céimeanna maolaithe beartaithe á gcur i bhfeidhm ní bheidh aon tionchar iarmharach suntasach ar shócmhainní ábhair mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.

Ar na príomheilimintí oibríochtúla atá ceaptha le bheith mar thoradh ar thionchair fhéideartha ar shócmhainní ábhair áirítear:

- An riachtanas le haghaidh nasc leictreachais, soilsithe nua, eolais ar stadanna bus agus comharthaí acomhail;
- An riachtanas le haghaidh nasc teilechumarsáide ag stadanna bus a mbíonn eolas paisinéara fíor-ama iontu, a ligfeadh do bhusanna agus an t-eolas fíor-ama sioncronú lena chéile.

Ní bheidh aon tionchair shuntasacha ag an gCéim Oibríochtúil ar bhonneagar fóntais. Mar gheall ar na céimeanna curtha san áireamh i ndearadh na Scéime Beartaithe agus an chaoi go bhfuil fíorbheagán tionchar tuartha le linn na Céime Oibríochtúla, níl céimeanna maolaithe cuí ag teastáil

## 8.15 Riosca Timpistí agus / nó Tubaistí Móra

Chuir an measúnú na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Scéim Bheartaithe ar an timpeallacht san áireamh, mar thoradh ar a leochaileacht i leith rioscaí de mhórthimpistí agus / nó tubaistí le linn Chéim na Tógála nó na Céime Oibríochtúla.

An measúnú riosca:

- Timpistí agus / nó tubaistí móra (i.e. teagmhais neamhbheartaithe) sainaitheanta a bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith leochaileach ina leith;
- Rinneadh measúnú ar thionchair agus ar iarmhairtí féideartha teagmhais den sórt sin maidir leis na gabhdóirí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a bhféadfaí tionchar a bheith orthu.

Cuireadh clár le chéile de gach riosca féideartha agus na tionchair fhéideartha lena mbaineann le haghaidh na Céime Oibríochtúla den Scéim Bheartaithe. Ghlac an clár leis an gcás ba mheasa, sula gcuirfí aon chéim mhaolaithe nó plean éigeandála i bhfeidhm chun an dóchúlacht agus an tionchar féideartha d'aon mhórthimpiste agus / nó tubaiste a laghdú.

Déantar rátáil ar rioscaí tríd an rátáil dóchúlachta a iolrú (an dóchúlacht go dtarlódh riosca, bíonn sé sa raon an-neamhdhóchúil agus an-dóchúil) faoin rátáil iarmhartach (an leibhéal iarmhartach, má tharlaíonn aon timpiste agus / nó tubaiste, bíonn sé sa raon neamhthubaisteach agus tubaisteach). Tugann sé seo scór riosca íseal, meánmhéide nó ard. Ní thagann scóir ísealriosca leis an sainmhíniú de mhórthimpiste agus / nó mórthubaiste agus bheadh scóir ardriosca breithnithe do-ghlactha d'fhorbairt na Scéime Beartaithe agus chaithfí é a dhearadh amach. Bheadh leibhéal maolaithe ag teastáil ó scóir mheánriosca a laghdódh leibhéal an tionchair.

Maidir le Céim na Tógála, bhí roinnt rioscaí a bhí ceaptha le bheith íseal agus nár breithníodh orthu níos mó. Sainaithníodh na meánrioscaí seo a leanas le haghaidh Chéim na Tógála:

- Riosca pléasctha gáis mar gheall ar theagmháil le / damáiste do phríomhlíonra gáis, nó scaoileadh gáis sáinnithe faoi thalamh atá bailithe mar thoradh ar na sceitheanna gáis.
- Riosca damáiste struchtúrach / go dtitfeadh sé anuas;
- Riosca teagmhas truaillithe as a n-eascraíonn damáiste timpeallachta d'uiscí nó screamhuisce, a bhaineann go háirithe le scaoileadh féideartha siolta isteach sa timpeallacht uisceach;
- Riosca go dtitfidh an talamh / go mbeidh éagobhsaíocht ann de bharr na dturnamh talún mar gheall ar oibreacha tochailte, nó go bhfaighfí talamh éagobhsaí le linn na tógála;
- Riosca mórthimpiste tráchta bóthair mar thoradh ar idir trácht tógála agus trácht poiblí, coisithe agus rothaithe;
- Riosca go leathfadh speiceas ionrach neamhdhúchasach le linn oibreacha tógála, ach go háirithe le linn oibreacha glanta láithreáin; agus
- Riosca go gcuirfí isteach ar fheithiclí práinnfhreagartha (dóiteáin, otharcharr agus Garda).

Níor sainaithníodh aon ardrioscaí le haghaidh Chéim na Tógála.

Comhlíonann an Scéim Bheartaithe leis na caighdeáin dearaidh chuí, lena n-áirítear céimeanna chun an dóchúlacht go dtarlódh eachtraí riosca a laghdú.

Cuirfear céimeanna maolaithe oiriúnacha i bhfeidhm le linn Chéim na Tógála, lena n-áirítear feidhmiúchán an Phlean Freagartha Timpeallachta Tógála agus Plean Freagartha Teagmhais Timpeallachta. Le feidhmiúchán na gcéimeanna maolaithe seo, níl aon teagmhais tugtha faoi deara fágtha nó mórthimpistí agus / nó tubaistí teagmhais riosca a léiríonn leibhéal riosca a chúiseodh tionchair shuntasacha nó tionchair thimpeallachta.

Níor sainaithníodh go dtarlódh aon rioscaí suntasacha dóchúla le linn na Céime Oibríochtúla.

## 8.16 Tionchair Charnacha & Idirghníomhaíochtaí Timpeallachta

Breithníodh sa mheasúnú ar na tionchair charnacha agus ar na hidirghníomhaíochtaí tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar thionchair fhéideartha ó scéimeanna eile in éineacht le tionchair thuartha na Scéime Beartaithe, agus le hidirghníomhaíochtaí le gnéithe timpeallacht. Áirítear leis seo breithniú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag scéimeanna Conaire Bus Lárnach eile de chuid BusConnect chomh maith le tionscadail eile.

Go ginearálta, téitear i ngleic le hidirghníomhaíochtaí tionchair agus le gnéithe timpeallachta mar chuid de na measúnuithe topaice aonair, mar shampla leis an measúnú Daonra áiríodh tionchair ar thaitneamhachtaí an phobail, a bhaineann leis an idirghníomhaíocht tionchair ar chaighdeáin an aeir, taitneamhachtaí amhairc, trácht agus iompar, agus torann agus creathadh.

Cuireadh na foinsí seo a leanas san áireamh chun cáipéisí cuí eile a shainaithint, chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair charnacha.

- Suíomh idirlín an Bhoird Pleanála — le haghaidh sonraí ar fhorbairtí bonneagair straitéisigh agus forbairtí Straitéiseach Tithíochta;
- Suíomhanna gréasáin Údaráis Áitiúil agus na pleananna forbartha - le haghaidh sonraí maidir le leithdháiltí agus áiteanna le haghaidh athbheochana;
- Bunachar Sonraí Iarratais Pleanála Náisiúnta — liosta in-íoslódáilte d'iarratais phleanála a seoladh ó Údaráis Áitiúla;
- Suíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair — le haghaidh sonraí ar mhórchláir iompair. Áiríodh leis seo athbhreithniú ar Straitéis Iompair an ÚNI do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath;
- Tionscadal Éireann 2040, lena gcomhcheanglaítear an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Creat Náisiúnta Pleanála agus a léarscáilí idirghníomhach;
- Suíomh gréasáin Bonneagair Iompair Éireann— le haghaidh sonraí ar mhórchláir iompair.
- An Tairseach MTTatá coinnithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil - le haghaidh iarratas ar chead forbartha in éineacht le TMTT; agus
- Suíomh Gréasáin Uisce Éireann, ina bhfuil leathanach ar a thionscadail.

Cuireadh cás comhtháite ba mheasa san áireamh, le tógáil chomhuaineach gach scéime BusConnect. D'aithin samhaltú tráchta den chás seo go bhféadfadh tionchair charnacha a bheith ar thrácht bóithre áitiúla. Ar an ábhar seo, ní mheastar go bhfuil sé indéanta nó inghlactha gach ceann de na 12 scéim a thógáil ag aon am amháin. Ar an ábhar seo, cuireadh cás éagsúil le chéile chun an cás is measa, a rinneadh níos réadúla, a shainaithint le haghaidh measúnacht ar thorthaí carnacha bainteach le trácht. Cuireann an cás seo srian ar líon na scéimeanna go bhféadtar a thógáil ag an am céanna. Cuireadh an cás seo san áireamh, in éineacht leis na mórthionscadail bhonneagair sainaitheanta eile agus forbairtí móra a d'fhéadfadh comhéadan díreach a dhéanamh leis an Scéim Bheartaithe maidir le trácht agus iompar.

Níl aon tionchar carnach dóchúil suntasach maidir le trácht agus iompar tuartha sa bhreis ar na tionchair den Scéim Bheartaithe a measúnaíodh ina haonair.

Maidir le caighdeán an aeir, toisc go mbeidh na tionchair charnacha tráchta i dtiúin leis an Scéim Bheartaithe ina n-aonar, ní bheidh tionchar carnach suntasach ar chaighdeán an aeir. Ciallóidh deannach maolaithe ag Céim na Tógála don Scéim Bheartaithe, le céimeanna cosúla curtha i bhfeidhm le haghaidh tionscadail eile, go mbeidh tionchair charnacha de dheannach tógála neodrach san iomlán.

Maidir le torann ó thrácht tógála, agus ar bhonn an cháis is measa réalaíoch don trácht tógála, beidh tionchar carnach ar thorann agus ar chreathadh ar líon beag bóithre ar bharr ar thionchair na Scéime Beartaithe ina n-aonar. Is ionann na bóithre a bhfuil tionchair charnacha ag torann ó thrácht tógála orthu agus na bóithre céanna a bhfuil tionchair ag torann ó thrácht tógála orthu nuair a dhéantar an Scéim Bheartaithe mheas ina haonar. Meastar go bhfuil gach tionchar torainn tráchta sealadach ó nádúr.

Maidir leis an mBithéagsúlacht, ní bheidh tógáil na Scéime Beartaithe i gcomhcheangal le tionscadail eile ina cúis le tionchair charnacha níos airde ná na tionchair iarmharacha a tuaradh a bhí sainaitheanta don Scéim Bheartaithe ar a haonar.

D'aithin an measúnú Tírdhreacha (Bailedhreacha) & Amharc an acmhainneacht le haghaidh tionchair charnacha shealadacha agus indíreacha ar an mbailedhreach agus amhairc mar thoradh ar thionscadail eile i gcomhar leis an Scéim Bheartaithe má bhíonn comhthráth idir na tréimhsí tógála nó má leanann sé ar aghaidh laistigh d'fhráma ama gearr leis an Scéim Bheartaithe. Bheadh tionchair laghdaithe nó fánach mura raibh sé seo an cás I bhformhór na gcásanna, is é is dóichí go mbeidh na tionchair fhéideartha logánta agus srianta, mar thoradh ar thionchar imfhálaithe na foirme tógtha mórthimpeall.

Níor sainaithníodh aon tionchar carnach suntasach eile a bhain le tógáil ón Scéim Bheartaithe i gcomhar le tionscadail eile (lena n-áirítear na Croíscéimeanna Conairí Bus eile) sa bhreis ar na cinn a aithníodh sna measúnuithe aonair.

Maidir le hÉifeachtaí Oibriúcháin, glacann na measúnuithe leis go mbeidh gach ceann den 12 Scéim Conairí Bus molta i bhfeidhm, maille le tionscadail aitheanta eile agus tionscadail Straitéise Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath atá mar chuid de na cásanna an t-Íosmhéid a Dhéanamh agus Rud Éigin a Dhéanamh. Maidir le trácht agus iompar, tuaradh sa mheasúnú go meastar go n-éascóidh an Scéim Bheartaithe agus na 11 scéim Chroí-Chonairí Bus eile tionchar carnach domhain, fadtéarmach, dearfach ar Ghluaiseacht Daoine trí mhodhanna inbhuanaithe. Feictear go n-éascaíonn na scéimeanna Croí-Chonairí Bus feabhsuithe suntasacha i nGluaiseacht Daoine trí mhodhanna inbhuanaithe feadh bealaí díreacha an Chroí-Chonair Bhus, go háirithe ar bhus agus ar rothaíocht, le laghduithe ar an sciar de mhodhanna gluaisteán mar gheall ar an soláthar modh inbhuanaithe feabhsaithe. Déanann an Scéim Bheartaithe agus na 11 scéim Chroí-Chonairí Bus foráil do chomhtháthú agus éifeachtúlacht feabhsaithe do gach modh iompair phoiblí trí éascú a dhéanamh ar arduithe suntasacha ar mheánluasanna taistil ar fud an ghréasáin iompair phoiblí.

Ní aithnítear aon drochthionchar suntasach breise ar an gcaighdeán aeir sa chás oibríochta carnach i gcomparáid leis an gcás aonair

Tacóidh Oibreacha Bonneagair an Chroí-Chonair Bus freisin le seachadadh straitéisí rialtais atá leagtha amach sa CAP 2023 agus san Acht Aeráide 2021 trí shoghluaisteacht inbhuanaithe a chumasú agus trí chóras iompair inbhuanaithe a sheachadadh. Soláthróidh Oibreacha Infrastruchtúir an Chroí-Chonair Bus nascacht agus comhtháthú le seirbhísí iompair phoiblí eile as a dtiocfaidh níos mó daoine ag baint leasa as iompar poiblí, ag cuidiú le hastaíochtaí GHG a laghdú tuilleadh.

Baineann Oibreacha Bonneagair Chonair Bhus Lárnach cuspóirí an tionscadail amach maidir le seirbhís iompair poiblí a sheachadadh atá éifeachtúil, ísealcharbóin, agus a bhfuil teacht aniar iontu ó thaobh aeráide de, ar bhealach a thacaíonn le spriocanna a hÉireann um astaíochtaí a laghdú a bhaint amach. Tá sé de mhianach ag an Scéim Bheartaithe, in éineacht le Scéimeanna Conairí Bus Lárnach eile astuithe GCT a laghdú go leibhéal arb ionann é agus thart ar 105,500 agus 209,100 turas cairr in aghaidh na seachtaine a bhaint den ghréasán bóithre sna blianta 2028 agus 2043, faoi seach. Is ionann é seo agus 'líon na gciliméadar a thaistealaíonn feithiclí a laghdú, úsáid breoslaí a laghdú, agus líon na dturas iompair inbhuanaithe agus an cion módach a mhéadú ar bhealach nach beag de réir Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide 2023 (CAP) (DCCAE 2022). Baintear de thátal as, go carnach, go gcuirfidh Oibreacha Bonneagair Chroí-Chonair Bhus go mór le laghdú carbóin.

Tá measúnú déanta sa chuid seo ar na hathruithe féideartha ar thorann tráchta mar gheall ar na tionchair charnacha ar thrácht na Céime Oibríochtúla agus cuireadh i gcomparáid iad leis na cinn a measúnaíodh don Scéim Beartaithe neamhspleách. Baineadh de thátal as an measúnú go mbeidh tionchar níos measartha le brath i gcaitheamh na bliana oscailte, 2028, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma nuair a dhéantar comparáid leis an Scéim Bheartaithe neamhspleách. Beidh bóthar amháin faoi réir tionchar measartha go suntasach freisin le linn an ghearrthéarma agus an mheántéarma nuair a dhéantar comparáid leis an Scéim Bheartaithe neamhspleách. Le linn na bliana dearaí, 2043, tá an méid tráchta níos ísle ná an bhliain oscailte thar an ngréasán bóithre mórthimpeall agus mar thoradh air seo beidh níos lú tionchar réamhbheartaithe ar na bóithre sainaitheanta céanna. Ar a bharr sin, tugtar faoi deara sa mheasúnú tionchair ar Thorann agus ar Chreathadh go mbeidh laghdú foriomlán breise ar astuithe torainn mar gheall ar an laghdú a tháinig ar thorann innill a bhaineann leis an bhflít feithiclí leictreacha amach anseo.

Bíodh is gur sainaithníodh sa mheasúnú Tírdhreacha (Bailedhreacha) & Amhairc go gcuideoidh cur i bhfeidhm an mhaolaithe atá beartaithe le héifeachtaí carnacha a laghdú agus gnéithe fiúntacha coinnithe a chosaint, tá an fhéidearthacht fós ann go dtarlóidh tionchair charnacha mheasartha, shuntasacha, dhiúltacha, ghearrthéarmacha maidir le seacht mórthionscadal eile in éineacht leis an Scéim Bheartaithe. Meastar go mbeidh éifeachtaí carnacha meántréimhseacha agus fadtréimhseacha measartha nó suntasach agus dearfach.

Baineann an t-aon tionchar carnach oibríochta suntasach eile a aithníodh anuas ar an scéim aonair le sláinte an duine. Maidir leis na tograí don Phlean le haghaidh Ghréasán Rothaíochta Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus do na 11 scéim Chroí-Chonairí Bus eile agus don Scéim Bheartaithe, meastar go bhfuil siad comhlántach lena chéile agus go bhféadfadh éifeacht charnach thairbheach a bheith acu trí thaisteal aclaíochta agus níos mó daoine a spreagadh chun iompair phoiblí a úsáid, trí rogha bealaí a chur ar fáil. I bhfianaise an daonra ollmhóir a d’fhéadfadh leas a bhaint as na moltaí, meastar go mbeidh na tionchair charnacha dearfach, suntasach agus fadtéarmach ar chúrsaí shláinte i gcás Phlean Gréasáin Raonta Rothar do Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath agus dearfach, an-suntasach agus fadtéarmach i gcás na 11 Scéim Conaire Bus Lárnach eile.

Bíonn idirghníomhaíochtaí tionchair suntasacha idir na hábhair daonra, sláinte an duine, caighdeán an aeir, torann agus creathadh agus trácht agus iompar. Sna measúnuithe a dhéantar ar gach ceann de na hábhair sin, breithnítear ar na hidirghníomhaíochtaí sin go díreach agus go hindíreach Mar fhachtóir comhshaoil tá caidreamh nádúrtha ag cúinsí , tírdhreacha agus amhairc le gach fachtóir comhshaoil eile. Is caidrimh dhíreacha cuid acu, m.sh. tionchair daonra agus amhairc; bithéagsúlacht agus tírdhreach; talamh, ithreacha agus uisce agus tírdhreach; nó an suíomh timpeall ar ghnéithe na hoidhreachta cultúrtha srl. D’fhéadfadh cinn eile a bheith indíreach, m.sh. sláinte an duine, cáilíocht aeir agus tírdhreach, sócmhainní ábhartha agus gnéithe tírdhreacha agus amhairc. Tá na hidirghníomhaíochtaí féideartha seo ionchorpraithe sna measúnuithe ábhartha.

# 9. Cad a tharlóidh anois?

Féadtar an t-iarratas do chead/faomhadh, an TMTT seo agus an Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a fheiceáil / a íoslódáil ar an ngréasán seo a leanas: https://tallaghtclondalkinscheme.ie

Chomh maith leis sin féadtar an t-iarratas seo a iniúchadh saor in aisce nó a cheannach ar tháille chuí a íoc (ní ghabhfaidh an táille thar an gcostas réasúnach de chóip den sórt sin a dhéanamh) ar feadh tréimhse 8 seachtaine dar tús dáta foilsithe na Scéime Beartaithe. Is féidir teacht ar níos mó eolais ar na socruithe seo ag https://tallaghtclondalkinscheme.ie

Féadtar aighneachtaí nó breathnóireachtaí a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (Roinn Bonneagair Straitéisigh), 64 Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 le haghaidh tréimhse 8 seachtaine dar tús dáta fhoilsithe na Scéime Beartaithe maidir le:

- Na héifeachtaí dóchúla ar an timpeallacht den Scéim Bheartaithe;
- Na himpleachtaí den Scéim Bheartaithe maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe sa cheantar a bhfuil sé beartaithe go mbeidh an Scéim Bheartaithe lonnaithe ann; agus
- Na héifeachtaí díobhálacha dóchúla den Scéim Bheartaithe ar Shuíomh Eorpach.

Féadfar leis an mBord, i dtaca le hiarratas atá curtha isteach le faomhadh faoi Rannóg 51 d'Acht na mBóithre 1993 (arna leasú), le hordú, an Scéim Bheartaithe a fhaomhadh, le nó gan (h)athruithe agus ag brath ar choinníollacha timpeallachta ar leith a cheaptar oiriúnach, nó féadfar diúltú leis an Scéim Bheartaithe a fhaomhadh.

Uimhreacha Caibidle agus Teidil Leabaithe le haghaidh Crostagartha Uathoibrithe. **Ná bain nó ná scrios.**

Caibidil 1 (Réamhrá)

Caibidil 2 (Gá leis an Scéim Bheartaithe)

Caibidil 3 (Breithniú Roghanna Réasúnta Eile)

Caibidil 4 (Cur Síos ar an Scéim Bheartaithe)

Caibidil 5 (Tógáil)

Caibidil 6 (Trácht agus Iompar)

Caibidil 7 (Caighdeán Aeir)

Caibidil 8 (Aeráid)

Caibidil 9 (Torann & Creathadh)

Caibidil 10 (Daonra)

Caibidil 11 (Sláinte Daoine)

Caibidil 12 (Bithéagsúlacht)

Caibidil 13 (Uisce)

Caibidil 14 (Talamh, Ithreacha, Geolaíocht & Hidrigeolaíocht)

Caibidil 15 (Oidhreacht Seandálaíochta & Chultúrtha)

Caibidil 16 (Oidhreacht Ailtireachta)

Caibidil 17 (Tírdhreach (Bailedhreach) & Amhairc)

Caibidil 18 (Dramhaíl & Acmhainní)

Caibidil 19 (Sócmhainní Ábhair)

Caibidil 20 (Riosca Timpistí agus / nó Tubaistí Móra)

Caibidil 21 (Tionchair Charnacha & Idirghníomhaíochtaí Timpeallachta)

Caibidil 22 (Achoimre ar Bhearta Maolaithe agus Monatóireachta)

Caibidil 23 (Achoimre ar Thionchair Iarmharacha Shuntasacha)